**GA**

**GA** **GA**

COIMISIÚN NA gCOMHPHOBAL EORPACH

An Bhruiséil 4.3.2009
COIM(2009) 31 leagan deireanach/2

2009/0006 (COD)

CORRIGENDUM:
Annule et remplace le document COM(2009) 31 final du 30.1.2009
Concerne toutes les versions linguistiques:
erreur au niveau du titre sur la page de couverture

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le hainmneacha teicstílí agus lipéadú gaolmhar táirgí teicstíle**

{SEC(2009)91}
{SEC(2009)90}

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. CÚLRA DON TOGRA

Tháinig moladh chun athbhreithniú a dhéanamh ar reachtaíocht ainmneacha teicstílí chun tosaigh le blianta beaga anuas mar thoradh ar an taithí ar leasuithe teicniúla chun ainmneacha snaithíní nua a thabhairt isteach sna Treoracha atá ann cheanna. Taispeánann an taithí seo go raibh deis ann an creat dlí reatha a shimpliú agus tionchar dearfach a imirt ar gheallsealbhóirí príobháideacha agus ar riaracháin phoiblí. Is í aidhm don athbhreithniú seo ar an reachtaíocht an creath dlí reatha a shimpliú agus a fheabhsú chun nua-shnáithíní a fhorbairt d'fhonn nuáil san earnáil teicstíle agus éadaigh a spreagadh agus caoi a thabhairt d'úsáideoirí snáithíní agus do thomhaltóirí tairbhe a bhaint as tairgí nuála níos luaith.

Ina theannta sin, feabhsóidh an t-athbhreithniú atá á mholadh trédhearcacht an phróisis lena gcuirtear le liosta na n-ainmneacha snaithíní comhchuibhithe. Ag an am céanna, tabharfaidh sé isteach tuilleadh solúbthachta chun reachtaíocht a chur in oiriúint do na riachtanais teicneolaíochta a mheastar a bheidh ann in earnáil na dteicstílí.

Níl sé mar chuspóir ag an t-athbhreithniú reachtaíocht AE a shíneadh amach go ceangaltais eile maidir le lipéadú nach iad comhdhéanamh snáithíneach agus den chomhchuibhiú ainmneacha snaithíní teicstílí na Treoracha atá ann cheanna.

Fógraíodh an t-athbhreithniú ar reachtaíocht AE maidir le teicstílí a ainmniú agus a lipéadú[1] le linn 2006 in *First progress report on the strategy for the simplification of the regulatory environment*(An chéad tuarascáil ar dhul chun cinn maidir leis an straitéis chun an timpeallacht rialúcháin a shimpliú).[2] Cuireadh an tuarascáil sin san áireamh i gClár Reachtach agus Oibre an Choimisiúin 2008.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA

De bharr raon feidhme teoranta an athbhreithnithe seo, rinneadh comhchomhairliúchán sonraithe leis na páirtithe leasmhara. Ghlac raon leathan geallsealbhóirí páirt sa phróiseas comhairliúcháin: comhlachais tionscail agus miondíola, ceardchumainn, eagraíochtaí tomhaltóra, comhlachtaí Eorpacha um chaighdeánú, mar aon le riaracháin náisiúnta[3].

Iarradh ar gehallsealbhóirí agus ar ionadaithe na mBallstát a dtuairimí, moltaí agus tograí a nochtadh le linn tréimhse idir Éanair agus Lúnasa 2008, faoi chuimsiú na cruinnithe a d'eagraigh seirbhísí an Choimisiúin agus i scríbhinn.

---

1 Treoracha 96/74/CE (arna leasú), 96/73/CE (arna leasú) agus 73/44/CEE.

2 Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin COIM (2006) 690 leagan deireanach

3 CIRFS/BISFA (Biúró Idirnáisiúnta um Chaighdeánú ar Snáithíní de dhéantús an duine), Euratex, AEDT (Comhlachas Eorpach na nEagraíochtaí Náisiúnta do Miondíoltóirí Teicstílí), Ceardchumainn, ANEC (An Comhlachas Eorpach um Chomhordú Ionadaíochta Tomhaltóir maidir le Caighdeánú), BEUC (Biúró Eorpach na gCumann Tomhaltóirí), CEN (Coiste Eorpach um Chaighdeánú), Ionadaithe na mBallstát.

Tá na geallsealbhóirí den tuairim go bhfuil sé tábhachtach ainmneacha snáithín nua a thabhairt isteach sa reachtaíocht Eorpach chun nuáil sa tionscadal in Eoraip a chur chun cinn agus chun go mbeidh tomhaltóirí thuas leis a fhad a bhaineann leis an eolas a thugtar dóibh. Mar sin féin, ní thugann an t-ábhar polaitiúil de leasuithe teicniúla ar reachtaíocht Ainmneacha Teicstílí údar maith leis na nósanna imeachta troma nó leis na hardchostais a bhaineann le trasuí treorach; dá bhrí sin, ba chóir go n-úsáidfí réiteach reachtaíochta níos éadroma.

Cuireadh torthaí an phróisis chomhairliúcháin ar fáil sa Mheasúnú Iarmharta agus sna hiarscríbhinní a ghabhann leis.

## 3. MEASÚNÚ IARMHARTA

I bhfianaise na dtorthaí a d'eascair as chomhchomhairliúchán na geallsealbhóirí agus as an staidéar *Simplification of EU legislation in the field of Textile Names and Labelling – an Impact Assessment of policy options* (Simpliú reachtaíocht an AE maidir le Teicstílí a ainmniú agus a lipéadú – Measúnú Iarmharta ar roghanna beartas)[4], rinne an Coimisiún measúnú iarmharta ar na roghanna beartais áirithe chun na cuspóirí atá leagtha amach thuas a bhaint amach.

Rinne Bord an Choimisiúin Eorpaigh um Measúnú Iarmharta measúnú ar dhréacht-leagan den mheasúnú iarmharta seo i Lúnasa 2007 agus d'fhormheas an Bord é faoi réir roinnt modhnuithe[5].

D'eascair na conclúidí seo a leanas as an anailís a rinneadh ar na roghanna éagsúla agus ar an tionchar a bheadh acu agus as comparáid a rinneadh eatarthu:

- Treoir maidir le ábhair an chomhaid iarratais agus aitheantas do saotharlanna a áireamh chun cuidiú le comhlachtaí an comhad a thiomsú; léiríonn siad seo na buntáistí a d'fhéadfadh a bheith ann dá mbeadh mar thoradh orthu go gcuirfí isteach comhaid iarratais ar bhealach a luíonn níos fearr le ceangaltais sheirbhísí an Choimisiúin. D'fhéadfadh sé seo laghdú ama tábhachtacha a dhéanamh do thionscadal agus d'údaráis phoiblí.

- Eascraíonn na buntáistí is mó do thionscadal as laghdú ar an méid ama a ghlactar idir iarratais ar ainm snáithín nua a chur isteach agus a bheith in ann an snáithín a chur ar an mhargadh faoin ainm nua. Ciallaíonn sé seo laghdú ar chostais riaracháin agus ioncaim a fháil níos luaithe nuair a dhíoltar an snáithín.

- Leanann na buntáistí is mó d'údaráis na mBallstát as Rialachán a chur in áit Treorach, mar níor ghá le leasuithe a thrasuí go reachtaíocht náisiúnta. D'fhéadfadh sé seo coigilteas costais suntasacha a chruthú do na Ballstáit

- Coimeádfaidh an t-athbhreithniú seo na buntáistí do tomhaltóirí, ag cinntiú go mbeidh saintréithe áirithe ann. Freisin, d'fhéadfadh tomhaltóirí sochair a bhaint as snáithíní nua a theacht níos luaith ar an margadh.

---

4 Ar fáil ag: http://ec.europa.eu/enterprise/automotive/index_en.htm
5 http://ec.europa.eu/governance/impact/iab_en.htm

## 4. BUNÚS DLÍ AGUS COIMHDEACHT

Is ar Airteagal 95 de Chonradh CE atá reachtaíocht an AE maidir le Teicstílí a ainmniú agus a lipéadú bunnaithe. Is é atá mar aidhm leis margadh inmheánach a bhunú do tháirgí teicstíle agus cinntiú go bhfaighfidh tomhaltóirí an faisnéis cuí.

D'aithin na Ballstáit sna 1970í an gá atá le reachtaíocht Chomhphobail maidir le hainmneacha teicstíle a chomhchuibhiú. Chruthódh ainmneacha snaithíní teicstílí nach bhfuil comhchuibhithe sna Ballstáit constaicí teicniúla ar thrádáil sa Mhargadh Inmheánach. Leis sin, bheadh cosaint níos fearr ar leasanna tomhaltóirí dá mbeadh an fháisnéis a sholáthraítear san earnáil laistigh den Mhargadh Inmheánach mar an gcéanna.

Ní athraíonn an togra reatha an meá pholaitiúil idir Ballstáit agus an AE. Déanfar foráil do choiste a bheidh de chúnamh ag an gCoimisiún agus a thabharfaidh tuairim uaidh maidir leis na bearta cur chun feidhme atá beartaithe chun an Rialachán seo a leasú. Mar sin atá i gcas treoracha atá ann cheanna.

## 5. PRÍOMHGHNÉITHE AN TOGRA AGUS ATHRUITHE AR AN REACHTAÍOCHT REATHA MAIDIR LE TEICSTÍLÍ A AINMNIÚ AGUS A LIPÉADÚ.

Is féidir an achoimre seo a leanas a dhéanamh ar na príomhathruithe ar an reachtaíocht atá ann cheana:

### 5.1. An próiseas reachtaíochta a éascú d'fhonn reachtaíocht a oiriúnú d'ascnamh teicniúil

*5.1.1. Rialachán a dhéanamh de Threoir 96/74/CE*

Is gá reachtaíocht an AE maidir le teicstílí a ainmniú agus a lipéadú a oiriúnú gach uair a chuirtear ainm snaithín nua leis an liosta na n-ainmneacha comhchuibhithe; is de chineál teicniúil iad na hathruithe sin agus is féidir iad a thabhairt isteach ar bhealach níos simplí i bhfoirm Rialacháin, agus ar an dóigh sin, an t-ualach riaracháin atá ar údaráis náisiúnta a laghdú.

*5.1.2. Treoracha maidir le modhanna a aisghairm agus iarscríbhinní teicniúla a dhéanamh dóibh*

Tá modhanna cáinníochtaithe riachtanach chun an t-eolas a sholáthraítear ar an lipéad comhdhéanamh a dhearbhú. Caithfear na modhanna seo a choinneál suas chun dáta, ag tabhairt ainmneacha snáithíní nua san áireamh. An t-ábhar teicniúil mionsonraithe san áireamh, is i bhfoirm Iarscríbhinní den príomh-Rialachán an chaoi is fearr tabhairt faoi sin.. Dá bhrí sin, aisghairtear le hAirteagal 22 Treoracha 96/73/CE agus 73/44/CEE agus folaítear leis an Rialachán beartaithe Iarscríbhinn VIII, ina leagtar síos modhanna aonfhoirmeacha a úsáidtear i scrúduithe oifigiúla.

### 5.2. An tréimhse a ghearradh idir iarratas a chur isteach agus an ainm snáithín nua a ghlacadh

Ionas gur féidir le monaróirí snáithíní, úsáideoirí snáithíní agus tomhaltóirí tairbhe a bhaint as úsáid nua-shnáithíní agus as tairgí nuála ar bhealach níos tapúla, ba chóir ainmneacha snaithíní nua a ghlacadh faoi Reachtaíocht an AE níos gasta. Comh

maith leis an ama a shabháil le Rialachán a dhéanamh de Treoir 96/74/CE, d'fhéadfaí an t-am is gá chun iarratais ar ainmneacha snaithíní nua a mhionscrúdú go teicniúil a laghdú. Féadfar seo a dhéanamh má bhíonn comhaid iarratais arna chur isteach ag monaróirí cruinn ceart ó thaobh na gceanglas a chaithfear a chomhlíonadh.

*5.2.1. Na híoscheanglas maidir le iarratas ar ainm snaithín nua*

Le hAirteagal nua (Airteagal 6) bunaítear an nós imeachta a bheidh ar mhonaróir a leanúint chun iarratais a dhéanamh ar ainm snaithín nua a chur leis na hIarscríbhinní theicniúil den Rialachán. Ní mór don monaróir comhad iarratais a chur faoi bhráid an Choimisiúin, ag féachaint do na híoscheanglais atá leagtha síos in Iarscríbhinn II.

*5.2.2. Tuarascáil ar chur chun feidhme an Rialacháin*

Tá foráil déanta in Airteagal 21 do thuarascáil ar chur chun feidhme an Rialacháin, a bheidh le hullmhú ag an gCoimisiún tar éis tréimhse cúig bliana. Díreofar an tuarascáil ar mheasúnú a dhéanamh ar an taithí a eascraíonn as na hiarratais ar ainmneacha snaithíní nua a gheobhtar le linn na tréimhse sin. Leis sin, scrúdófar an féidir a thuilleadh bhuntáistí ama a ghnóthú trí bhithin na nósanna imeachta ata beartaithe a athbhreithniú.

## 5.3. Athruithe eile

Diomaite de na leasuithe atá leagtha amach faoi phointe 5.1 agus 5.2, rinneadh achoimriú ar ábhar na reachtaíochta atá ann cheanna ag luí leis na caighdeáin reachtaíochta is déanaí chun a infheidhmeacht díreach a éascú agus chun cinntiú go mbeidh saoránaigh, oibreoirí eacnamaíocha agus údaráis phoiblí in ann a gcearta agus a ndualgais a aithint go heasca.

Is iad seo a leanas na hathruithe substainteacha a rinneadh ar an togra:

- In Airteagal 1 tugtar isteach ábhar an rialacháin

- Folaítear in Airteagal 3 sainmhínithe breise

- In Airteagal 4 leagtar amach na hoibleagáidí ginearálta maidir le táirgí teicstíle an a chur ar an margadh

- In Airteagal 11 (2) dearbhaítear go sainráite freagracht na n-oibreoirí eacnamaíocha an lipéad a sholáthar agus a bhfreagracht maidir leis an bhfaisnéis ar an lipéad sin.

- In Airteagal 14 tagraítear do fhorálacha speisialta le hIarscríbhinn theicniúil, ina mínítear rialacha mionsonraithe maidir le táirgí teicstíle áirithe.

- Ar an gcuma chéanna, in Airteagal 16 maidir le hearraí atá eisiata ó chinntiú inneachar snáithíneach táirgí teicstíle tá tagairt ann d'iarscríbhinn theicniúil.

- In Airteagal 17 leagtar amach na forálacha um fhaireachas margaidh

- In Airteagal 18 sonraítear na snáithíní seachtracha agus na lamhháltas monaraíochta

## 6. LEASUITHE ATÁ Á NDÉANAMH FAOI LÁTHAIR AR TREORACHA TEICSTÍLÍ

Sa bhliain 2006, fuair seirbhísí an Choimisiúin iarratas ar ainm snáithín nua 'meilimín' a chur le hIarscríbhinní Threoir 96/74/CE. Ag cruinnuithe thurgnaimh agus teicniúla de chuid an ghrúpa oibre, ina raibh saineolaithe de chuid na mBallstát, bhí comhthoil ann gur iarratas iontaofa é go teicniúl. Is cuí dá bhrí sin Treoracha 96/74/CE agus 96/73/CE a oiriúnú d'ascnamh teicniúil.

De bhrí sin, leasófar Treoracha 96/74/CE agus 96/73/CE d'fhonn an t-ainm snáithín nua 'meilimín' a chur isteach sna hIarscríbhinní teicniúla. De réir Airteagal 16(1) de Treoir 96/74/CE agus de réir Airteagal 5(2) de Treoir 96/73/CE, cuirfidh an Coimisiún le hIarscríbhinn I agus II de Threoir 96/74/CE. Déanfaidh an Coimisiún breisithe agus leasuithe ar Iarscríbhinn II de Threoir 96/73/CE. Déanfar iad seo ar fad i gcomhréir le tuairim an Choiste um Threoracha a bhaineann le Teicstílí a ainmniú agus a lipéadú.

Táthar ag súil go rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an gCoiste fad is atá an togra seo le haghaidh Rialacháin nua á ghlacadh tríd an nós imeachta ag an gComhairle agus ag Parlaimint na hEorpa. Táthar ag súil go gcuirfear an snaithín nua 'meilimín' le hIarscríbhinní na dTreoracha tar éis tuairim fhabhrach a fháil ón gCoiste maidir le togra an Choimisiúin. Chun moilleanna neamhriachtanacha agus leasuithe breise a sheachaint, is iomchuí mar sin go dtugar san áireamh sa Rialachán nua an snaithín nua idir lúibíní [meilimín], faoi réir tuairime fabhraí ón gCoiste.

2009/0006 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN …/…/CE Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an […]**

**maidir le hainmneacha teicstílí agus lipéadú gaolmhar táirgí teicstíle**

**(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 95 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[6],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 251 den Chonradh[7],

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Leasaíodh arís agus arís eile Treoir 73/44/CEE ón gComhairle an 26 Feabhra 1973 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le hanailís chainníochtúil ar mheascáin thrínártha de shnáithíní[8], Treoir 96/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1996 maidir le modhanna áirithe chun anailís chainníochtúil a dhéanamh ar mheascáin dhénártha de shnáithíní teicstíle[9] agus Treoir 96/74/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1996 maidir le hainmneacha teicstílí (athmhúnlú)[10]. Ós rud é go bhfuil leasuithe breise le déanamh, ba cheart aon ionstraim dlí amháin a chur ina n-ionad, ar mhaithe le soiléire.

(2) Tá reachtaíocht an Chomhphobail maidir le hAinmneacha Teicstílí agus Lipéadú gaolmhar Táirgí Teicstíle an-teicniúil ó thaobh an inneachair de, agus tá forálacha mionsonraithe ann nach mór a chur in oiriúint go rialta. D'fhonn nach gá do Bhallstáit na leasuithe teicniúla a thrasuí sa reachtaíocht náisiúnta agus chun an t-ualach riaracháin ar údaráis náisiúnta a laghdú amhlaidh agus ionas gur féidir a chur i bhfeidhm ag an am céanna ar fud an Chomhphobail go nglacfar ainmneacha snáithíní nua ar bhealach níos tapúla, is dealraitheach gur Rialachán an ionstraim dlí is iomchuí chun an simpliú reachtaíochta a dhéanamh.

---

6 IO C , , lch. .

7 IO C , , lch. .

8 IO L 83, 30.3.1973, lch. 1

9 IO L 32, 03.2.1997, lch. 1.

10 IO L 32, 3.2.1997, lch. 38.

(3) Ionas go ndíchuirfear bacanna a d'fhéadfadh cur isteach ar fheidhmiú ceart an mhargaidh inmheánaigh agus atá ann de bharr forálacha éagsúla na mBallstát maidir le hainmneacha, comhdhéanamh agus lipéadú táirgí teicstíle, is gá ainmneacha snáithíní teicstíle a chomhchuibhiú mar aon leis na sonraí atá ar lipéid, na marcanna agus na doiciméid a ghabhann le táirgí teicstíle ag céimeanna éagsúla an táirgthe, na próiseála agus an dáilte.

(4) Is iomchuí rialacha a leagan síos chun é a chur ar chumas na monaróirí a iarraidh go gcuirfear ainm snáithín nua ar liosta ainmneacha na snáithíní atá ceadaithe.

(5) Ba cheart foráil a dhéanamh do tháirgí áirithe nach bhfuil déanta go huile is go hiomlán d'ábhair teicstíle ach ina bhfuil inneachar teicstíle ar dlúthchuid den táirge é nó ar a dtarraingíonn an monaróir, an próiseálaí nó an trádálaí aird shonrach.

(6) Maidir leis an lamháltas i leith 'snáithíní eile', snáithíní nach bhfuil luaite ar na lipéid, ba cheart go mbainfeadh sé le táirgí íona agus meascáin araon.

(7) Ba cheart go mbeadh sé éigeantach an comhdhéanamh a lipéadú chun a áirithiú go gcuirfear faisnéis cheart ar fáil do thomhaltóirí uile an Chomhphobail ar an leibhéal céanna. I gcás ina mbeidh deacracht theicniúil ag baint le comhdhéanamh táirge a shonrú tráth a mhonaraithe, ba cheart go bhféadfaí na snáithíní sin a bhfuiltear ar an eolas fúthu amháin a lua ar an lipéad ar choinníoll go bhfuil céatadán áirithe den táirge críochnaithe i gceist leo.

(8) Chun difríochtaí sa chleachtas i measc na mBallstát a sheachaint, is gá na modhanna lipéadaithe a leagan síos go beacht le haghaidh táirgí teicstíle áirithe ina bhfuil dhá chomhpháirteanna nó níos mó, agus chun comhpháirteanna táirgí teicstíle, nach gá a chur san áireamh chun críocha lipéadú agus anailíse, a shonrú.

(9) Maidir le táirgí teicstíle atá faoi réir ceanglas um lipéadú cuimsitheach amháin, agus maidir leo siúd a dhíoltar de réir an mhéadair nó arna ngearradh, ba cheart iad a chur ar díol sa bhealach go mbeidh an tomhaltóir in ann é féin a chur ar an eolas go hiomlán i dtaobh na sonraí ar an bhforphacáistíocht nó ar an rolla.

(10) Ba cheart go mbeadh úsáid tuairiscí agus ainmneacha a theachtann gradam ar leith i measc úsáideoirí agus tomhaltóirí faoi réir coinníollacha áirithe. Thairis sin, d'fhonn faisnéis a thabhairt d'úsáideoirí agus do thomhaltóirí, is iomchuí go mbeidh baint ag ainmneacha na snáithíní le saintréithe an tsnáithín.

(11) Ba cheart go mbeadh faireachán táirgí de réir raon feidhme an Rialacháin seo sna Ballstáit faoi réir fhorálacha Threoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Nollaig 2001 maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí[11].

(12) Is gá modhanna a leagan síos chun táirgí teicstíle a shampláil agus a anailísiú chun fáil réidh le haon fhéidearthacht go gcuirfí in aghaidh na modhanna arna n-úsáid. Ba cheart modhanna atá aonfhoirmeach ó thaobh réamhchóireáil an tsampla de mar aon leis an anailís chainníochtúil air a úsáid le haghaidh scrúduithe oifigiúla arna ndéanamh sna Ballstáit chun comhdhéanamh snáithíneach a chinneadh i leith táirgí teicstíle ina bhfuil meascáin dhénártha agus thrínártha; dá bhrí sin, ba cheart go

[11] IO L 35, 6.2.2004, lch. 39.

leagfadh an Rialachán seo modhanna aonfhoirmeacha síos chun anailís a dhéanamh i leith an chuid is mó de na táirgí teicstíle atá comhdhéanta de mheascáin dhénártha agus thrínártha ar an margadh.

(13) I gcás meascán dénártha nach bhfuil aon mhodh aonfhoirmeach anailíse ann dóibh ar leibhéal an Chomhphobail, ba cheart go mbeadh sé de chead ag an tsaotharlann atá freagrach as an tástáil comhdhéanamh meascán dá leithéidí a chinneadh trí bhíthin modha ar bith faoina réir atá bailí, ag léiriú sa tuarascáil anailíse na torthaí a fuarthas agus, chomh fada is atá ar eolas, beachtas an mhodha arna úsáid.

(14) Ba cheart go leagfadh an Rialachán seo amach an cion ceadaithe atá le cur i bhfeidhm ar mhais ainhidriúil gach snáithín agus inneachar snáithíneach táirgí teicstíle á chinneadh trí bhíthin anailíse, agus ba cheart go dtabharfadh sé dhá chion cheadaithe a bheadh éagsúil óna chéile chun comhdhéanamh snáithíní cardáilte nó spíonta ina bhfuil olann agus/nó fionnadh ainmhíoch a ríomh. Ós rud é nach féidir i gcónaí a chruthú an bhfuil táirge cardáilte nó spíonta, agus gur féidir, dá dhroim sin, torthaí míréireacha a fháil nuair a chuirtear an lamháltas i bhfeidhm i rith seiceálacha arna ndéanamh sa Chomhphobal ar chomhréireacht táirgí teicstíle, ba cheart go dtabharfaí údarás do na saotharlanna a dhéanann na seiceálacha sin aon chion ceadaithe amháin a chur i bhfeidhm i gcásanna a mbaineann amhras leo.

(15) Ba cheart rialacha a leagan síos i leith táirgí arna ndíolmhú ó na ceanglais ghinearálta maidir le lipéadú atá sa Rialachán seo, go háirithe táirgí indiúscartha nó táirgí óna dteastaíonn lipéadú cuimsitheach amháin.

(16) Is iomchuí nós imeachta a bhunú, nós imeachta a chomhlíonfaidh aon mhonaróir nó ionadaí monaróra ar mian leis ainm snáithín nua a chur isteach sna hIarscríbhinní teicniúla. Dá bhrí sin, ba cheart go leagfadh an Rialachán seo ceanglais amach maidir le hiarratas a dhéanamh chun ainm snáithín nua a chur isteach sna hIarscríbhinní teicniúla.

(17) Ba cheart na bearta is gá chun an Rialacháin seo a chur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir le Cinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 ag leagan síos na nósanna imeachta maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún[12].

(18) Go háirithe, ba cheart go dtabharfaí de chumhacht don Choimisiún oiriúnú d'ascnamh teicniúil a dhéanamh ar liosta ainmneacha na snáithíní agus na tuairiscí gaolmhara, na híoscheanglais i dtaobh an chomhaid theicniúil atá le cur in iarscríbhinn le hiarratas an mhonaróra ainm snáithín nua a chur ar liosta ainmneacha na snáithíní atá ceadaithe, na forálacha speisialta maidir le táirgí cóirséadóireachta agus cineálacha áirithe teicstílí, liosta na dtáirgí nach bhfuil lipéadú agus marcáil éigeantach ina leith, liosta na dtáirgí nach bhfuil ach lipéadú cuimsitheach nó marcáil chuimsitheach éigeantach ina leith, liosta na n-ítimí nach bhfuil le cur san áireamh chun céatadáin snáithíní a chinneadh, an cion ceadaithe arna úsáid chun mais na snáithíní i dtáirge teicstíle a ríomh, chomh maith le hoiriúnú a dhéanamh ar na modhanna atá ann nó modhanna nua a ghlacadh chun anailís chainníochtúil a dhéanamh ar mheascáin dhénártha agus thrínártha. Ós rud é go bhfuil raon feidhme ginearálta ag na bearta sin agus gur ceapadh iad chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, *inter alia* trína fhorlíonadh trí

[12] IO L 184, 17.7.1999, lch. 23.

eilimintí neamhriachtanacha nua a chur leis, ní mór iad a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú dá bhforáiltear in Airteagal 5a de Chinneadh 1999/468/CE.

(19) Ó tharla nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an ghnímh, mar atá rialacha aonfhoirmeacha a ghlacadh le haghaidh úsáid ainmneacha teicstílí agus lipéadú gaolmhar ar tháirgí teicstíle, a bhaint amach go leordhóthanach, agus gur fearr, de bharr fhairsinge na gníomhaíochta, is féidir é a bhaint amach ar leibhéal an Chomhphobail, féadfaidh an Comhphobal bearta a ghlacadh, de réir phrionsabal na coimhdeachta mar atá leagtha amach in Airteagal 5 den Chonradh. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar atá leagtha amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

(20) Ba cheart Treoracha 96/74/CE [nó athmhúnlú], 96/73/CE agus 73/44/CE a aisghairm,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

## Caibidil 1

## Forálacha ginearálta

*Airteagal 1*

**Ábhar**

Leis an Rialachán seo, leagtar síos rialacha maidir le húsáid ainmneacha teicstílí agus lipéadú gaolmhar ar tháirgí teicstíle, chomh maith leis na rialacha maidir le hanailís chainníochtúil a dhéanamh ar mheascáin dhénártha agus thrínártha de shnáithíní teicstíle.

*Airteagal 2*

**Raon feidhme**

1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le táirgí teicstíle.

Tá feidhm aige maidir leis na táirgí seo a leanas freisin:

(a) táirgí ar snáithíní teicstíle 80% ar a laghad dá meáchan;

(b) clúdaigh troscáin, scáthanna fearthainne, parasól ar comhpháirteanna teicstíle 80% ar a laghad dá meáchan;

(c) na comhpháirteanna teicstíle i gclúdaigh urláir ilchisealacha, i dtochtanna agus in earraí campála, agus teo-líneálacha coisbhirt, lámhainní, miotáin agus miotóga, ar choinníoll gur 80% ar a laghad iad na comhpháirteanna seo den táirge críochnaithe de réir meáchain.

(d) teicstílí arna n-ionchorprú i dtáirgí eile agus ar dlúthchuid de na táirgí sin iad, sa chás go bhfuil a gcomhdhéanamh sonraithe.

2. Níl feidhm ag forálacha an Rialacháin seo maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) earraí teicstíle a bheartaítear a onnmhairiú go tríú tíortha;

(b) earraí teicstíle a thagann isteach i mBallstáit, faoi rialú custam, chun idirthuras a dhéanamh;

(c) earraí teicstíle a allmhairítear ó thríú tíortha le haghaidh próiseála isteach;

(d) earraí teicstíle a ligtear amach ar conradh le daoine atá ag obair ina dtithe féin, nó le gnóthais neamhspleácha a dhéanann suas obair ó ábhar arna sholáthar gan an mhaoin ann a bheith aistrithe lena meas.

*Airteagal 3*

**Sainmhínithe**

1. Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'táirgí teicstíle' aon táirgí amha, leath-oibrithe, oibrithe, leathmhonaraithe, monaraithe, leathdhéanta suas nó déanta suas atá go huile is go hiomlán déanta de shnáithíní teicstíle, is cuma cé acu próiseas measctha nó cóimeála a úsáidtear;

(b) ciallaíonn 'snáithíní teicstíle' ceann de na nithe seo a leanas:

(i) aonad maise ag a bhfuil saintréithe mar atá solúbthacht, míne agus fad mór os coinne a uastoise thrasnaigh, rud a fhágann go bhfuil sé oiriúnach do fheidhmeanna teicstíleacha;

(ii) stiallacha solúbtha nó tiúbáin sholúbtha nach mó a léir-leithead ná 5 mm, stiallacha arna ngearradh ó stiallacha nó scannáin níos leithne san áireamh, agus arna dtáirgeadh as na substaintí a úsáidtear chun na snáithíní atá luaite i dtábla 2 in Iarscríbhinn I a mhonarú agus atá oiriúnach do fheidhmeanna teicstíleacha.

(c) ciallaíonn 'léir-leithead' leithead na stéille nó an tiúbáin arna bhfilleadh, arna leacadh, arna gcomhbhrú nó casadh, nó an meánleithead sa chás nach bhfuil an leithead comhionann;

(d) ciallaíonn 'comhpháirt theicstíle' cuid de tháirge teicstíle ag a bhfuil inneachar snáithíneach leithleach;

(e) ciallaíonn 'snáithíní seachtracha' snáithíní nach iad na snáithíní atá luaite ar an lipéad iad;

(f) ciallaíonn 'líneálacha' ítim ar leith arna húsáid agus baill éadaigh agus táirgí eile á ndéanamh suas, ítim ina bhfuil ciseal amháin nó níos mó ná ciseal amháin d'ábhar teicstíle atá á choinneáil ina ionad go scaoilte feadh imill amháin nó níos mó ná imeall amháin;

(g) ciallaíonn 'lipéadú cuimsitheach' modh lipéadaithe ina n-úsáidtear lipéad amháin le haghaidh roinnt táirgí teicstíle nó comhpháirteanna teicstíle;

(h) ciallaíonn 'táirgí indiúscartha' táirgí teicstíle arna gceapadh lena n-úsáid aon uair amháin nó ar feadh tréimhse teoranta ama, agus a gcuireann a ngnáthúsáid bac ar a n-athchóiriú le húsáid arís chun na críche céanna nó chun críche comhchosúla.

*Airteagal 4*

**Rialacha ginearálta**

1. Ní féidir táirgí teicstíle a mhargú laistigh den Chomhphobal, roimh a bpróiseáil thionsclaíoch ná lena linn ná ag céim ar bith den dáileadh, ach amháin sa chás go bhfuil táirgí dá leithéidí arna lipéadú i gcomhréir le forálacha an Rialacháin seo.

2. Beidh cur i bhfeidhm an Rialacháin seo gan dochar do chur i bhfeidhm na rialacha náisiúnta agus Comhphobail maidir le maoin tionscail agus tráchtála a chosaint, maidir le sonraí bunáitíochta, comharthaí tionscnaimh agus cosc a chur ar iomaíocht éagórach.

## Caibidil 2

## Snáithíní teicstíle agus ceanglais maidir le lipéadú gaolmhar

*Airteagal 5*

**Ainmneacha snáithíní teicstíle**

1. Ní úsáidfear ach ainmneacha snáithíní atá liostaithe in Iarscríbhinn I chun an comhdhéanamh a lipéadú.

2. Déanfar úsáid na n-ainmneacha arna liostú in Iarscríbhinn I a fhorchoimeád do shnáithíní a luíonn a nádúr leis an tuairisc atá leagtha amach san Iarscríbhinn sin.

Ní úsáidfear na hainmneacha le haghaidh snáithíní eile, is cuma cé acu ina n-aonar nó mar fhréamh nó mar aidiacht é.

Ní fhéadtar an téarma 'síoda' a úsáid chun cruth snáithíní teicstíle ná soláthar snáithíní teicstíle mar shnáithe leanúnach a chur in iúl.

*Airteagal 6*

**Iarratais ar ainmneacha snáithíní nua**

Féadfaidh monaróir ar bith nó a ionadaí iarratas a dhéanamh leis an gCoimisiún ainm snáithín nua a chur leis an liosta atá leagtha amach in Iarscríbhinn I.

Beidh comhad teicniúil arna thiomsú i gcomhréir le hIarscríbhinn II ar áireamh san iarratas.

*Airteagal 7*

**Táirgí íona**

1. Ní fhéadfar ach táirgí teicstíle atá go huile is go hiomlán déanta den snáithín céanna a lipéadú mar '100%', 'íon' nó 'ar fad'.

Ní úsáidfear na téarmaí sin ná téarmaí dá samhail le haghaidh táirgí eile.

2. Glactar leis go bhfuil táirge teicstíle déanta go huile is go hiomlán den snáithín céanna má tá suas le 2% de réir meáchain de shnáithíní eile ann, ar choinníoll go bhfuil call leis an gcainníocht seo ar fhoras teicniúil agus nach gcuirtear isteach í mar ghnáthamh.

Faoin gcoinníoll céanna, glactar leis go bhfuil táirge teicstíle, ar a ndearnadh próiseas cardála, go huile is go hiomlán déanta den snáithín céanna má tá suas le 5% de réir meáchain de shnáithíní eile ann.

*Airteagal 8*

**Táirgí olla**

1. Féadfar táirge teicstíle a lipéadú le ceann de na hainmneacha dá dtagraítear in Iarscríbhinn III ar choinníoll go bhfuil sé déanta go huile is go hiomlán de shnáithín olla nach bhfuil arna ionchorprú roimhe sin i dtáirge críochnaithe, nach ndearnadh aon phróiseas snite agus/nó feiltithe air seachas iad siúd lena bhfuil gá chun an táirge sin a mhonarú, agus nach ndearnadh aon damáiste dó trína chóireáil ná a úsáid.

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfar na hainmneacha atá liostaithe in Iarscríbhinn III a úsáid chun tuairisc a dhéanamh ar olann atá i meascán snáithíní má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas ar fad:

(a) go gcomhlíonann an olann ar fad atá sa mheascán na ceanglais atá sainithe i mír 1;

(b) nach lú ná 25% de mheáchan iomlán an mheascáin an olann sin;

(c) i gcás meascán scrábáilte, nach bhfuil an olann measctha ach le snáithín amháin eile;

Ní mór an comhdhéanamh iomlán de réir céatadáin a thabhairt le haghaidh meascáin dá leithéid.

3. Ní mó ná 0,3% a bheidh sna neamhíonachtaí snáithíneacha sna táirgí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, lena n-áirítear táirgí olla ar a ndearnadh próiseas cardála, agus lena mbeidh call de bharr cúiseanna teicniúla a bhaineann leis an monarú.

*Airteagal 9*

**Táirgí teicstíle ilsnáithíneacha**

1. Déanfar lipéadú ar cheann amháin de na bealaí a leanas ar tháirge teicstíle atá déanta de dhá shnáithín nó níos mó, agus ar 85% ar a laghad den mheáchan iomlán é snáithín amháin acu:

(a) ainm an tsnáithín ar 85% ar a laghad é den mheáchan iomlán agus a chéatadán de réir meáchain ina dhiaidh;

(b) ainm an tsnáithín ar 85% ar a laghad é den mheáchan iomlán agus na focail 'íosmhéid 85%' ina dhiaidh;

(c) comhdhéanamh iomlán an táirge de réir céatadáin.

2. Déanfar táirge teicstíle atá déanta de dhá shnáithín nó níos mó, agus nach 85% ar a laghad den mheáchan iomlán é ceann ar bith acu, a lipéadú leis an ainm agus an céatadán de réir meáchain atá i gceist le, ar a laghad, dhá shnáithín ag a bhfuil an céatadán is airde de réir meáchain, agus ainmneacha na snáithíní eile ar comhábhair iad ina dhiaidh in ord íslitheach de réir an chéatadáin de réir meáchain, agus an céatadán de réir meáchain sin arna lua nó gan lua.

Mar sin féin, beidh feidhm ag na rialacha seo a leanas:

(a) maidir le snáithíní ar lú ná 10% de mheáchan iomlán táirge iad de réir meáchain agus ar bhonn leithleach, féadfar iad a ainmniú i dteannta a chéile leis an téarma 'snáithíní eile', agus an céatadán iomlán de réir meáchain ina dhiaidh sin;

(b) sa chás go sonraítear snáithín ar lú ná 10% de mheáchan iomlán an táirge é, ní mór comhdhéanamh iomlán an táirge de réir céatadáin a lua.

3. Maidir le táirge ina bhfuil dlúth cadáis íon agus inneach lín íon, inarb ionann céatadán an lín agus ar a laghad 40% de mheáchan iomlán na fabraice neamhbhiánaithe, féadfar an t-ainm 'cumasc cadáis lín' a chur air agus ní mór sonraí an chomhdhéanaimh a chur leis, mar atá 'dlúth cadáis íon – inneach lín íon'.

4. Le haghaidh táirgí teicstíle nach bhféadtar a gcomhdhéanamh a chinneadh gan dua tráth a monaraithe, féadfar an téarma 'snáithíní measctha' nó an téarma 'comhdhéanamh teicstíle gan sonrú' a úsáid ar an lipéad.

*Airteagal 10*

**Snáithíní maisiúla agus snáithíní ag a bhfuil éifeacht fhrithstatach**

Maidir le snáithíní inleithlisithe infheicthe atá ann ar mhaithe le maisiú amháin agus nach mó ná 7% de mheáchan an táirge chríochnaithe iad, ní gá iad a lua sna comhdhéanaimh snáithíneacha dá bhforáiltear in Airteagail 7 agus 9.

Is amhlaidh a bheidh maidir le snáithíní miotalacha agus snáithíní eile a ionchorpraítear d'fhonn éifeacht fhrithstatach a fháil agus nach mó ná 2% de mheáchan an táirge chríochnaithe iad.

I gcás na dtáirgí dá dtagraítear in Airteagal 9(3), déantar céatadáin dá leithéidí a ríomh de réir mheáchan an dlúith agus mheáchan an innigh ar bhonn leithligh.

*Airteagal 11*

**Lipéadú agus marcáil**

1. Má chuirtear táirgí teicstíle ar an margadh, déanfar iad a lipéadú nó a mharcáil.

Mar sin féin, féadfar na doiciméid tráchtála chuí a úsáid in ionad na lipéad agus na marcála sa chás nach bhfuil na táirgí á gcur ar díol leis an tomhaltóir deiridh, nó sa chás go gcuirtear ar aghaidh iad chun ordú a rinne an Stát nó duine dlítheanach eile a rialaíonn an dlí poiblí a chur i gcrích.

2. Déanfaidh an monaróir nó a ghníomhaire údaraithe atá bunaithe sa Chomhphobal nó, sa chás nach bhfuil an monaróir ná a ghníomhaire údaraithe bunaithe sa Chomhphobal, an t-oibreoir eacnamaíoch ag a bhfuil an fhreagracht as an táirge teicstíle a chur ar an margadh a chéaduair, déanfaidh sé a áirithiú go soláthrófar an lipéad agus go bhfuil an fhianaise air beacht.

Áiritheoidh an dáileoir go bhfuil an lipéadú cuí dá bhforáiltear leis an Rialachán seo ar an táirge teicstíle a dhíolann sé.

Áiritheoidh na daoine dá dtagraítear sa chéad agus sa dara fomhír nach bhféadfar iomrall a bheith ann idir aon fhaisnéis a thugtar tráth a chuirtear táirge teicstíle ar an margadh agus na hainmneacha agus na tuairiscí a leagtar síos leis an Rialachán seo.

*Airteagal 12*

**Úsáid ainmneacha agus tuairiscí**

1. Déanfar na hainmneacha agus na tuairiscí dá dtagraítear in Airteagail 5, 7, 8 agus 9 a thaispeáint go soiléir i gconarthaí díolacháin, billí, sonraisc agus doiciméid tráchtála eile.

Ní ceadmhach giorrúcháin a úsáid. Mar sin féin, féadfar cód próiseála meicnithe a úsáid, ar choinníoll go bhfuil an cód sin mínithe sa doiciméad céanna.

2. Déanfar na hainmneacha agus na tuairiscí dá dtagraítear in Airteagail 5, 7, 8 agus 9 a thaispeáint i gcatalóga agus litríocht trádála, ar phacáistíocht, lipéid agus marcáil i gcló atá soiléir, inléite agus aonfhoirmeach agus táirgí teicstíle á gcur ar díol.

3. Féadfar trádmharcanna nó ainmneacha gnólachtaí a thabhairt díreach roimh ainmneacha agus tuairiscí dá dtagraítear in Airteagail 5, 7, 8 agus 9 nó díreach ina ndiaidh.

Mar sin féin, sa chás go mbeidh ceann de na hainmneacha atá liostaithe in Iarscríbhinn I, nó ainm ar baol go mbeadh iomrall idir é agus na hainmneacha sin, mar chuid de thrádmharc nó ainm gnólachta, bíodh sin ina aonar nó mar aidiacht nó mar fhréamh, tabharfar an trádmharc nó an t-ainm sin díreach roimh ainmneacha agus tuairiscí dá dtagraítear in Airteagail 5, 7, 8 agus 9 nó díreach ina ndiaidh.

Taispeánfar aon fhaisnéis eile in áit ar leith i gcónaí.

4. Déanfar an lipéadú agus an mharcáil i dteanga nó i dteangacha an Bhallstáit a gcuirtear na táirgí teicstíle ar díol ar a chríoch nó a ndíoltar iad leis an tomhaltóir deiridh ar a chríoch má cheanglaítear sin i reachtaíocht an Bhallstáit sin.

I gcás eatán, spól, scáinní, ceirtlíní nó méid bhig eile de shnáitheanna fuála, deisithe agus bróidnéireachta, beidh feidhm ag an gcéad fhomhír maidir leis an lipéadú cuimsitheach dá dtagraítear in Airteagal 15(3). Féadfar ceann ar bith de theangacha an Chomhphobail a úsáid chun ítimí aonair a lipéadú.

*Airteagal 13*

**Táirgí teicstíle ina bhfuil dhá chomhpháirt nó níos mó**

1. Ar aon táirge teicstíle ina bhfuil dhá chomhpháirt nó níos mó, beidh lipéad ar a mbeidh inneachar snáithíneach gach comhpháirt luaite.

Ní bheidh an lipéadú sin éigeantach le haghaidh comhpháirteanna ar lú ná 30% de mheáchan iomlán an táirge iad, cé is moite de líneálacha príomha.

2. Sa chás go mbeidh an t-inneachar snáithíneach céanna ag dhá tháirge teicstíle nó níos mó agus is aonad amháin iad de ghnáth, is féidir aon lipéad amháin a bheith orthu.

*Airteagal 14*

**Forálacha speisialta**

Déanfar comhdhéanamh snáithíneach táirgí atá liostaithe in Iarscríbhinn IV a léiriú de réir na rialacha ar lipéadú atá leagtha amach san iarscríbhinn sin.

*Airteagal 15*

**Maoluithe**

1. De mhaolú ar Airteagail 11, 12 agus 13, beidh feidhm ag na rialacha atá leagtha síos i míreanna 2, 3 agus 4 den Airteagal seo.

I gcás ar bith, cuirfear na táirgí dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4 den Airteagal seo ar díol ar bhealach go bhféadfaidh an tomhaltóir deiridh é féin a chur ar an eolas go hiomlán i dtaobh chomhdhéanamh na dtáirgí sin.

2. Ní cheanglaítear ainmneacha snáithíní ná comhdhéanamh snáithíneach a léiriú ar lipéid nó marcáil táirgí teicstíle atá liostaithe in Iarscríbhinn V.

Mar sin féin, sa chás go mbeidh ceann de na hainmneacha atá liostaithe in Iarscríbhinn I, nó ainm ar baol go mbeadh iomrall idir é agus na hainmneacha sin, mar chuid de thrádmharc nó ainm gnólachta, bíodh sin ina aonar nó mar aidiacht nó mar fhréamh, beidh feidhm ag Airteagail 11, 12 agus 13.

3. Sa chás go mbeidh táirgí teicstíle atá liostaithe in Iarscríbhinn VI den chineál céanna agus den chomhdhéanamh céanna, féadfar iad a chur ar díol le chéile faoi lipéad cuimsitheach.

4. Féadfar an comhdhéanamh atá ag táirgí teicstíle a dhíoltar de réir an mhéadair a thaispeáint ar an bpíosa nó ar an rolla arna chur ar díol.

# Caibidil 3

## Céatadáin snáithíní agus lamháltas

*Airteagal 16*

**Ítimí nach bhfuil le cur san áireamh chun céatadáin snáithíní a chinneadh**

Agus na céatadáin atá leagtha amach in Airteagail 7, 8 agus 9, céatadáin atá le taispeáint de bhun Airteagal 11, á gcinneadh, ní chuirfear na hítimí atá liostaithe in Iarscríbhinn VII san áireamh.

*Airteagal 17*

**Forálacha maidir le faireachán margaidh**

1. Déanfaidh údaráis náisiúnta um fhaireachán margaidh seiceálacha an gcloíonn comhdhéanamh táirgí teicstíle leis an bhfaisnéis arna soláthar maidir le comhdhéanamh na dtáirgí sin i gcomhréir le Treoir 2001/95/CE.

2. Déanfar na seiceálacha dá dtagraítear i mír 1 i gcomhréir leis na modhanna samplála agus anailíse cainníochtúla le haghaidh meascán dénártha agus trínártha áirithe de shnáithíní atá leagtha amach in Iarscríbhinn VIII.

Chun na críocha sin, cinnfear na céatadáin snáithíní atá leagtha amach in Airteagail 7, 8 agus 9 trí bhíthin an cion ceadaithe cuí atá leagtha síos in Iarscríbhinn IX a chur i bhfeidhm ar mhais ainhidriúil gach snáithín, tar éis do na hítimí atá leagtha amach in Iarscríbhinn VII a bheith asbhainte.

3. Aon saotharlann atá freagrach as tástáil a dhéanamh ar mheascáin teicstíle nach bhfuil modh aonfhoirmeach anailíse ann dóibh ar leibhéal an Chomhphobail, déanfaidh sí comhdhéanamh meascán dá leithéidí a chinneadh trí bhíthin modha ar bith faoina réir atá bailí, agus léireoidh sí sa tuarascáil anailíse na torthaí a fuarthas agus, chomh fada is atá ar eolas, beachtas an mhodha a úsáideadh.

*Airteagal 18*

**Lamháltas**

1. D'fhonn comhdhéanamh a chinneadh i leith táirgí teicstíle a bheartaítear don tomhaltóir deiridh, beidh feidhm ag an lamháltas atá leagtha síos i míreanna 2, 3 agus 4.

2. Ní gá a chur in iúl go bhfuil snáithíní seachtracha sa chomhdhéanamh atá le soláthar i gcomhréir le hAirteagal 9 fad is nach sroicheann céatadán na snáithíní sin na leibhéil a leanas:

(a) 2% de mheáchan iomlán an táirge teicstíle, ar choinníoll go bhfuil call leis an gcainníocht seo ar fhoras teicniúil agus nach gcuirtear isteach í mar ghnáthamh;

(b) 5% i gcás táirgí ar a ndearnadh próiseas cardála.

Beidh pointe (b) den mhír seo gan dochar d'Airteagal 8(3).

3. Ceadófar lamháltas monaraíochta 3% idir na céatadáin snáithíní arna lua atá le soláthar i gcomhréir le hAirteagal 9 agus na céatadáin arna bhfáil ó anailís arna déanamh i gcomhréir le hAirteagal 17, i ndáil le meáchan iomlán na snáithíní arna dtaispeáint ar an lipéad. Beidh feidhm ag lamháltas dá leithéid maidir leis na nithe seo a leanas freisin:

(a) snáithíní atá liostaithe gan a gcéatadán a léiriú i gcomhréir le hAirteagal 9(2);

(b) an céatadán olla dá dtagraítear in Airteagal 8(2)(b).

Chun críocha na hanailíse, déanfar an lamháltas a ríomh ar bhonn leithligh. Is éard a bheidh sa mheáchan iomlán atá le cur san áireamh agus an lamháltas dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) á ríomh ná meáchan snáithíní an táirge chríochnaithe lúide meáchan aon snáithíní seachtracha a aimseofar agus an lamháltas dá dtagraítear i bpointe (a) á chur i bhfeidhm.

Ní cheadófar an lamháltas dá dtagraítear i mír 2 agus mír 3 a áireamh ach amháin sa chás go bhfuil snáithín seachtrach ar bith a gheofar, agus an lamháltas dá dtagraítear i mír 2 á chur i bhfeidhm, den chineál ceimiceach céanna le snáithín amháin nó níos mó de na snáithíní á dtaispeáint ar an lipéad.

4. I gcás táirgí ar leith a dteastaíonn lamháltas níos airde ná mar atá leagtha síos i mír 2 agus mír 3 ó phróiseas a monaraithe, ní fhéadfaidh an Coimisiún lamháltas níos airde a údarú agus seiceálacha ar chomhlíonadh á ndéanamh i leith an táirge de bhun Airteagal 17(1) ach amháin i gcásanna eisceachtúla nuair a léiríonn an monaróir ar bhealach leormhaith go bhfuil call leis.

Cuirfidh an monaróir iarratas isteach lena mbeidh cúiseanna agus fianaise a bheidh leordhóthanach agus a mhíneoidh imthosca eisceachtúla an mhonaraithe.

## Caibidil 4

## Forálacha críochnaitheacha

*Airteagal 19*

### Na hIarscríbhinní a leasú

1. Féadfaidh an Coimisiún leasú ar bith ar Iarscríbhinní I, II, IV, V, VI, VII, VIII agus IX a ghlacadh más gá chun na hIarscríbhinní sin a oiriúnú d'ascnamh teicniúil.

2. Na bearta dá dtagraítear i mír 1, a cheapfar chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, *inter alia*, trína fhorlíonadh, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 20(2).

*Airteagal 20*

**Coiste**

1. Beidh an Coiste um Ainmneacha agus Lipéadú Teicstílí de chúnamh ag an gCoimisiún.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5a(1) go (4) agus Airteagal 7 de Chinneadh 1999/468/CE, ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 8 de.

*Airteagal 21*

**Tuairisciú**

Faoin [DÁTA = 5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] ar a dhéanaí, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo, ina leagfar béim ar na hiarratais ar ainmneacha snáithíní nua agus ar a nglacadh.

*Airteagal 22*

**Aisghairm**

Aisghairtear Treoracha 73/44/CE, 96/73/CE agus 96/74/CE [nó athmhúnlú] le héifeacht ón dáta a thiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm.

Déanfar tagairtí do na Treoracha arna n-aisghairm a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla chomhghaolmhaireachta in Iarscríbhinn X.

*Airteagal 23*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an bhfichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an […]

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*
*[…]*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
*[…]*

# IARSCRÍBHINN I

## TÁBLA SNÁITHÍNÍ TEICSTÍLE

Tábla 1

| Uimhir | Ainm | tuairisc ar an snáithín |
|---|---|---|
| 1 | olann | Snáithín ó lomraí caorach nó uan (*Ovis aries*) nó meascán snáithíní lomraí caorach nó uan agus fionnadh ainmhithe atá liostaithe in ítim 2 |
| 2 | alpaca, láma, camall, caismír, móihéar, angóra, viciúna, geac, guanácó, gabhar caisgeora, béabhar, dobhrán, leis an ainm nó gan an t-ainm 'olann' nó 'fionnadh' roimhe | fionnadh na n-ainmnithe a leanas: alpaca, láma, camall, gabhar caismíre, gabhar angóra, coinín angóra, viciúna, geac, guanácó, gabhar caisgeora, béabhar, dobhrán |
| 3 | fionnadh nó rón, leis an gcineál ainmhí léirithe nó gan sin (e.g. fionnadh buaibheach, fionnadh gabhar coiteann, rón capaill) | fionnadh na n-ainmhithe éagsúla nach bhfuil luaite faoi 1 ná 2 |
| 4 | síoda | snáithín nach bhfaightear ach amháin ó fheithidí a thálann síoda |
| 5 | cadás | snáithín a fhaightear ó chochaill cadáis |
| 6 | capóc | snáithín a fhaightear ó thaobh istigh toraidh capóic *(Ceiba pentandra)* |
| 7 | líon | snáithín a fhaightear ó bhasta planda lín *(Linum usitatissimum)* |
| 8 | fíorchnáib | snáithín a fhaightear ó bhasta cnáibe *(Cannabis sativa)* |
| 9 | siúit | snáithín a fhaightear ó bhasta *Corchorus olitorius* agus *Corchorus capsularis*. Chun críocha an Rialacháin seo, caithfear amhail siúit le snáithíní basta a fhaightear ó na speicis seo a leanas: *Hibiscus cannabinus, Hibiscus sabdariffa, Abultilon avicennae, Urena lobata, Urena sinuata* |
| 10 | cnáib mhainileach | snáithín a fhaightear ó dhuille cumhdaigh *Musa textilis* |

| | | |
|---|---|---|
| 11 | alfa | snáithín a fhaightear ó dhuillí *Stipa tenacissima* |
| 12 | coighir (cnó cócó) | snáithín a fhaightear ó thoradh *Cocos nucifera* |
| 13 | giolcach shléibhe | snáithín a fhaightear ó bhasta *Cytisus scoparius* agus/nó *Spartium Junceum* |
| 14 | ráimí | snáithín a fhaightear ó bhasta *Boehmeria nivea* agus *Boehmeria tenacissima* |
| 15 | siseal | snáithín a fhaightear ó dhuillí *Agave sisalana* |
| 16 | Sann | snáithín a fhaightear ó bhasta *Crotalaria juncea* |
| 17 | Heinicéin | snáithín a fhaightear ó bhasta *Agave Fourcroydes* |
| 18 | Magua | snáithín a fhaightear ó bhasta *Agave Cantala* |

Tábla 2

| | | |
|---|---|---|
| 19 | aicéatáit | snáithín ceallalóis aicéatáite ina bhfuil níos lú ná 92% ach ar a laghad 74% de na grúpaí hiodrocsaile arna n-aicéitiliú |
| 20 | ailgionáit | snáithín a fhaightear ó shalainn mhiotalacha aigéid ailginigh |
| 21 | copra (réón copramóiniam) | snáithín ceallalóis athghinte a fhaightear tríd an bpróiseas copramóiniam |
| 22 | modal | snáithín ceallalóis athghinte a fhaightear trí phróiseas vioscósach modhnaithe ag a bhfuil ardfhórsa briste agus ardmhodal fliuch. Is é an fórsa briste ($B_C$) sa stát coinníollaithe agus an fórsa ($B_M$) is gá chun fadú 5% a sholáthar sa stát fliuch:<br><br>$B_C$ (CN) $\geq 1,3 \sqrt{T} + 2$ T<br><br>$B_M$ (CN) $\geq 0,5 \sqrt{T}$<br><br>más T an meándlús líneach i ndeiciteics |
| 23 | próitéin | snáithín a fhaightear ó shubstaintí nádúrtha prótéine arna n-athghiniúint agus arna gcobhsú trí oibriú oibreán ceimiceach |
| 24 | trí-aicéatáit | snáithín ceallalóis aicéatáite ina bhfuil ar a laghad 92% de na grúpaí hiodrocsaile arna n-aicéitiliú |
| 25 | vioscós | snáithín ceallalóis athghinte a fhaightear tríd an bpróiseas vioscósach le haghaidh snáithín fhiliméadaigh |

| | | |
|---|---|---|
| | | agus neamhleanúnaigh |
| 26 | aicrileach | snáithín déanta de mhacramóilíní líneacha ina bhfuil ar a laghad 85% (de réir maise) i slabhra an phatrúin aicrilítrìligh |
| 27 | clórashnáithín | snáithín déanta de mhacramóilíní líneacha ag a bhfuil sa slabhra níos mó ná 50% de réir maise de vinil chlóirínithe nó aonaid mhonaiméireacha vinilidéine chlóirínithe |
| 28 | fluarashnáithín | snáithín déanta de mhacramóilíní líneacha déanta de mhonaiméirí alafatacha fluaracarbóin |
| 29 | modaicrileach | snáithín déanta de mhacramóilíní líneacha ag a bhfuil sa slabhra níos mó ná 50% agus níos lú ná 85% (de réir maise) den phatrún aicrilítrìleach |
| 30 | pola-aimíd nó níolón | snáithín déanta de mhacramóilíní líneacha sintéiseacha ag a bhfuil sa slabhra naisc aimíde athfhillteacha a bhfuil ar a laghad 85% acu ceangailte le haonaid alafatacha nó cioclalafatacha |
| 31 | araimíd | snáithín déanta de mhacramóilíní líneacha sintéiseacha déanta de ghrúpaí aramatacha atá ceangailte ag naisc aimíde nó imíde, a bhfuil ar a laghad 85% acu ceangailte go díreach le dhá fhail aramatacha agus gan líon na nasc aimíde a sháraithe ag líon na nasc imíde, má tá na cinn dheireannacha seo i láthair |
| 32 | poilimíd | snáithín déanta de mhacramóilíní líneacha sintéiseacha ag a bhfuil sa slabhra aonaid aimíde athfhillteacha |
| 33 | lióiceall | snáithín ceallalóis athghinte a fhaightear trí thuaslagadh, agus próiseas snite le tuaslagóir orgánach (meascán de cheimiceáin orgánacha agus uisce), gan díorthaigh a dhéanamh |
| 34 | polalachtaíd | snáithín déanta de mhacramóilíní líneacha sintéiseacha ag a bhfuil sa slabhra ar a laghad 85% (de réir maise) d'aonaid aigéid lachtaigh eistir arna ndíorthú ó shiúcraí atá ann go nádúrtha, agus ar é 135°C ar a laghad a leáphointe |
| 35 | poileistear | snáithín déanta de mhacramóilíní líneacha ina bhfuil ar a laghad 85% (de réir maise) i slabhra eistir dé-óil agus aigéid theireatalaigh |
| 36 | poileitiléin | snáithín déanta de mhacramóilíní líneacha hiodracarbóin sáithithe alafatacha neamhionadaithe |

| | | |
|---|---|---|
| 37 | polapróipiléin | snáithín déanta de mhacramóilín líneach hiodracarbóin sáithithe alafatach ina n-iompraíonn adamh amháin as gach dhá cheann taobhshlabhra meitile i gcor iseatachtach agus gan a thuilleadh ionadaíochta |
| 38 | polacarbaimíd | snáithín déanta de mhacramóilíní líneacha ina bhfuil sa slabhra an grúpa feidhmeach uiriléine athfhillteach (NH—CO—NH) |
| 39 | polúireatán | snáithín déanta de mhacramóilíní líneacha ina bhfuil an grúpa feidhmeach úireatáin athfhillteach sa slabhra |
| 40 | viniolal | snáithín déanta de mhacramóilíní líneacha a bhfuil a slabhraí déanta de phola(alcól vinile) le leibhéil éagsúla aicéatalaithe |
| 41 | trívinil | snáithín déanta de thearpolaiméir aicrilinítríle, monaiméir vinile clóirínithe agus an tríú monaiméir vinile, nach ionann ceann ar bith acu agus 50% den mhais iomlán |
| 42 | leaistidhé-éin | leasteashnáithín déanta de phoilisipréin nádúrtha nó sintéiseach, nó déanta de dhé-éin amháin nó níos mó arna pholaiméiriú le, nó gan, monaiméir vinile amháin nó níos mó, agus ar a shíneadh go trí oiread a ghnáthfhaid, a aisghabhann go sciobtha agus go substainteach a fhad tosaigh ar a scaoileadh |
| 43 | leaisteán | leasteashnáithín déanta de ar a laghad 85% (de réir maise) de pholúireatán deighilte, agus ar a shíneadh go trí oiread a ghnáthfhaid, a aisghabhann go sciobtha agus go substainteach a fhad tosaigh ar a scaoileadh |
| 44 | snáithín gloine | snáithín déanta de ghloine |
| 45 | ainm a chomhfhreagraíonn don ábhar a bhfuil na snáithíní déanta de, e.g. miotal (miotalach, miotalaithe), aispeist, páipéar, leis an bhfocal nó gan an focal 'snáithe' nó 'snáithín' ina dhiaidh | snáithíní a fhaightear ó ábhair ilghnéitheacha nó ábhair nua nach bhfuil liostaithe thuas |
| 46 | leaist-ileistear | snáithín a dhéantar trí imoibriú dhá mhacramóilín líneacha nó níos mó atá éagsúil go ceimiceach in dhá chéim éagsúil nó níos mó (gan ceann ar bith acu a bheith níos mó ná 85% de réir maise) agus ina bhfuil grúpaí eistir mar phríomhaonad feidhmeach (ar a laghad 85%) |

| | | |
|---|---|---|
| | | agus, tar éis an chóireála cuí, ar a shíneadh go dtí oiread go leith a ghnáthfhaid, a aisghabhann go sciobtha agus go substainteach a fhad tosaigh ar a scaoileadh |
| 47 | leastolaifín | snáithín déanta de ar a laghad 95% (de réir maise) macramóilíní atá trasnasctha go páirteach, comhdhéanta d'eitiléin agus ar a laghad olaifín amháin eile agus ar a shíneadh go dtí oiread go leith a ghnáthfhaid, a aisghabhann go sciobtha agus go substainteach a fhad tosaigh ar a scaoileadh |
| 48 | Meilimín | snáithín déanta de ar a laghad 85% de réir maise macramóilíní trasnasctha comhdhéanta de díorthaigh meilimín |

## IARSCRÍBHINN II

## NA hÍOSCHEANGLAIS I dTAOBH COMHAID THEICNIÚIL CHUN IARRATAS A DHÉANAMH AR AINM SNÁITHÍN NUA

(Airteagal 6)

In aon chomhad teicniúil lena moltar ainm snáithín nua a áireamh in Iarscríbhinn I, dá dtagraítear in Airteagal 6, beidh an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad:

– An t-ainm atá á mholadh don snáithín;

  Bainfidh an t-ainm atá á mholadh leis an gcomhdhéanamh ceimiceach agus tabharfaidh sé faisnéis faoi shaintréithe an tsnáithín, más iomchuí. Beidh an t-ainm atá á mholadh saor ó chearta agus ní bheidh baint aige leis an monaróir.

– An sainiú atá á mholadh don snáithín;

  Beidh na saintréithe arna lua i sainiú an tsnáithín nua, mar shampla leaisteachas, infhíoraithe trí bhíthin modhanna tástála atá le soláthar in éineacht leis an gcomhad teicniúil mar aon leis na torthaí turgnamhacha ó anailís.

– An snáithín a shainaithint: foirmle cheimiceach, éagsúlachtaí le snáithíní atá ann cheana, mar aon le, más ábhartha, mionsonraí amhail an leáphointe, an dlús, an t-innéacs athraonach, an t-iompar ar lasadh agus speictream FTIR;

– An cion ceadaithe atá á mholadh;

– Modhanna sainaitheanta agus cainníochtaithe atá forbartha a dhóthain, lena n-áirítear sonraí turgnamhacha;

  Déanfaidh an t-iarratasóir luacháil ar an bhféidearthacht úsáid a bhaint as na modhanna atá liostaithe in Iarscríbhinn VIII den Rialachán seo chun anailís a dhéanamh ar na meascáin tráchtála is mó a bhfuil súil leo den snáithín nua le snáithíní eile agus molfaidh sé ceann de na modhanna sin ar a laghad. Le haghaidh na modhanna sin ina bhféadtar a mheas gur comhábhar dothuaslagtha é an snáithín, déanfaidh an t-iarratasóir luacháil ar na fachtóirí ceartúcháin maise a bhaineann leis an snáithín nua. Cuirfear na sonraí turgnamhacha ar fad isteach in éineacht leis an iarratas.

  Mura bhfuil na modhanna atá liostaithe sa Rialachán seo oiriúnach, tabharfaidh an t-iarratasóir réasúnú leormhaith agus molfaidh sé modh nua.

  Beidh na sonraí turgnamhacha ar fad le haghaidh na modhanna atá á mholadh ar áireamh san iarratas. Beidh sonraí faoi bheachtas, stóinseacht agus in-atrialltacht na modhanna ag gabháil leis an gcomhad.

– Faisnéis bhreise chun tacú leis an iarratas: próiseas an táirgthe, ábharthacht maidir leis an tomhaltóir;

– Soláthróidh an monaróir nó a ionadaí samplaí ionadaíocha den snáithín íon nua agus de na meascáin snáithíní ábhartha is gá chun bailíochtú a dhéanamh ar na modhanna sainaitheanta agus cainníochtaithe atá á moladh, arna iarraidh sin don Choimisiún.

# IARSCRÍBHINN III

## AINMNEACHA DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 8(1)

– sa Bhulgáiris: ‘необработена вълна’,

– sa Spáinnis: ‘lana virgen’ nó ‘lana de esquilado’,

– sa tSeicis: ‘střižní vlna’,

– sa Danmhairgis: ‘ren, ny uld’,

– sa Ghearmáinis: ‘Schurwolle’,

– san Eastóinis: ‘uus vill’,

– sa Ghaeilge: 'olann lomra',

– sa Ghréigis: ‘παρθένο μαλλί’,

– sa Bhéarla: ‘fleece wool’ nó ‘virgin wool’,

– sa Fhraincis: ‘laine vierge’ nó ‘laine de tonte’,

– san Iodáilis: ‘lana vergine’ nó ‘lana di tosa’,

– sa Laitvis: ‘pirmlietojuma vilna’ nó ‘cirptā vilna’,

– sa Liotuáinis: ‘natūralioji vilna’,

– san Ungáiris: ‘élőgyapjú’,

– sa Mháltais: ‘suf verġni’,

– san Ollainnis: ‘scheerwol’,

– sa Pholainnis: ‘żywa wełna’,

– sa Phortaingéilis: ‘lã virgem’,

– sa Rómáinis: ‘lână virgină’,

– sa tSlóvaicis: ‘strižná vlna’,

– sa tSlóivéinis: ‘runska volna’,

– san Fhionlainnis: ‘uusi villa’,

– sa tSualainnis: ‘ren ull’,

## IARSCRÍBHINN IV

## FORÁLACHA SPEISIALTA MAIDIR LE TÁIRGÍ ÁIRITHE A LIPÉADÚ

**(Airteagal 14)**

| Táirgí | | Forálacha maidir le lipéadú |
|---|---|---|
| 1. Na táirgí cóirséadóireachta a leanas: | | Léireofar an comhdhéanamh snáithíneach ar an lipéad trí bhíthin comhdhéanamh an táirge iomláin a lua nó, go cuimsitheach nó ar bhonn leithligh, comhdhéanamh na gcomhpháirteanna arna liostú faoi seach: |
| | (a) Cíochbhearta | Fabraic na gcupaí agus an chúil, laistigh agus lasmuigh |
| | (b) Cóirséid | painéil righne na haghaidhe, an chúil agus na dtaobhanna |
| | (c) Cóirsléid | Fabraic na gcupaí, an chúil, phainéil righne na haghaidhe agus an chúil agus phainéil na dtaobhanna, laistigh agus lasmuigh |
| 2. Táirge eile cóirséadóireachta nach bhfuil liostaithe thuas | | Léireofar an comhdhéanamh snáithíneach trí bhíthin comhdhéanamh an táirge iomláin a lua nó, go cuimsitheach nó ar bhonn leithligh, comhdhéanamh na gcomhpháirteanna éagsúla atá sa táirge. Ní bheidh an lipéadú sin éigeantach le haghaidh comhpháirteanna ar lú na 10% de mheáchan iomlán an táirge iad |
| 3. Na táirgí cóirséadóireachta uile | | Déanfar lipéadú ar leith ar chodanna éagsúla an táirge cóirséadóireachta ar bhealach a mbeidh sé soiléir don tomhaltóir deiridh cén chuid den táirge a dtagraíonn an fhaisnéis ar an lipéad di |
| 4. Teicstílí eitsphriontáilte | | Tabharfar an comhdhéanamh snáithíneach le haghaidh an táirge iomláin agus féadfar é a léiriú trína lua, ar bhonn leithligh, comhdhéanamh na bunfhabraice agus comhdhéanamh na gcodanna eitseáilte. Luafar na comhpháirteanna faoina n-ainmneacha |
| 5. Teicstílí bróidnithe | | Tabharfar an comhdhéanamh snáithíneach le haghaidh an táirge iomláin agus féadfar é a léiriú trína lua, ar bhonn leithligh, comhdhéanamh na bunfhabraice agus comhdhéanamh an tsnáithe bróidnéireachta. Luafar na comhpháirteanna sin faoina n-ainmneacha. Níl lipéadú dá leithéid éigeantach ach amháin do na codanna bróidnithe sin ar 10% ar a laghad iad d'achar dromchla an táirge |
| 6. Snáitheanna ina bhfuil croí agus clúdach déanta de shnáithíní éagsúla agus a chuirtear ar díol leis an tomhaltóir amhlaidh | | Tabharfar an comhdhéanamh snáithíneach le haghaidh an táirge iomláin agus féadfar é a léiriú trína lua, ar bhonn leithligh, comhdhéanamh an chroí agus an chlúdaigh Luafar na comhpháirteanna faoina n-ainmneacha |

| | |
|---|---|
| 7. Veilbhit agus teicstílí pluise, nó teicstíle atá cosúil le veilbhit nó pluis | Tabharfar an comhdhéanamh snáithíneach le haghaidh an táirge iomláin agus, sa chás go bhfuil taca ar leith agus dromchla úsáide ar leith atá déanta de shnáithíní éagsúla i dtáirge, féadfar é a lua ar bhonn leithligh le haghaidh na gcomhpháirteanna sin. Luafar na comhpháirteanna faoina n-ainmneacha |
| 8. Clúdaigh urláir agus cairpéid a bhfuil an taca agus an dromchla úsáide iontu déanta de shnáithíní éagsúla | Féadfar comhdhéanamh an dromchla úsáide amháin a lua. Luafar an dromchla úsáide faoina ainm |

## IARSCRÍBHINN V

## TÁIRGÍ NACH BHFUIL LIPÉADÚ NÁ MARCÁIL ÉIGEANTACH INA LEITH

(Airteagal 15(2))

1. Bandaí taca muinchille
2. Strapaí uaireadóra déanta d'ábhair teicstíle
3. Lipéid agus suaitheantais
4. Ceapa stuáilte potaí d'ábhair teicstíle
5. Púiceanna caife
6. Púiceanna tae
7. Cosainteoirí muinchille
8. Mufaí seachas iad siúd atá déanta de chaitín
9. Bláthanna saorga
10. Pioncásanna
11. Canbhás péinteáilte
12. Táirgí teicstíle le haghaidh bunfhabraicí, fabraicí foleata agus righne
13. Feilt
14. Seantáirgí teicstíle atá déanta suas, sa chás go maítear go follasach amhlaidh
15. Loirgneáin
16. Pacáistíocht, nach bhfuil nua agus a dhíoltar amhlaidh
17. Hataí feilte
18. Coimeádáin atá bog agus gan bhonn, diallaiteoireacht, d'ábhair teicstíle
19. Earraí taistil d'ábhair teicstíle
20. Taipéisí lámhbhróidnithe, críochnaithe nó neamhchríochnaithe, agus ábhair le haghaidh a dtáirgthe, lena n-áirítear snáitheanna bróidnéireachta, arna ndíol ar leithligh ón gcanbhás agus arna réitiú go speisialta lena n-úsáid i dtaipéisí dá leithéidí
21. Ceangail sleamhnáin
22. Cnaipí agus búclaí atá clúdaithe le hábhair teicstíle
23. Clúdaigh leabhar d'ábhair teicstíle

24. Bréagáin

25. Codanna teicstíle de choisbheart, seachas teo-líneálacha

26. Mataí boird ina bhfuil roinnt comhpháirteanna agus ag a bhfuil achar dromchla nach mó ná 500 $cm^2$

27. Miteoga oighinn agus ceirteacha oighinn

28. púiceanna uibhe

29. Cásanna smididh

30. Spagaí tabac déanta de fhabraic teicstíle

31. Cásanna déanta de fhabraic teicstíle le haghaidh spéaclaí, toitíní, todóg, lastóirí agus cíor

32. nithe cosanta a bhfuil gá leo don spóirt, cé is moite de lámhainní

33. Málaí maisiúcháin

34. Cásanna glanta bróg

35. Nithe sochraide

36. Táirgí indiúscartha, cé is moite d'fhlocas

37. Táirgí teicstíle atá faoi réir rialacha *Pharmacopoeia Eorpach* agus a fholaíonn tagairt do na rialacha sin, bindealáin nach bhfuil indiúscartha le haghaidh úsáid leighis agus úsáid ortaipéideach agus táirgí teicstíle ortaipéideacha go ginearálta

38. Táirgí teicstíle lena n-áirítear téadra, rópaí agus corda, faoi réir ítim 12 d'Iarscríbhinn VI, le haghaidh na nithe seo a leanas de ghnáth:

    (a) úsáid mar chomhpháirteanna trealaimh agus earraí á monarú agus á bpróiseáil;

    (b) ionchorpú i meaisíní, fearas (e.g. le haghaidh téimh, aerchóiriú nó soilsiú), gairis baile agus eile, feithiclí agus modhanna eile iompair, nó leis na nithe sin a oibriú, a chothabháil nó a fheistiú, seachas clúdaigh tarpóil agus oiriúintí teicstíle do mhótarfheithiclí a dhíoltar ar leithligh ón bhfeithicil

39. Táirgí teicstíle le haghaidh cosanta agus sábháilteachta amhail criosanna sábhála, paraisiúit, seaicéid tarrthála, sleamhnáin éigeandála, gairis comhraic dóiteáin, veisteanna piléardhíonacha agus baill éadaigh cosanta speisialta (e.g. cosaint ar thine, substaintí ceimiceacha nó guaiseanna sábhála eile)

40. Struchtúir a theanntar le haerbhrú (e.g. hallaí spóirt, seastáin taispeántais nó saoráidí stórála), ar choinníoll go dtugtar sonraí faoi fheidhmíocht agus sonraíochtaí teicniúla na dtáirgí seo

41. Seolta

42. Éadach ainmhithe

43. Bratacha nó meirgí

## IARSCRÍBHINN VI

## TÁIRGÍ NACH BHFUIL ACH LIPÉADÚ CUIMSITHEACH NÓ MARCÁIL CHUIMSITHEACH ÉIGEANTACH INA LEITH

(Airteagal 15(3))

1. Éadaí urláir
2. Ceirteacha glantacháin
3. Reangaí agus ciumhsóga
4. Passementerie
5. Criosanna
6. Guailleáin
7. Crochóga agus gairtéir
8. Iallacha bróg agus buataisí
9. Ribíní
10. Leaistic
11. Pacáistíocht nua a dhíoltar amhlaidh
12. Corda pacáistithe agus sreangán talmhaíochta; cordaí, téadra agus rópaí seachas iad siúd a thig faoi ítim 38 d'Iarscríbhinn V[13].
13. Mataí boird
14. Ciarsúir
15. Eangacha le haghaidh cocán gruaige agus eangacha gruaige
16. Carbhait agus carbhait chuachóige le haghaidh páistí
17. Bráidíní; lámhainní níocháin agus flainíní folctha
18. Snáitheanna fuála, deisithe agus bróidnéireachta a chuirtear ar miondíol i gcainníochtaí beaga agus ag a bhfuil meáchan glan 1 gram nó níos lú
19. Téip le haghaidh cuirtíní, dallóg agus comhlaí

---

[13] Le haghaidh na dtáirgí atá faoin ítim seo agus a dhíoltar i bpíosaí gearrtha, lipéadú an spóil a bheidh sa lipéadú cuimsitheach. Tá téadra agus rópaí a úsáidtear sa tsléibhteoireacht agus sa spórt uisce ar áireamh leis an téadra agus rópaí faoin ítim seo.

## IARSCRÍBHINN VII

## ÍTIMÍ NACH BHFUIL LE CUR SAN ÁIREAMH CHUN CÉATADÁIN SNÁITHÍNÍ A CHINNEADH

**(Airteagal 16)**

| Táirgí | Ítimí atá eisiata |
|---|---|
| a) Gach táirge teicstíle | (i) Codanna neamhtheicstíleacha, dlúthchiumhaiseanna, lipéid agus suaitheantais, reangaí agus ciumhsóga nach dlúthchuid den táirge iad, buclaí agus cnaipí clúdaithe le hábhair teicstíle, oiriúintí, maisiúcháin, ribíní neamhleaisteach, snáitheanna leaisteacha agus bandaí leaisteacha a chuirtear leis an táirge ag pointí atá sonrach agus teoranta.<br><br>(ii) Substaintí sailleacha, greamaitheoirí, ualuithe, treiscín, táirgí tuilte, táirgí ruaimnithe agus priontála breise agus táirge próiseála teicstíle eile. |
| b) Clúdaigh urláir agus cairpéid | Gach comhpháirt seachas an dromchla úsáide |
| c) Fabraicí cumhdaitheoireachta | Dlúth agus inneach a ghreamaíonn nó a líonann agus nach cuid den dromchla úsáide iad |
| d) Taipéisí balla agus cuirtíní | Dlúth agus inneach a ghreamaíonn nó a líonann agus nach cuid de thaobh deis na fabraice iad |
| e) Stocaí | Snáitheanna leaisteacha arna n-úsáid sa chufa agus snáitheanna arna n-úsáid chun an bairricín agus an tsáil a righniú agus a threisiú |
| f) Riteoga | Snáitheanna leaisteacha arna n-úsáid sa crios agus snáitheanna arna n-úsáid chun an bairricín agus an tsáil a righniú agus a threisiú |
| g) Táirgí teicstíle seachas iad siúd faoi phointí b) go f) | Bunfhabraicí nó fabraicí foleata, righne agus treisithe, idir-líneálacha agus tacaí canbháis, snáitheanna fuála agus cóimeála ach amháin má chuirtear iad in ionad dhlúth agus/nó inneach na fabraice, líonaigh gan fheidhm inslithe agus, faoi réir Airteagal 13(1), líneálacha.<br><br>Chun críocha na forála seo:<br><br>(i) ní mheasfar gur tacaí atá le baint amach iad bunábhar nó ábhar foleata táirgí teicstíle ag a bhfuil feidhm taca don dromchla úsáide, go háirithe i mblaincéid agus fabraicí dúbalta, agus tacaí veilbhite nó fabraicí pluise agus táirgí gaolmhara<br><br>(ii) ciallaíonn snáitheanna 'righne agus treisithe' na snáitheanna nó ábhair a chuirtear le pointí sonracha agus teoranta de na táirgí teicstíle chun iad a threisiú nó chun righneas nó tiús a |

| | |
|---|---|
| | chur iontu |

## IARSCRÍBHINN VIII

## MODHANNA CHUN ANAILÍS A DHÉANAMH AR MHEASCÁIN DHÉNÁRTHA AGUS THRÍNÁRTHA DE SHNÁITHÍNÍ TEICSTÍLE

## CAIBIDIL 1

### I. Samplaí tástála agus eiseamail tástála a ullmhú chun comhdhéanamh snáithíneach a chinneadh i leith táirgí teicstíle

1. RÉIMSE FEIDHME

Sa chaibidil seo tugtar modh oibre maidir le samplaí tástála saotharlainne a bhfuil a méid oiriúnach do réamhchóireáil a fháil chun anailís chainníochtúil a dhéanamh (i.e. mais níos lú ná 100g) ó bhulcshampla saotharlainne, agus d'eiseamail tástála a roghnú ó na samplaí tástála saotharlainne arna réamhchóireáil chun ábhar neamhshnáithíneach a bhaint amach[14].

2. SAINMHÍNITHE

2.1. Bulcfhoinse – Cainníocht an ábhair a dhéantar a mheasúnú ar bhonn sraith amháin de thorthaí tástála. Mar shampla, d'fhéadfadh an t-ábhar ar fad a bhaineann le haon ordú éadaigh amháin a bheith i gceist leis sin; an t-éadach ar fad arna fhí ó gharma ar leith; coinsíneacht snáithe, burla amhshnáithe nó grúpa burlaí.

2.2. Bulcshampla saotharlainne – An chuid sin den bhulcfhoinse a nglactar leis go bhfuil sé ionadaíoch i ndáil leis an iomlán, agus a bhfuil fáil ag an tsaotharlann uirthi. Beidh an bulcshampla saotharlainne de mhéid agus de nádúr oiriúnach ionas nach gcuirfidh éagsúlacht an bhulcfhoinse isteach air agus chun an láimhseáil sa tsaotharlann a éascú[15].

2.3. Sampla tástála saotharlainne – An chuid sin den bhulcshampla saotharlainne arna réamhchóireáil chun ábhar neamhshnáithíneach a asbhaint, agus as a nglactar eiseamail tástála. Beidh an sampla tástála saotharlainne de mhéid agus de nádúr oiriúnach ionas nach gcuirfidh éagsúlacht an bhulcshampla saotharlainne isteach air[16].

2.4. Eiseamal tástála - Cainníocht an ábhair is gá chun toradh tástála aonair a thabhairt, agus a roghnaítear as an sampla tástála saotharlainne.

3. PRIONSABAL

Roghnaítear an sampla tástála saotharlainne ionas go mbeidh sé ionadaíoch i ndáil leis an mbulcshampla saotharlainne.

Glactar na heiseamail tástála ón sampla tástála saotharlainne ar bhealach go bhfuil gach ceann acu ionadaíoch i ndáil leis an sampla tástála saotharlainne.

4. SNÁITHÍNÍ SCAOILTE A SHAMPLÁIL

---

14 I gcásanna áirithe is gá réamhchóireáil a dhéanamh ar an eiseamal tástála aonair.

15 Le haghaidh earraí atá déanta suas agus críochnaithe, féach Cuid 7.

16 Féach pointe 1.

4.1. Snáithíní nach bhfuil treoshuite – Faigh an sampla tástála saotharlainne trí bhíthin toim a roghnú go randamach ón mbulcshampla saotharlainne. Measc an sampla tástála saotharlainne go maith agus ina iomlán le carda saotharlainne[17]. Déan réamhchóireáil ar an ngréasán nó meascán, leis na snáithíní scaoilte atá greamaithe leis an trealamh arna úsáid chun é a mheascadh ar áireamh. Roghnaigh eiseamail tástála, i gcomhréir leis an mais, ón ngréasán nó meascán, ó na snáithíní scaoilte agus ó na snáithíní atá greamaithe leis an trealamh.

Má tá uige an charda fós slán i ndiaidh na réamhchóireála, roghnaigh na heiseamail tástála mar a thuairiscítear i mír 4.2. Má tá uige an charda arna suaitheadh ag an réamhchóireáil, roghnaigh gach eiseamal tástála trí ar a laghad 16 thom beaga, atá de mhéid oiriúnach agus atá ionann is ar cóimhéid, a bhaint amach go randamach agus ansin a chur le chéile arís.

4.2. Snáithíní treoshuite (cardaí, uigí, slisní, caisirníní) – Ó chodanna arna roghnú go randamach den bhulcshampla saotharlainne, bain ar a laghad 10 gcinn de thrasghearrthacha a bhfuil mais tuairim is 1g iontu uile. Déan an réamhchóireáil ar an sampla tástála saotharlainne seo arna thiomsú amhlaidh. Cuir na trasghearrthacha le chéile arís trí bhíthin iad a leagan amach taobh le taobh agus faigh an t-eiseamal trí ghearradh tríothu agus cuid de gach ceann de na 10 bpíosaí a thógáil.

5. SNÁITHE A SHAMPLÁIL

5.1. Snáithe i bpacáistí nó i mbainc – Bain sampla as na pacáistí ar fad sa bhulcshampla saotharlainne.

Tarraing na píosaí cuí, atá leanúnach agus ar comhfhad, as gach pacáiste trí scáinní a thochras an oiread céanna castaí ar spól[18], nó trí mhodh éigin eile. Aontaigh na píosaí taobh le taobh mar scáinne amháin nó mar bharrach chun an sampla tástála saotharlainne a thiomsú, cinntigh go bhfuil píosaí ar comhfhad ó gach pacáiste sa scáinne nó sa bharrach.

Déan an réamhchóireáil ar an sampla tástála saotharlainne.

Glac eiseamail tástála ó na samplaí tástála saotharlainne trí bhíthin glac snáitheanna ar comhfhad a thógáil ón scáinne nó barrach, bí cúramach go bhfuil na snáitheanna uile atá sa ghlac sa sampla.

Más ionann t agus 'tex' na snáithe, agus más ionann n agus líon na bpacáistí arna roghnú ón mbulcshampla saotharlainne, chun sampla tástála 10g a fháil, is é $10^6/nt$ cm fad an tsnáithe atá le tarraingt as gach pacáiste.

Má tá nt ard, i.e. níos mó ná 2 000, déan scáinne níos troime a thochras agus déan dhá thrasghearradh air chun barrach a bhfuil an mhais chuí ann a dhéanamh. Déantar foircinn aon sampla i bhfoirm barraigh a cheangal go docht roimh an réamhchóireáil agus glactar eiseamail tástála ó áit atá fada go leor ón tsnaidhm.

5.2. Snáithe ar dhlúth – Glac an sampla tástála saotharlainne trí phíosa a ghearradh de fhoirceann an dlúith, gan é a bheith níos giorra ná 20 cm ar fhad ach na snáitheanna ar fad sa dlúth a bheith ar áireamh ann cé is moite de na snáitheanna dlúthchiumhaise, rud a fhágtar as.

---

17 Is féidir cumascóir snáithíní a chur in ionad an charda saotharlainne, nó is féidir na snáithíní a mheascadh ar an modh 'toim agus colfairtí'

18 Más féidir na pacáistí a shuiteáil ar chliabh áisiúil is féidir roinnt acu a thochras ag an am céanna.

Ceangail na snáitheanna le chéile ag foirceann amháin. Má tá an sampla rómhór chun é a réamhchóireáil ina iomlán déan é a roinnt ina dhá chuid nó níos mó, iad ceangailte le chéile le haghaidh na réamhchóireála, agus cuir na codanna le chéile arís tar éis dóibh a bheith réamhchóireáilte ar bhonn leithligh. Glac eiseamal tástála trí phíosa a bhfuil fad oiriúnach ann a ghearradh ón sampla saotharlainne ag an bhfoirceann nach bhfuil an tsnaidhm aige, eiseamal a bhfuil snáitheanna uile an dlúith ar áireamh ann. Le haghaidh dlúth ina bhfuil N snáitheanna de 'tex' t, is é fad eiseamail de mhais 1 g ná $10^5$/Nt cm.

6. FABRAIC A SHAMPLÁIL

6.1. Ó bhulcshampla saotharlainne ar aon ghearradh amháin é atá ionadaíoch i ndáil leis an éadach

- Gearr stiall thrasnánach ó chúinne go cúinne agus bain amach na dlúthchiumhaiseanna. Is í an stiall seo an sampla tástála saotharlainne. Chun sampla tástála saotharlainne a fháil a bhfuil mais x gram ann, is é an t-achar a bheidh sa stiall ná $x10^4$/G $cm^2$

más G mais an éadaigh in $g/m^2$.

Déan an réamhchóireáil ar an sampla tástála saotharlainne agus gearr an stiall go trasnach ina ceithre phíosa den fhad céanna agus déan iad a fhorshuí. Glac eiseamail tástála ó chuid ar bith den ábhar cisealach trí ghearradh tríd na cisil ar fad ionas go mbeidh an fad céanna as gach ciseal ar áireamh i ngach eiseamal.

Má tá dearadh fite ar an bhfabraic, ná bíodh leithead an tsampla tástála saotharlainne, arna thomhas i gcomhthreo leis an dlúth, níos lú ná fad an dearaidh de réir an dlúith. Más rud é, agus an coinníoll sin comhlíonta, go bhfuil an sampla tástála saotharlainne rómhór lena chóireáil ina iomlán, gearr é ina chodanna ionann, déan iad a réamhchóireáil ar bhonn leithligh, agus déan na codanna sin a fhorshuí sula roghnaítear an t-eiseamal tástála, bí cúramach nach bhfuil codanna den dearadh a chomhfhreagraíonn dá chéile forshuite ar a chéile.

6.2. Ó bhulcshampla saotharlainne ina bhfuil roinnt gearrthacha

- Déan gach gearradh a chóireáil mar atá tuairiscthe in 6.1, agus tabhair gach toradh ar bhonn leithligh.

7. TÁIRGÍ ATÁ DÉANTA SUAS AGUS TÁIRGÍ CRÍOCHNAITHE A SHÁMPLAIL

Is éard atá i gceist leis an mbulcshampla saotharlainne de ghnáth ná táirge iomlán atá déanta suas nó críochnaithe nó codán ionadaíoch de tháirge dá leithéid.

Más iomchuí, déan céatadán na gcodanna éagsúla den táirge nach bhfuil an t-inneachar snáithíneach céanna iontu a chinneadh, lena sheiceáil go bhfuil Airteagal 13 á chomhlíonadh.

Roghnaigh sampla tástála saotharlainne atá ionadaíoch i ndáil leis an táirge atá déanta suas nó críochnaithe, táirge nach mór go bhfuil a chomhdhéanamh léirithe ar an lipéad. Má tá roinnt lipéad ar an táirge, roghnaigh samplaí tástála saotharlainne atá ionadaíoch i ndáil le gach cuid a bhaineann le lipéad ar leith.

Mura táirge aonfhoirmeach é an táirge a bhfuil a chomhdhéanamh le cinneadh, d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach samplaí tástála saotharlainne a roghnú ó gach cuid den táirge agus cion na gcodanna éagsúla a chinneadh i ndáil leis an táirge iomlán i gceist.

Ansin, déan na céatadáin a ríomh, agus cion na gcodanna arna sampláil á chur san áireamh.

Déan an réamhchóireáil ar na samplaí tástála saotharlainne.

Ansin, roghnaigh eiseamail tástála atá ionadaíoch i ndáil leis na samplaí tástála saotharlainne arna réamhchóireáil.

**II. Modhanna lena ndéantar anailís chainníochtúil ar mheascáin de shnáithíní teicstíle: Réamhrá**

Bunaithe ar dhá phríomhphróiseas atá na modhanna lena ndéantar anailís chainníochtúil ar mheascáin snáithíní, is é sin le rá, snáithíní a dheighilt de láimh agus go ceimiceach.

Úsáidfear an modh deighilte láimhe gach uair is féidir ó tharla gur beaichte, de ghnáth, na torthaí a fhaightear trí úsáid an mhodha sin ná na torthaí a fhaightear tríd an modh ceimiceach. Is féidir é a úsáid le haghaidh na dteicstílí sin go léir nach meascán caidreamhach atá ina gcuid comhábhar snáithíneach. Is amhlaidh, mar shampla, i gcás snátha atá comhdhéanta de roinnt eilimintí ar eilimintí atá comhdhéanta d'aon snáithín amháin gach aon cheann acu, nó i gcás fabraicí ina bhfuil an cineál snáithín sa dlúth éagsúil ón gcineál snáithín san inneach, nó i gcás fabraicí cniotáilte is féidir a roiseadh atá comhdhéanta de chineálacha éagsúla snátha.

De ghnáth, bíonn na modhanna lena ndéantar anailís chainníochtúil cheimiceach bunaithe ar thuaslagadh roghnaíoch na gcomhábhar aonair. I ndiaidh do chomhábhar a bheith asbhainte, meáitear an t-iarmhar dothuaslagtha agus ríomhtar an cion den chomhábhar intuaslagtha i bhfianaise na maise a cailleadh. Sa chéad chuid den Iarscríbhinn tugtar an fhaisnéis is coiteann do na hanailísí ar na meascáin uile ar a bhfuil trácht san Iarscríbhinn nuair a úsáidtear an modh seo, is cuma cad é a gcomhdhéanamh. Dá bhrí sin, úsáidfear an doiciméad seo in éineacht leis na ranna éagsúla den Iarscríbhinn ina bhfuil na nósanna imeachta mionsonraithe is infheidhme maidir le meascáin áirithe snáithíní. Ar uairibh, is ar phrionsabal ar leith seachas ar thuaslagadh roghnaíoch a bhunaítear anailís; i cásanna den sórt sin, tugtar na sonraí go léir faoin gceannteideal chuí.

Sna meascáin a úsáidtear le linn na próiseála, agus go pointe áirithe, sna teicstílí críochnaithe, d'fhéadfadh ábhar neamhshnáithíneach a bheith ann, amhail saill, céaracha nó cóirithe, nó ábhar uiscethuaslagtha, bíodh siad ann ó nádúr nó bíodh siad curtha leo chun an phróiseáil a éascú. Ní mór an t-ábhar neamhshnáithíneach a asbhaint roimh an anailís. Is i ngeall air sin a thugtar freisin modh lena n-asbhaintear olaí, saill, céaracha agus ábhar intuaslagtha in uisce.

Ina theannta sin, d'fhéadfadh roisín a bheith i dteicstílí freisin, nó d'fhéadfadh ábhar eile a cuireadh leo chun tréithe airíonna a chur leo a bheith iontu freisin. D'fhéadfadh ábhar den sórt sin, lena n-áirítear ábhar ruaime i gcásanna eisceachtúla, cur isteach ar oibriú an imoibrí ar an gcomhábhar intuaslagtha agus/nó d'fhéadfadh an t-imoibrí é a asbhaint go páirteach nó go hiomlán. D'fhéadfadh ábhar den sórt sin earráid a chruthú, dá bhrí sin ní mór é a asbhaint sula ndéantar an anailís. Más rud é nach féidir ábhar den sórt sin arna chur le teicstílí a asbhaint, níl na modhanna lena ndéantar anailís chainníochtúil cheimiceach infheidhme a thuilleadh.

Meastar gur cuid dhílis den snáithín an ruaim i bhfabraicí ruaimnithe, agus ní asbhaintear í.

Is ar bhonn mais thirim a dhéantar na hanailísí agus tugtar modh oibre d'fhonn an mhais sin a chinneadh.

Faightear an toradh tríd an gcion ceadaithe atá liostaithe in Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Rialachán seo a chur i bhfeidhm maidir le mais thirim gach aon snáithín.

Sula ndéantar aon anailís, ní mór na snáithíní go léir atá sa mheascán a shainaithint. I gcás modhanna áirithe, féadtar an comhábhar dothuaslagtha i meascán a thuaslagadh go páirteach san imoibrí arna úsáid chun an comhábhar nó na comhábhair intuaslagtha a thuaslagadh.

Nuair ab fhéidir é, roghnaíodh imoibrithe nach bhfuil éifeacht acu nó a bhfuil éifeacht neamhthábhachtach acu ar shnáithíní dothuaslagtha. Más eol go gcailltear mais le linn na hanailíse, ceartófar an toradh; tugtar fachtóirí ceartúcháin chun na críche sin. Cinneadh na fachtóirí sin i saotharlanna éagsúla trí bhíthin snáithíní a glanadh sa réamhchóireáil a chóiriú leis an imoibrí iomchuí mar atá sonraithe sa mhodh anailíse.

Is le snáithíní neamhdhíghrádaithe amháin a bhaineann na fachtóirí ceartúcháin seo agus d'fhéadfadh gá a bheith le fachtóirí ceartúcháin eile más rud é gur díghrádaíodh na snáithíní le linn na próiseála nó ina diaidh. Tá na modhanna oibre a thugtar infheidhme maidir le cinntí aonair.

Déanfar ar a laghad dhá chinneadh ar eiseamail leithleacha, i gcás na deighilte láimhe agus i gcás na deighilte ceimicí araon.

I gcás ina bhfuil amhras ann, moltar modhanna oibre malartacha a úsáid sa chruth go dtuaslagtar ar dtús an comhábhar a bhí ina iarmhar sa mhodh caighdeánach, ach amháin má tá sé sin dodhéanta go teicniúil.

## CAIBIDIL 2

## Modhanna lena ndéantar anailís chainníochtúil ar mheascáin dhénártha áirithe de shnáithíní

### I. Eolas ginearálta is coiteann do na modhanna a thugtar chun anailís chainníochtúil cheimiceach a dhéanamh ar mheascáin de shnáithíní teicstíle

*I.1. Réimse feidhme*

I réimse feidhme gach modha, sonraítear na snáithíní a bhfuil an modh infheidhme maidir leo.

*I.2. Prionsabal*

I ndiaidh na comhábhair meascáin a shainaithint, asbhaintear an t-ábhar neamhshnáithíneach trí réamhchóireáil oiriúnach, ansin asbhaintear ceann amháin de na comhábhair, trí thuaslagadh roghnaíoch de ghnáth[19]. Meáitear an t-iarmhar dothuaslagtha agus ríomhtar an cion sin den chomhábhar intuaslagtha i bhfianaise na maise a cailleadh. Is fearr an snáithín atá sa chion is mó a thuaslagadh, agus ar an dóigh sin an snáithín sa chion is lú a fháil mar iarmhar, ach amháin sa chás go bhfuil deacrachtaí teicniúla ag baint leis seo.

*I.3. Ábhair agus trealamh*

*I.3.1. Fearas*

I.3.1.1. Scagbhreogáin agus meábhuidéil atá mór go leor le gur féidir breogáin den chineál sin a chur isteach iontu, nó aon fhearas eile a thabharfadh torthaí comhionanna.

I.3.1.2. Folúsfhleascán.

I.3.1.3. Triomadán ina bhfuil glóthach shilice féintásctha

I.3.1.4. Oigheann aeráilte chun eiseamal a thriomú ag 105 ± 3ºC.

I.3.1.5. Meá anailíseach, ag a bhfuil beachtas 0,0002 g.

I.3.1.6. Fearas eastósctha Soxhlet no fearas eile a thugann torthaí comhionanna.

*I.3.2. Imoibrithe*

I.3.1.1. Peitriliam éadrom, athdhriogtha, fiuchraon idir 40ºC agus 60ºC.

I.3.1.2. Tá imoibrithe eile sonraithe faoi na ceannteidil iomchuí i ngach modh. Ba cheart go mbeadh gach imoibrí a úsáidtear íon go ceimiceach.

I.3.1.3. Uisce driogtha nó dí-ianaithe.

I.3.1.4. Aicéatón.

---

[19] Eisceacht atá i Modh 12. Tá sé sin bunaithe ar chinneadh maidir lena bhfuil i substaint ar comhábhar í de chuid ceann amháin den dá chomhábhar.

I.3.1.5. Aigéad ortafosfarach

I.3.1.6. Úiré.

I.3.1.7. Décharbónáit sóidiam.

Beidh na himoibrithe go léir a úsáidtear íon go ceimiceach.

*I.4. Atmaisféar don chomhoiriúnú agus don tástáil*

Toisc go gcinntear na maiseanna tirime, ní gá an t-eiseamal a chomhoiriúnú ná anailís a dhéanamh in atmaisféar comhoiriúnaithe.

*I.5. Sampla tástála saotharlainne*

Roghnaigh sampla tástála saotharlainne atá ionadaíoch don bhulcshampla saotharlainne agus atá leordhóthanach le go soláthróidh sé na heiseamail go léir is gá. Beidh ar a laghad 1 g i ngach eiseamal.

*I.6. An sampla tástála saotharlainne a réamhchóireáil*[20]

I gcás ina bhfuil an tsubstaint nach bhfuil le cur san áireamh sna ríomhanna céatadánacha (féach Airteagal 16 den Rialachán seo) i láthair, asbhainfear i dtús báire é trí mhodh oiriúnach nach n-imreoidh aon tionchar ar na comhábhair shnáithíneacha.

Chun na críche seo, asbhaintear aon ábhar neamhshnáithíneach is féidir a eastósc le peitriliam éadrom agus uisce trí bhíthin an sampla aerthriomaithe a chóireáil i bhfearas eastósctha Soxhlet le peitriliam éadrom ar feadh 60 nóiméad ar a laghad, ag íosráta sé thimthriall in aghaidh na huaire an chloig. Lig don pheitriliam éadrom galú as an sampla, ansin eastósctar trí chóireáil dhíreach é, is é sin le rá, an t-eiseamal a chur ar maos in uisce atá ag teocht an tseomra ar feadh 60 nóiméad agus ansin é a mhaothú in uisce ag 65 ± 5°C ar feadh uaire an chloig eile agus an licéar á chorraí ó am go chéile. Úsáid cóimheas eiseamal le licéar 100:1. Bain an t-uisce as an sampla trí fháscadh, súchán nó lártheifneoiriú; ansin, lig don sampla triomú san aer.

I gcás leastolaifín nó meascáin snáithíní ina bhfuil leastolaifín agus snáithíní eile (olann, fionnadh ainmhíoch, síoda, cadás, líon, fíorchnáib, siúit, cnáib mhainileach, alfa, coighir, giolcach shléibhe, ráimí, siseal, copró, modal, próitéin, vioscós, aicrileach, polaimíd nó níolón, poileistear, leaist-ileistear), athrófar beagán an modh oibre a bhfuil tuairisc air thuas, i.e. cuirfear aicéatón in ionad an pheitriliam éadroim.

I gcás meascán dénártha ina bhfuil leastolaifín agus aicéatáit úsáidfear an modh oibre seo a leanas mar réamhchóireáil: Eastósc an t-eiseamal ar feadh 10 nóiméad ag 80°C le tuaslagán ina bhfuil 25 g/l d'aigéad ortafosfarach 50% agus 50 g/l úiré. Úsáid cóimheas eiseamal le licéar 100:1. Nigh an t-eiseamal in uisce, ansin taosc an t-uisce agus nigh i dtuaslagán décharbónáite sóidiam 0,1% é, agus ar deireadh nigh go cúramach in uisce é.

Más rud é nach féidir an t-ábhar neamhshnáithíneach a eastósc le peitriliam éadrom agus uisce, asbhainfear é, de rogha ar an modh uisce a bhfuil tuairisc air thuas, trí mhodh oiriúnach nach ndéanann aon athrú substainteach ar aon cheann de na comhábhair shnáithíneacha.

---

[20] Féach Caibidil 1.1

Tabhair faoi deara, áfach, nach n-asbhaintear na substaintí nádúrtha neamhshnáithíneacha go léir tríd an ngnáth-réamhchóireáil le peitriliam éadrom agus uisce i gcás roinnt snáithíní glasraí nádúrtha neamhthuartha (e.g. siúit, coighir); mar sin féin, ní dhéantar réamhchóireáil sa bhreis ach amháin sa chás nach bhfuil bailchríocha atá dothuaslagtha i bpeitriliam éadrom agus in uisce araon sa sampla.

Ar áireamh sna tuarascálacha anailíse beidh gach sonra faoi na modhanna réamhchóireála arna n-úsáid.

*I.7. An modh oibre*

*I.7.1. Treoracha ginearálta*

*I.7.1.1. Triomú*

Déan an triomú ar fad le linn tréimhse nach giorra ná ceithre huaire an chloig agus nach faide ná 16 huaire an chloig ag 105 ± 3ºC in oigheann aeráilte agus bíodh doras an oighinn dúnta le linn na tréimhse sin ar fad. Más giorra tréimhse an triomaithe ná 14 huaire an chloig, ní mór an t-eiseamal a mheá le fíorú go bhfuiltear tar éis mais thairiseach a bhaint amach. Is féidir a mheas go bhfuil mais thairiseach bainte amach más rud é gur lú an t-athrúchán maise, tar éis tréimhse eile triomaithe 60 nóiméad, ná 0,05%.

Ná láimhseáil breogáin, meábhuidéil, eiseamail ná iarmhair leis na lámha nochta agus an triomú, an fuarú agus an mheá ar siúl.

Triomaigh na heiseamail i meábhuidéal agus bíodh clúdach an bhuidéil in aice leis. Tar éis an triomaithe, cuir stopallán sa bhuidéal meáite sula mbaintear as an oigheann é, agus aistrigh isteach sa triomadán go tapa é.

Triomaigh an scagbhreogán i meábhuidéal agus bíodh clúdach an bhuidéil in aice leis san oigheann. Tar éis an triomaithe, dún an meábhuidéal agus aistrigh isteach sa triomadán go tapa é.

Má úsáidtear fearas nach scagbhreogán é, ní mór an triomú a dhéanamh san oigheann sa chruth go mbeifear in ann mais thirim na snáithíní a chinneadh gan aon chailliúint.

*I.7.1.2. Fuarú*

Déan an fuarú ar fad sa triomadán agus bíodh an triomadán in aice leis an meá, go dtí go mbeidh na meábhuidéil fuaraithe go huile agus go hiomlán, nó, in aon chás ar leith, le linn tréimhse nach giorra ná dhá uair an chloig.

*I.7.1.3. Meá*

Tar éis an fhuaraithe, bíodh meá an mheábhuidéil curtha i gcrích laistigh de dhá nóiméad tar éis é a thógáil amach as an triomadán. Meáigh go beachtas 0,0002 g.

*I.7.2. Modh oibre*

Tóg eiseamal tástála a bhfuil meáchan 1 g ar a laghad ann as an sampla saotharlainne réamhchóireáilte. Gearr snáth nó éadach ina bpíosaí tuairim is 10 mm ar fad agus bíodh siad diosctha a oiread is féidir. Triomaigh an t-eiseamal i meábhuidéal, fuaraigh sa triomadán é

agus meáigh é. Aistrigh an t-eiseamal isteach sa soitheach gloine atá sonraithe faoin gceannteideal iomchuí den mhodh ábhartha Comhphobail agus meáigh an meábhuidéal arís láithreach agus ríomh mais thirim an eiseamail de réir difríochta. Cuir an tástáil i gcrích mar atá sonraithe faoin gceannteideal iomchuí den mhodh is infheidhme. Scrúdaigh an t-iarmhar le micreascóp le fíorú go bhfuil an chóireáil tar éis an snáithín intuaslagtha a asbhaint.

*I.8. Na torthaí a ríomh agus a shloinneadh*

Sloinn mais an chomhábhair dhothuaslagtha mar chéatadán de mhais iomlán na snáithíní sa mheascán. Is de réir difríochta a ríomhtar céatadán an chomhábhair intuaslagtha. Ríomh na torthaí i bhfianaise mais ghlan thirim arna coigeartú ag (a) an cion ceadaithe, agus ag (b) na fachtóirí ceartúcháin is gá chun cailliúint ábhair le linn na réamhchóireála agus na hainilíse a chur san áireamh. Déanfar na ríomhanna trí bhíthin na foirmle a thugtar in I.8.2 a chur i bhfeidhm.

*I.8.1. Céatadán an chomhábhair dhothuaslagtha a ríomh ar bhonn maise tirime glaine, gan aon chailliúint i mais an tsnáithín le linn na réamhchóireála a chur san áireamh.*

$$P_1\% = \frac{100\ rd}{m}$$

P1%: céatadán den chomhábhar dothuaslagtha tirime glaine,

m: céatadán de mhais thirim an eiseamail tástála tar éis na réamhchóireála,

r: mais thirim an iarmhair,

d: an fachtóir ceartúcháin lena gcuirtear san áireamh cailliúint maise an chomhábhair dhothuaslagtha san imoibrí. Tugtar luachanna oiriúnacha le haghaidh 'd' faoi gceannteideal ábhartha i ngach modha.

Ar ndóigh, is iad na gnáthluachanna is infheidhme maidir le snáithíní atá neamhdhíghrádaithe go ceimiceach na luachanna seo le haghaidh 'd'.

*I.8.2. Céatadán an chomhábhair dhothuaslagtha a ríomh ar bhonn na maise glaine tirime, arna choigeartú ag gnáthfhachtóirí, agus nuair is iomchuí, ag fachtóirí ceartúcháin lena gcuirtear san áireamh cailliúint maise le linn na réamhchóireála.*

$$P_{1A}\% = \frac{100\,P_1\left(1+\frac{(a_1+b_1)}{100}\right)}{P_1\left(1+\frac{a_1+b_1}{100}\right)+(100-P_1)\left(1+\frac{a_2+b_2}{100}\right)}$$

$P_{1A}$%: céatadán den chomhábhar dothuaslagtha arna choigeartú ag an gcion ceadaithe de réir gnáis agus cailliúint maise le linn na réamhchóireála á cur san áireamh.

$P_1$: céatadán den chomhábhar dothuaslagtha tirim glan arna ríomh ar bhonn na foirmle atá tugtha in I.8.1.

$a_1$: an cion ceadaithe de réir gnáis le haghaidh an chomhábhair dhothuaslagtha (féach Iarscríbhinn IX)

$a_2$: an cion ceadaithe de réir gnáis le haghaidh an chomhábhair intuaslagtha (féach Iarscríbhinn IX)

$b_1$: an céatadán caillteanais sa chomhábhar dothuaslagtha i ngeall ar an réamhchóireáil

$b_2$: an céatadán caillteanais sa chomhábhar intuaslagtha i ngeall ar an réamhchóireáil

Is é $P_2A\% = 100 - P_{1A}\%$ céatadán an dara comhábhar.

I gcás réamhchóireáil speisialta a bheith úsáidte, cinnfear luach $b_1$ agus luach $b_2$, más féidir, trí bhíthin an réamhchóireáil a úsáidtear san anailís a dhéanamh ar gach ceann de na comhábhair shnáithíneacha íona. Is éard atá sna snáithíní íona na snáithíní sin atá saor ó gach ábhar neamhshnáithíneach seachas an t-ábhar sin a bhíonn iontu de ghnáth (ó nádúr nó i ngeall ar an bpróiseas monaraíochta) sa riocht (neamhthuartha, tuartha) ina bhfuil siad san ábhar a bhfuil anailís le déanamh air.

Mura bhfuil aon snáithín glan ar leith le fáil ar comhábhar é agus a úsáideadh i monarú an ábhair a bhfuil anailís le déanamh air, is meánluachanna $b_1$ agus $b_2$ arna bhfáil i dtástálacha arna ndéanamh ar shnáithíní glana atá comhchosúil leis na snáithíní sa mheascán faoi scrúdú a úsáidfear.

Má dhéantar an gnáth-réamhchóireáil trí eastóscadh le peitriliam éadrom agus uisce, is féidir neamhshuim a dhéanamh de fhachtóirí ceartúcháin $b_1$ agus $b_2$ de ghnáth, ach amháin i gcás cadáis neamhthuartha, lín neamhthuartha, agus cnáibe neamhthuartha; sna cásanna sin, glactar leis, de réir gnáis, gurb é 4% an chailliúint i ngeall ar an réamhchóireáil, agus 1% i gcás polapróipiléine.

I gcás snáithíní eile, is é an gnás é go gcuirtear cailliúintí i ngeall ar an réamhchóireáil as an áireamh.

**II. Modh na hanailíse cainníochtúla trí dheighilt de láimh**

*II.1. Réimse feidhme*

Tá an modh seo infheidhme maidir le snáithíní teicstíle den uile chineál, ar chuntar nach meascán caidreamhach iad agus gur féidir iad a dheighilt de láimh.

*II.2. Prionsabal*

I ndiaidh chomhábhair na teicstíle a shainaithint, asbhaintear an t-ábhar neamhshnáithíneach trí réamhchóireáil oiriúnach, deighltear na snáithíní de láimh, triomaítear iad agus meáitear iad d'fhonn cion gach snáithín sa mheascán a ríomh.

*II.3. Fearas*

II.3.1. Meábhuidéal nó aon fhearas eile nó aon fhearas a thugann torthaí comhionanna.

II.3.2. Triomadán ina bhfuil glóthach shilice féintásctha.

II.3.3. Oigheann aeráilte chun eiseamal a thriomú ag 105 ± 3 ºC.

II.3.4. Meá anailíseach ag a bhfuil beachtas 0,0002 g.

II.3.5. Fearas eastósctha Soxhlet nó aon fhearas eile a thugann torthaí comhionanna.

II.3.6. Snáthaid.

II.3.7. Tástálaí casnóige nó fearas comhchosúil.

II.4. Imoibrithe

II.4.1. Peitriliam éadrom, athdhriogtha, fiuchraon idir 40ºC agus 60ºC.

II.4.2. Uisce driogtha nó dí-ianaithe.

*II.5. Atmaisféar don chomhoiriúnú agus don tástáil*

Féach I.4.

*II.6. Sampla tástála saotharlainne*

Féach I.5.

*II.7. An sampla tástála saotharlainne a réamhchóireáil*

Féach I.6.

*II.8. An modh oibre*

*II.8.1. Anailís ar an snáth*

Roghnaigh eiseamal nach éadroime ná 1 g as an sampla tástála saotharlainne réamhchóireáilte. I gcás snátha an-mhín, is féidir an anailís a dhéanamh ar fhad nach giorrá ná 30 m, is cuma cad í an mhais atá ann.

Gearr an snáth i bpíosaí a bhfuil fad oiriúnach iontu agus deighil na cineálacha snáithíní le snáthaid agus, más gá, le tástálaí casnóige. Cuirtear na cineálacha snáithíní a fhaightear ar an mbealach seo i meábhuidéil réamh-mheáite, agus triomaítear iad ag 105 ± 3ºC go dtí go mbaintear amach mais thairiseach, mar atá tuairiscithe in I.7.1 agus I.7.2.

*II.8.2. Anailís ar an éadach*

I bhfad amach ó gach dlúthchiumhais, roghnaigh eiseamal a bhfuil mais nach éadroime ná 1 g ann as an sampla tástála saotharlainne réamhchóireáilte, eiseamal ar a bhfuil na ciumhaiseanna bearrtha go cúramach chun sceitheadh a sheachaint agus atá comhthreomhar le snáth an dlúith nó le snáth an innigh, nó i gcás fabraicí cniotáilte, atá comhthreomhar leis na buinní agus na cúrsaí. Deighil na cineálacha éagsúla snáithíní, cruinnigh i meábhuidéil réamh-mheáite iad agus lean ar aghaidh ar an mbealach atá tuairiscithe in II.8.1.

*II.9. Na torthaí a ríomh agus a shloinneadh*

Sloinn mais gach comhábhair shnáithínigh mar chéatadán de mhais iomlán na snáithíní atá sa mheascán. Ríomh na torthaí i bhfianaise mais ghlan thirim arna coigeartú ag (a) an cion ceadaithe agus ag (b) na fachtóirí ceartúcháin is gá chun cailliúint ábhair le linn na réamhchóireála a chur san áireamh.

II.9.1. Céatadán de na maiseanna snáithíní tirime glana a ríomh, gan aon mhais snáithíní a cailleadh a chur san áireamh.

$$P_1\% = \frac{100\, m_1}{m_1 + m_2} = \frac{100}{1 + \frac{m_2}{m_1}}$$

$P_1\%$: céatadán den chéad chomhábhar tirim glan,

$m_1$: mais ghlan thirim an chéad chomhábhair,

$m_2$: mais ghlan thirim an dara comhábhar.

II.9.2. Maidir le céatadán gach comhábhar arna choigeartú ag an gcion ceadaithe agus, nuair is iomchuí, ag fachtóirí ceartúcháin lena gcuirtear san áireamh cailliúint maise le linn na réamhchóireála, a ríomh, féach I.8.2.

**III.2. Beachtas na modhanna**

Is le hin-atáirgtheacht a bhaineann an beachtas atá luaite i ngach modh.

Is le hiontaofacht a bhaineann an in-atáirgtheacht, i.e. a chomhchosúla atá na luachanna turgnamhacha arna bhfáil ag oibreoirí i saotharlanna éagsúla nó ag amanna éagsúla agus úsáid á baint as an modh céanna ach ag gnóthú torthaí éagsúla le heiseamail ar meascán comhsheasmhach comhionann iad.

Sloinntear an in-atáirgtheacht le teorainneacha muiníne na dtorthaí, i gcás leibhéal muiníne 95%.

Dá bhrí sin, dá gcuirfí an modh i bhfeidhm ar an ngnáthbhealach mar is cuí ar mheascán comhionann comhsheasmhach, ní shárófaí an difríocht idir dhá thoradh i sraith anailísí arna déanamh i saotharlanna éagsúla ach i gcúig chás as céad cás.

**III.2. Tuarascáil ar an tástáil**

III.2.1. Luaigh go ndearnadh an anailís i gcomhréir leis an modh seo.

III.2.2. Má bhí aon réamhchóireáil ann, luaigh na sonraí ina taobh (féach I.6).

III.2.3. Luaigh na torthaí aonair agus an meán uimhríochtúil, gach aon cheann acu go 0,1 beachtais.

**IV. Modhanna speisialta**

TÁBLA ACHOIMRE

| Modh | Réimse feidhme | | Imoibrí |
|---|---|---|---|
| | Comhábhar intuaslagtha | Comhábhar dothuaslagtha | |
| 1. | Aicéatáit | Snáithíní áirithe eile | Aicéatón |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 2. | Snáithíní áirithe próitéine | Snáithíní áirithe eile | Fochlóirít |
| 3. | Vioscós, copró nó cineálacha áirithe modal | Cadás, lastolaifín nó meilimín | Aigéad formach agus clóiríd since |
| 4. | Polaimíd nó níolón | Snáithíní áirithe eile | Aigéad formach, 80% m/m |
| 5. | Aicéatáit | Trí-aicéatáit, lastolaifín nó meilimín | Alcól beinsile |
| 6. | Trí-aicéatáit nó polalachtaíd | Snáithíní áirithe eile | Déchlóraimeatán |
| 7. | Snáithíní áirithe ceallalóis | Poileistear, leaist-ileistear nó leastolaifín | Aigéad sulfarach, 75% m/m |
| 8. | Aicriligh, modaicriligh áirithe nó clórashnáithíní áirithe | Snáithíní áirithe eile | Démheitiolformaimí d |
| 9. | Clórashnáithíní áirithe | Snáithíní áirithe eile | Déshuilfíd charbóin/aicéatón, 55,5/44,5 v/v |
| 10. | Aicéatáit | Clórashnáithíní áirithe, leastolaifín, nó meilimín | Aigéad aicéiteach oighreach |
| 11. | Síoda | Olann, fionnadh, leastolaifín nó meilimín | Aigéad sulfarach, 75% m/m |
| 12. | Siúit | Snáithíní áirithe ainmhíocha | Modh ina n-úsáidtear an cion nítrigine |
| 13. | Polapróipiléin | Snáithíní áirithe eile | Xiléin |
| 14. | Snáithíní áirithe eile | Clórashnáithíní (homapolaiméirí de chuid vinile clóiríde), leastolaifín nó meilimín | Modh ina n-úsáidtear aigéad sulfarach tiubhaithe |
| 15. | Clórashnáithíní, modaicriligh áirithe, leaisteáin áirithe, aicéatáití, trí-aicéatáití | Snáithíní áirithe eile | Cioglaiheacsánón |
| 16. | Meilimín | Cadás nó araimíd | Aigéad formach te, 90%m/m |

### *MODH Uimh. 1*

## AICÉATÁIT AGUS SNÁITHÍNÍ ÁIRITHE EILE

### (Modh ina n-úsáidtear aicéatón)

1. RÉIMSE FEIDHME

Tá an modh seo infheidhme, tar éis an t-ábhar neamhshnáithíneach a bheith asbhainte, maidir le meascáin dhénártha de:

1. aicéatáit (19)

agus

2. olann (1), fionnadh ainmhíoch (2 agus 3), síoda (4), cadás (5), líon (7) fíorchnáib (8), siúit (9), cnáib mhainileach (10), alfa (11), coighir (12), giolcach shléibhe (13), ráimí (14), siseal (15), copró (21), modal (22), próitéin (23), vioscós (25), aicrileach (26), polaimíd nó níolón (30), poileistear (35), leaist-ileistear (46), leastolaifín (47) agus meilimín (48).

Níl an modh infheidhme ar chuntar ar bith maidir le snáithíní aicéatáite a dí-aicéitilíodh ar an dromchla.

2. PRIONSABAL

Déantar an aicéatáit a thuaslagadh as méid aithnide de mhais thirim an mheascáin le haicéatón. Déantar an t-iarmhar a bhailiú, a ní, a thriomú agus a mheá; déantar mais an iarmhair, i bhfoirm cheartaithe más gá, a shloinneadh mar chéatadán de mhais thirim an mheascáin. Is de réir difríochta a ríomhtar an céatadán den aicéatáit thirim.

3. FEARAS AGUS IMOIBRITHE (sa bhreis orthu sin atá sonraithe sna treoracha ginearálta)

3.1. Fearas

Fleascáin chónúla ar a bhfuil stopallán gloine feistithe agus a bhfuil toilleadh 200 ml ar a laghad iontu.

3.2. Imoibrí

Aicéatón.

4. AN MODH OIBRE

Lean an modh oibre atá tuairiscithe sna treoracha ginearálta agus ansin déan mar seo a leanas:

Cuir 100 ml aicéatóin in aghaidh gach graim den eiseamal leis an eiseamal atá i bhfleascán cónúil a bhfuil toilleadh 200 ml ann ar a laghad agus ar a bhfuil stopallán gloine feistithe. Croith an fleascán, fág ar feadh 30 nóiméad ag teocht an tseomra é, corraigh ó am go chéile, agus ansin scinceáil an leacht tríd an scagbhreogán meáite.

Déan an chóireáil sin dhá uair eile, i.e. trí easctóscadh san iomlán, le linn tréimhsí nach faide ná 15 nóiméad, sa chruth gur aon uair an chloig amháin san iomlán a mhaireann an chóireáil in aicéatón. Aistrigh an t-iarmhar isteach sa scagbhreogán. Nigh an t-iarmhar sa scagbhreogán

le haicéatón, ansin taosc trí shúchán. Athlíon an breogán le haicéatón agus lig dó sileadh trí dhomhantarraingt.

Ar deireadh, taosc an breogán trí shúchán, triomaigh an breogán agus an t-iarmhar, agus ansin fuaraigh agus meá iad.

5. NA TORTHAÍ A RÍOMH AGUS A SHLOINNEADH

Déan na torthaí a ríomh mar atá tuairiscithe sna treoracha ginearálta. Is é 1,00 luach 'd', ach amháin i gcás meilimín, cás ina bhfuil 'd' = 1,01.

6. BEACHTAS

Má chuirtear an modh seo i bhfeidhm ar mheascán aonchineálach d'ábhair teicstíle, ní bhíonn teorainneacha muiníne na dtorthaí a fhaightear níos airde ná ± 1 i gcás leibhéal muiníne 95%.

*MODH Uimh. 2*

**SNÁITHÍNÍ ÁIRITHE PRÓITÉINE AGUS SNÁITHÍNÍ ÁIRITHE EILE**

**(Modh ina n-úsáidtear fochlóirít)**

1. RÉIMSE FEIDHME

Tá an modh seo infheidhme, tar éis an t-ábhar neamhshnáithíneach a bheith asbhainte, maidir le meascáin dhénártha de:

1. snáithíní áirithe próitéine, i.e.: olann (1), fionnadh ainmhíoch (2 agus 3), síoda (4), próitéin (23)

agus

2. cadás (5), copró (21), vioscós (25), aicrileach (26), clórashnáithíní (27), polaimíd nó níolón (30), poileistear (35), polapróipiléin (37), leaisteán (43), snáithín gloine (44), leaist-ileistear (46), leastolaifín (47), meilimín (48).

Má tá snáithíní eile próitéine ann, tugann an modh iomlán mhéideanna na snáithíní próitéine sin ach ní thugann sé a méideanna ina gceann is ina gceann.

2. PRIONSABAL

Déantar an snáithín próitéine a thuaslagadh as méid aithnide de mhais thirim an mheascáin le tuaslagán fochlóiríte. Déantar an t-iarmhar a bhailiú, a ní, a thriomú agus a mheá; déantar mais an iarmhair, i bhfoirm cheartaithe más gá, a shloinneadh mar chéatadán de mhais thirim an mheascáin. Is de réir difríochta a ríomhtar an céatadán den snáithín próitéine thirim.

Is féidir fochlóirít litiam nó fochlóirít sóidiam a úsáid chun an tuaslagán fochlóiríte a ullmhú.

Moltar fochlóirít litiam a úsáid i gcásanna ina ndéantar líon beag anailísí nó i gcásanna ina bhfuil achair sách fada idir na hanailisí arna ndéanamh. Is é is cúis leis seo an céatadán fochlóiríte atá i bhfochlóirít litiam soladach a bheith tairiseach beagnach, murab ionann is fochlóirít sóidiam. Más eol an céatadán den fhochlóirít, ní gá an cion fochlóiríte a sheiceáil go hiadaiméadrach i gcás gach aon anailíse, toisc gur féidir cion tairiseach meáite fochlóiríte litiam a úsáid.

3. FEARAS AGUS IMOIBRITHE (seachas iad sin atá sonraithe sna treoracha ginearálta)

3.1. Fearas

Fleascán Erlenmeyer 250 ml ar a bhfuil stopallán gloine mheilte feistithe;

(ii) teirmeastat, inchoigeartaithe go 20 (± 2)ºC.

3.2. Imoibrithe

(i) *Imoibrí fochlóiríte*

(a) Tuaslagán fochlóiríte litiam

Is é atá ann tuaslagán úrullmhaithe ina bhfuil 35 (± 2) g/l de chlóirín ghníomhach (tuairim is 1 M), lena gcuirtear 5 (± 0,5) g/l hiodrocsaíde sóidiam a tuaslagadh roimh ré. Chun an tuaslagán a ullmhú, tuaslaig 100 g d'fhochlóirít litiam ar clóirín ghníomhach 35% di (nó 115 g ar clóirín ghníomhach 30% di) i dtuairim is 700 ml d'uisce driogtha, cuir leis 5 g hiodrocsaíde sóidiam a tuaslagadh i dtuairim is 200 ml uisce driogtha, ansin cuir uisce driogtha leis go 1 lítear. Ní gá an tuaslagán úrullmhaithe a sheiceáil go hiadaiméadrach.

(b) Tuaslagán fochlóiríte litiam

Is é atá ann tuaslagán úrullmhaithe ina bhfuil 35 (± 2) g/l de chlóirín ghníomhach (tuairim is 1 M), lena gcuirtear 5 (± 0,5) g/l hiodrocsaíde sóidiam a tuaslagadhf roimh ré.

Roimh gach anailís, seiceáil go hiadaiméadrach an cion de chlóirín ghníomhach atá sa tuaslagán.

(iii) *Aigéad aicéiteach, tuaslagán caol*

Caolaigh 5 ml d'aigéad aicéiteach oighreach go 1 lítear le huisce.

4. AN MODH OIBRE

Lean an modh oibre atá tuairiscithe sna treoracha ginearálta agus ansin déan mar seo a leanas: measc tuairim is 1 g den sampla le tuairim is 100 ml den tuaslagán fochlóiríte (fochlóirít litiam nó fochlóirít sóidiam) sa fhleascán 250 ml agus corraigh go maith d'fhonn an sampla a fhliuchadh.

Ansin, téigh an fleascán ar feadh 40 nóiméad i dteirmeastat ag 20ºC agus corraigh gan stad é, nó corraigh ar a laghad go tráthrialta é. Toisc go dtuaslagtar an olann go heisiteirmeach, ní mór an teas imoibriúcháin a ghintear leis an modh seo a scaipeadh agus a asbhaint. Mura ndéantar sin, d'fhéadfaí earráidí móra a dhéanamh i ngeall ar thuaslagadh tosaigh na snáithíní neamh-intuaslagtha.

Tar éis 40 nóiméad scag a bhfuil sa fhleascán trí scagbhreogán gloine atá meáite agus aistrigh aon snáithín iarmharach isteach sa scagbhreogán trí bhíthin an fleascán a shruthlú le beagán fochlóiríte. Taosc an breogán trí shúchán agus nigh an t-iarmhar le huisce, ansin le haigéad aicéiteach caol agus ar deireadh le huisce; taosc an breogán trí shúchán i ndiaidh gach níocháin. Ná déan súchán go dtí go mbeidh gach leacht nite silte trí dhomhantarraingt.

Ar deireadh, taosc an breogán trí shúchán, triomaigh an breogán agus an t-iarmhar, agus ansin fuaraigh agus meáigh iad.

5. NA TORTHAÍ A RÍOMH AGUS A SHLOINNEADH

Déan na torthaí a ríomh mar atá tuairiscithe sna treoracha ginearálta. Is é 1,00 luach 'd', ach amháin i gcás cadáis, vioscóis, modal, agus meilimín, cásanna ina bhfuil 'd' = 1,01, agus i gcás cadáis neamhthuartha, cás ina bhfuil 'd' = 1,03.

6. BEACHTAS

Má chuirtear an modh seo i bhfeidhm ar mheascáin d'ábhair teicstíle, ní bhíonn teorainneacha muiníne na dtorthaí a fhaightear níos airde ná ± 1 i gcás leibhéal muiníne 95%.

### *MODH Uimh. 3*

## VIOSCÓS, COPRÓ, NÓ CINEÁLACHA ÁIRITHE MODAL AGUS CADÁIS

### (Modh ina n-úsáidtear aigéad formach agus clóiríd since)

1. RÉIMSE FEIDHME

Tá an modh seo infheidhme, tar éis an t-ábhar neamhshnáithíneach a bheith asbhainte, maidir le meascáin dhénártha de:

1. vioscós (25) nó copró (21), lena n-áirítear cineálacha áirithe snáithín modal (22).

agus

2. cadás (5), leastolaifín (47) agus meilimín (48).

Má fhionntar go bhfuil snáithín modal ann, déanfar réamhthástáil féachaint an bhfuil sé intuaslagtha san imoibrí.

Níl an modh seo infheidhme maidir le meascáin inar bhain díghrádú mór ceimiceach don chadás ná maidir le meascáin ina bhfágtar an vioscós nó an copró go hiomlán intuaslagtha i ngeall ar chineálacha áirithe ruamanna nó bailchríocha a bheith ann nach féidir a eastósc ina n-iomláine.

2. PRIONSABAL

Déantar an vioscós, an copró nó an snáithín modal a thuaslagadh as méid aithnide de mhais thirim an mheascáin le himoibrí arb é atá ann aigéad formach agus clóiríd since. Déantar an t-iarmhar a bhailiú, a ní, a thriomú agus a mheá; déantar mais cheartaithe an iarmhair a shloinneadh mar chéatadán de mhais thirim an mheascáin. Is de réir difríochta a ríomhtar an céatadán den vioscós tirim, den chopró nó den snáithín modal.

3. FEARAS AGUS IMOIBRITHE (seachas iad sin atá sonraithe sna treoracha ginearálta)

3.1. Fearas

(i) Fleascáin chónúla ar a bhfuil stopallán gloine feistithe agus a bhfuil toilleadh 200 ml ar a laghad iontu.

(ii) fearas lena gcoimeádtar fleascáin ag 40 (± 2) ºC.

3.2. Imoibrithe

(i) Tuaslagán ina bhfuil 20 g de chlóiríd since ainhidriúil chomhleáite agus 68 g d'aigéad formach ainhidriúil mar aon le huisce curtha leo sin chun 100 g a dhéanamh (i.e. 20 cuid ina mais clóiríde since ainhidriúil chomhleáite, agus 80 cuid ina mais aigéid formaigh 85% m/m).

*NB:*

Féach, ina leith seo, pointe I.3.2.2 ina bhfuil sé leagtha síos gur cheart go mbeadh na himoibrithe go léir a úsáidtear íon go ceimiceach. Chomh maith leis sin, tá sé sár-riachtanach nach n-úsáidtear ach clóiríd since ainhidriúil chomhleáite amháin.

(ii) Tuaslagán hiodrocsaíde amóiniam: caolaigh 20 ml de thuaslagán tiubhaithe amóinia (sainmheáchan 0,880 g/ml) le huisce go 1 lítear.

4. AN MODH OIBRE

Lean an modh oibre atá tuairiscithe sna treoracha ginearálta agus ansin déan mar seo a leanas: cuir an t-eiseamal sa fhleascán láithreach agus bíodh an fleascán réamhthéite go 40ºC. Cuir 100 ml den tuaslagán aigéid fhormaigh agus clóiríde since leis. Bíodh sé réamhthéite go 40ºC in aghaidh gach graim den eiseamal. Cuir an stopallán ann agus croith go láidir. Coimeád an fleascán agus a bhfuil ann ag teocht thairiseach 40ºC ar feadh dhá uair an chloig go leith; croith é i gceann tréimhsí aon uair an chloig amháin.

Scag a bhfuil sa fhleascán leis an scagbhreogán meáite agus, le cuidiú an imoibrí, aistrigh aon snáithín atá fanta isteach sa fhleascán go dtí an breogán. Sruthlaigh in 20 ml imoibrí.

Nigh an breogán agus an t-iarmhar go maith in uisce atá ag 40 ºC. Nigh an t-iarmhar snáithíneach i dtuairim is 100 ml de thuaslagán fuar amóinia (3.2.ii) agus cinntigh go bhfanann an t-iarmhar seo go hiomlán tumtha sa tuaslagán ar feadh 10 nóiméad (1); ansin nigh go maith in uisce fuar.

Ná déan súchán go dtí go mbeidh gach leacht nite silte trí dhomhantarraingt.

Ar deireadh, taosc an leacht atá fanta trí shúchán, triomaigh an breogán agus an t-iarmhar, agus ansin fuaraigh agus meáigh iad.

5. NA TORTHAÍ A RÍOMH AGUS A SHLOINNEADH

Déan na torthaí a ríomh mar atá tuairiscithe sna treoracha ginearálta. Is é 1,02 luach 'd' i gcás cadáis, 1,01 i gcás meilimín, agus 1,00 i gcás leastolaifín.

6. BEACHTAS

Má chuirtear an modh seo i bhfeidhm ar mheascán aonchineálach d'ábhair theicstíle, ní bhíonn teorainneacha muiníne na dtorthaí a fhaightear níos airde ná ± 2 i gcás leibhéal muiníne 95%.

*MODH Uimh. 4*

**POLAIMÍD NÓ NÍOLÓN, AGUS CINEÁLACHA EILE SNÁITHÍNÍ**

**(Modh ina n-úsáidtear aigéad formach 80% m/m)**

1. RÉIMSE FEIDHME

Tá an modh seo infheidhme, tar éis an t-ábhar neamhshnáithíneach a bheith asbhainte, maidir le meascáin dhénártha de:

1. polaimíd nó níolón, (30),

agus

2. olann (1), fionnadh ainmhíoch (2 agus 3), cadás (5), copró (21), modal (22), vioscós (25), aicrileach (26), clórashnáithín (27), poileistear (35), polapróipiléin (37), snáithín gloine (44), leaist-ileistear (46), leastolaifín (47), agus meilimín (48).

Mar a luadh thuas, tá an modh seo infheidhme freisin maidir le meascáin ina bhfuil olann, ach má sháraíonn an cion olla 25%, cuirfear Modh Uimh. 2 i bhfeidhm (olann a thuaslagadh i dtuaslagán fochlóiríte sóidiam alcailí)

2. PRIONSABAL

Déantar an snáithín polaimíde a thuaslagadh as méid aithnide de mhais thirim an mheascáin le haigéad formach. Déantar an t-iarmhar a bhailiú, a ní, a thriomú agus a mheá; déantar mais an iarmhair, i bhfoirm cheartaithe más gá, a shloinneadh mar chéatadán de mhais thirim an mheascáin. Is de réir difríochta a ríomhtar an céatadán den polaimíd thirim nó den níolón tirim.

3. FEARAS AGUS IMOIBRITHE (seachas iad sin atá sonraithe sna treoracha ginearálta)

3.1. Fearas

Fleascán cónúil ar a bhfuil stopallán gloine feistithe agus a bhfuil toilleadh 200 ml ar a laghad ann.

3.2. Imoibrithe

(i) Aigéad formach (80% m/m, dlús coibhneasta ag 20°C: 1,186). Caolaigh 880 ml d'aigéad formach 90% m/m (dlús coibhneasta ag 20°C: 1,204) le huisce go 1 lítear. Nó, caolaigh 780 ml d'aigéad formach 98–100% m/m (dlús coibhneasta ag 20°C: 1,220) le huisce go 1 lítear.

Níl an tiúchan cinntitheach sa raon aigéid fhormaigh 77–83% m/m.

(iii) Amóinia, tuaslagán caol: caolaigh 80 ml de thuaslagán amóinia tiubhaithe (dlús coibhneasta ag 20°C: 0.880) le huisce go 1 lítear.

4. AN MODH OIBRE

Lean an modh oibre atá tuairiscithe sna treoracha ginearálta agus ansin déan mar seo a leanas: Cuir 100 ml d'aigéad formach in aghaidh gach graim den eiseamal leis an eiseamal atá sa fhleascán cónúil ar a bhfuil stopallán gloine feistithe agus a bhfuil toilleadh 200 ml ar a laghad ann. Cuir an stopallán sa fhleascán agus croith an fleascán chun an t-eiseamal a fhliuchadh. Fág an fleascán ar feadh 15 nóiméad ag teocht an tseomra agus croith go tráthrialta é. Scag a bhfuil sa fhleascán sa scagbhreogán meáite agus aistrigh aon snáithín iarmharach istech sa bhreogán trí bhíthin an fleascán a ní i méid beag den aigéad formach.

Taosc an breogán trí shúchán agus nigh an t-iarmhar atá ar an scagaire in aigéad formach, ansin in uisce te, ansin i dtuaslagán amóinia caol, agus ar deireadh in uisce fuar; taosc an breogán trí shúchán i ndiaidh gach níocháin. Ná déan súchán go dtí go mbeidh gach licéar nite silte trí dhomhantarraingt.

Ar deireadh, taosc an breogán trí shúchán, triomaigh an breogán agus an t-iarmhar, agus ansin fuaraigh agus meáigh iad.

5. NA TORTHAÍ A RÍOMH AGUS A SHLOINNEADH

Déan na torthaí a ríomh mar atá tuairiscithe sna treoracha ginearálta. Is é 1,00 luach 'd', ach amháin i gcás meilimín, cás ina bhfuil 'd' = 1,01.

6. BEACHTAS

Má chuirtear an modh seo i bhfeidhm ar mheascán aonchineálach d'ábhair teicstíle, ní bhíonn teorainneacha muiníne na dtorthaí a fhaightear níos airde ná ± 1 i gcás leibhéal muiníne 95%.

*MODH Uimh. 5*

**AICÉATÁIT AGUS TRÍ-AICÉATÁIT**

**(Modh ina n-úsáidtear alcól beinsile)**

1. RÉIMSE FEIDHME

Tá an modh seo infheidhme, tar éis an t-ábhar neamhshnáithíneach a bheith asbhainte, maidir le meascáin dhénártha de:

1. aicéatáit (19)

agus

2. trí-aicéatáit (24), leastolaifín (47) agus meilimín (48).

2. PRIONSABAL

Déantar an snáithín aicéatáite a thuaslagadh as méid aithnide de mhais thirim an mheascáin le halcól beinsile ag 52±°C.

Déantar an t-iarmhar a bhailiú, a ní, a thriomú agus a mheá; déantar a mhais a shloinneadh mar chéatadán de mhais thirim an mheascáin. Is de réir difríochta a ríomhtar an céatadán den aicéatáit thirim.

3. FEARAS AGUS IMOIBRITHE (seachas iad sin atá sonraithe sna treoracha ginearálta)

3.1. Fearas

(i) Fleascán cónúil ar a bhfuil stopallán gloine feistithe agus a bhfuil toilleadh 200 ml ar a laghad ann.

(ii) Croiteoir meicniúil.

(iii) Teirmeastat nó fearas eile chun an fleascán a choimeád ag 52 ± 2ºC.

3.2. Imoibrithe

(i) Alcól beinsile,

(ii) Eatánól.

4. AN MODH OIBRE

Lean an modh oibre atá tuairiscithe sna treoracha ginearálta agus ansin déan mar seo a leanas:

Cuir 100 ml alcóil beinsile in aghaidh gach graim den eiseamal leis an eiseamal atá sa fhleascán cónúil. Cuir an stopallán sa fhleascán, fosaigh an fleascán ar an gcroiteoir sa chruth go dtumtar sa dabhach uisce é agus go gcoimeádtar ag 52 ± 2ºC é; croith ar feadh 20 nóiméad é ag an teocht sin.

(De rogha ar chroiteoir meicniúil, is féidir an fleascán a chroitheadh de láimh go láidir).

Scinceáil an leacht tríd an scagbhreogán meáite. Cuir dáileog eile alcóil beinsile sa fhleascán agus croith é mar atá tuairiscithe thuas ag 52 ± 2 ºC ar feadh 20 nóiméad.

Scinceáil an leacht tríd an mbreogán. Déan na céimeanna sin ar fad don tríú huair.

Ar deireadh, doirt an leacht agus an t-iarmhar isteach sa bhreogán; nigh aon snáithín atá fanta sa fhleascán isteach sa bhreogán le cainníocht eile alcóil beinsile ag 52 ± 2ºC. Taosc an breogán go maith.

Cuir na snáithíní isteach i mbreogán, sruthlaigh in eatánól agus i ndiaidh é a chroitheadh de láimh, scinceáil tríd an scagbhreogán.

Déan an sruthlú seo arís faoi dhó nó faoi thrí. Cuir an t-iarmhar sa bhreogán agus taosc go maith é. Triomaigh an breogán agus an t-iarmhar, ansin fuaraigh agus meáigh iad.

5. NA TORTHAÍ A RÍOMH AGUS A SHLOINNEADH

Déan na torthaí a ríomh mar atá tuairiscithe sna treoracha ginearálta. Is é 1,00 luach 'd', ach amháin i gcás meilimín, cás ina bhfuil 'd' = 1,01.

6. BEACHTAS

Má chuirtear an modh seo i bhfeidhm ar mheascán aonchineálach d'ábhair teicstíle, ní bhíonn teorainneacha muiníne na dtorthaí a fhaightear níos airde ná ± 1 i gcás leibhéal muiníne 95%.

*MODH Uimh. 6*

**TRÍ-AICÉATÁITÍ AGUS SNÁITHÍNÍ ÁIRITHE EILE**

**(Modh ina n-úsáidtear déchlóraimeatán)**

1. RÉIMSE FEIDHME

Tá an modh seo infheidhme, tar éis an t-ábhar neamhshnáithíneach a bheith asbhainte, maidir le meascáin dhénártha de:

1. trí-aicéatáit (24) nó polalachtaíd (34)

agus

2. olann (1), fionnadh ainmhíoch (2 agus 3), síoda (4), cadás (5), (21), modal (22), vioscós (25), aicrileach (26), polaimíd nó níolón (30), poileistear (35), snáithín gloine (44), leaist-ileistear (46), leastolaifín (47), agus meilimín (48).

*N.B.:*

Na snáithíní sin ar cuireadh bailchríoch orthu a raibh hidrealú páirteach mar thoradh air, scoireann siad de bheith go hiomlán intuaslagtha san imoibrí. I gcásanna den chineál sin, níl an modh infheidhme.

2. PRIONSABAL

Déantar na snáithíní trí-aicéatáite nó polalachtaíde a thuaslagadh as méid aithnide de mhais thirim an mheascáin le déchlóraimeatán. Déantar an t-iarmhar a bhailiú, a ní, a thriomú agus a mheá; déantar mais an iarmhair, i bhfoirm cheartaithe más gá, a shloinneadh mar chéatadán de mhais thirim an mheascáin. Is de réir difríochta a ríomhtar an céatadán den trí-aicéatáit thirim nó den pholalachtaíd thirim.

3. FEARAS AGUS IMOIBRITHE (seachas iad sin atá sonraithe sna treoracha ginearálta)

3.1. Fearas

Fleascán cónúil ar a bhfuil stopallán gloine feistithe agus a bhfuil toilleadh 200 ml ar a laghad ann.

3.2. Imoibrí

Déchlóraimeatán.

4. AN MODH OIBRE

Lean an modh oibre atá tuairiscithe sna treoracha ginearálta agus ansin déan mar seo a leanas:

Cuir 100 ml déchlóraimeatáin in aghaidh gach graim den eiseamal leis an eiseamal atá i bhfleascán cónúil a bhfuil toilleadh 200 ml ann ar a laghad, cuir an stopallán ann, croith an fleascán gach 10 deich nóiméad chun an t-eiseamal a fhliuchadh agus fág ar feadh 30 nóiméad ag teocht an tseomra é; croith an fleascán go tráthrialta. Scinceáil an leacht tríd an scagbhreogán meáite. Cuir 60 ml déchlóraimeatáin leis an bhfleascán ina bhfuil an t-iarmhar,

croith de láimh é agus scag an leacht tríd an scagbhreogán. Aistrigh aon snáithín iarmharach isteach sa bhreogán trí bhíthin an fleascán a ní i méid beag eile déchlóraimeatáin. Taosc an breogán trí shúchán d'fhonn aon leacht breise a asbhaint, athlíon an breogán le déchlóraimeatán agus lig dó sileadh trí dhomhantarraingt.

Ar deireadh, déan súchán chun aon leacht sa bhreis a bhaint as, ansin cóireáil an t-iarmhar le huisce atá ar fiuchadh chun an tuaslagán ar fad a bhaint as, déan súchán, triomaigh an breogán agus an t-iarmhar, fuaraigh agus meáigh iad.

5. NA TORTHAÍ A RÍOMH AGUS A SHLOINNEADH

Déan na torthaí a ríomh mar atá tuairiscithe sna treoracha ginearálta. Is é 1,00 luach 'd', seachas i gcás poileistir, leaist-ileistir, leastolaifín agus meilimín; 1,01 is ea luach 'd' sna cásanna sin.

6. BEACHTAS

Má chuirtear an modh seo i bhfeidhm ar mheascán aonchineálach d'ábhair teicstíle, ní bhíonn teorainneacha muiníne na dtorthaí a fhaightear níos airde ná ± 1 i gcás leibhéal muiníne 95%.

*MODH Uimh. 7*

**SNÁITHÍNÍ ÁIRITHE CEALLALÓIS AGUS POILEISTEAR**

**(Modh ina n-úsáidtear aigéad sulfarach 75% m/m)**

1. RÉIMSE FEIDHME

Tá an modh seo infheidhme, tar éis an t-ábhar neamhshnáithíneach a bheith asbhainte, maidir le meascáin dhénártha de:

1. cadás (5), líon (7), fíorchnáib (8), ráimí (14), copró (21), modal (22), vioscós (25)

agus

2. poileistear (35), leaist-ileistear (46) agus leastolaifín (47).

2. PRIONSABAL

Déantar an snáithín ceallalóis a thuaslagadh as méid aithnide de mhais thirim an mheascáin le Haigéad sulfarach 75% m/m. Déantar an t-iarmhar a bhailiú, a ní, a thriomú agus a mheá; déantar a mhais a shloinneadh mar chéatadán de mhais thirim an mheascáin. Is de réir difríochta a ríomhtar an cion den snáithín ceallalóis tirim.

3. FEARAS AGUS IMOIBRITHE (seachas iad sin atá sonraithe sna treoracha ginearálta)

3.1. Fearas

(i) Fleascán cónúil ar a bhfuil stopallán gloine feistithe agus a bhfuil toilleadh 500 ml ar a laghad ann.

(ii) Teirmeastat nó fearas eile lena gcoimeádtar an fleascán ag 50 ± 5 ºC.

3.2. Imoibrithe

(i) Aigéad sulfarach, 75 ± 2% m/m

Ullmhaigh an tuaslagán trí 700 ml d'aigéad sulfarach (dlús coibhneasta 1,84 ag 20°C) a chur go cúramach, agus é ag fuarú, le 350 ml d'uisce driogtha.

Nuair a bheidh an tuaslagán fuaraithe go teocht an tseomra caolaigh go 1 lítear le huisce é.

(ii) Amóinia, tuaslagán caol

Caolaigh 80 ml de thuaslagán amóinia (dlús coibhneasta 0,88 ag 20°C) go 1 lítear le huisce.

4. AN MODH OIBRE

Lean an modh oibre atá tuairiscithe sna treoracha ginearálta agus ansin déan mar seo a leanas:

Cuir 200 ml d'aigéad sulfarach 75% in aghaidh gach graim den eiseamal leis an eiseamal atá i bhfleascán cónúil a bhfuil toilleadh 500 ml ar a laghad ann, cuir an stopallán sa fhleascán agus croith go cúramach é chun an t-eiseamal a fhliuchadh.

Coimeád an fleascán ag 50 ± 5ºC ar feadh uaire an chloig, croith é i gceann tréimhsí tuairim is 10 nóiméad. Scag a bhfuil sa fhleascán tríd an scagbhreogán meáite trí shúchán. Aistrigh aon snáithín iarmharach trí bhíthin an fleascán a nigh le beagán d'aigéad sulfarach 75%. Taosc an scagbhreogán trí shúchán agus ní an t-iarmhar atá ar an scagaire aon uair amháin trí bhíthin an breogán a líonadh le cion úr d'aigéad sulfarach. Ná déan súchán go dtí go mbeidh an t-aigéad silte trí dhomhantarraingt.

Nigh an t-iarmhar roinnt uaireanta in uisce fuar ar dtús, ansin i dtuaslagán caol amóinia faoi dhó, ansin in uisce fuar; taosc an breogán trí shúchán i ndiaidh gach níocháin. Ná déan súchán go dtí go mbeidh gach licéar nite taosctha trí dhomhantarraingt. Ar deireadh, taosc an leacht atá fanta sa bhreogán trí shúchán, triomaigh an breogán agus an t-iarmhar, agus ansin fuaraigh agus meáigh iad.

5. NA TORTHAÍ A RÍOMH AGUS A SHLOINNEADH

Déan na torthaí a ríomh mar atá tuairiscithe sna treoracha ginearálta. Is é 1,00 luach 'd'.

6. BEACHTAS

Má chuirtear an modh seo i bhfeidhm ar mheascán aonchineálach d'ábhair teicstíle, ní bhíonn teorainneacha muiníne na dtorthaí a fhaightear níos airde ná ± 1 i gcás leibhéal muiníne 95%.

### *MODH Uimh. 8*

## AICRILIGH, MODAICRILIGH ÁIRITHE NÓ CHLÓRASHNÁITHÍNÍ ÁIRITHE AGUS SNÁITHÍNÍ ÁIRITHE EILE

**(Modh ina n-úsáidtear démheitiolformaimíd)**

1. RÉIMSE FEIDHME

Tá an modh seo infheidhme, tar éis an t-ábhar neamhshnáithíneach a bheith asbhainte, maidir le meascáin dhénártha de:

1. aicriligh (26), modaicriligh áirithe (29), nó clórashnáithíní áirithe (27)[21]

agus

2. olann (1), fionnadh ainmhíoch (2 agus 3), síoda (4), cadás (5), copró (21), modal

(22) vioscós (25), polaimíd nó níolón (30), poileistear (35), leaist-ileistear

(46), leastolaifín (47) agus meilimín (48).

Tá sé chomh hinfheidhme céanna maidir le haicriligh agus modaicriligh áirithe arna gcóireáil le ruamanna réamh-mhiotalaithe, ach níl sé infheidhme maidir le haicriligh agus modaicriligh áirithe atá ruaimnithe le ruamanna iarchróim.

2. PRIONSABAL

Déantar an t-aicrileach, an modaicrileach nó an clórashnáithín a thuaslagadh as méid aithnide de mhais thirim an mheascáin le démheitiolformaimíd arna téamh i ndabhach uisce atá ag an bhfiuchphointe. Déantar an t-iarmhar a bhailiú, a ní, a thriomú agus a mheá. Déantar mais an iarmhair a shloinneadh, i bhfoirm cheartaithe más gá, mar chéatadán de mhais thirim an mheascáin; is de réir difríochta a ríomhtar an céatadán d'aicrileach tirim, de mhodaicrileach tirim nó de chlórashnáithín tirim.

3. FEARAS AGUS IMOIBRITHE (seachas iad sin atá sonraithe sna treoracha ginearálta)

3.1. Fearas

(i) Fleascán cónúil ar a bhfuil stopallán gloine feistithe agus a bhfuil toilleadh 200 ml ar a laghad ann.

(ii) Dabhach uisce atá ag an bhfiuchphointe.

3.2. Imoibrí

Démheitiolformaimíd (fiuchphointe 153 ± 1ºC) ina bhfuil nach mó ná 0,1% uisce.

---

21 Ní mór tuaslagthacht modaicrileach nó clórashnáithíní den chineál sin atá san imoibrí a sheiceáil sula ndéantar an anailís.

Toisc go bhfuil an t-imoibrí seo tocsaineach moltar cochall a úsáid.

4. AN MODH OIBRE

Lean an modh oibre atá tuairiscithe sna treoracha ginearálta agus ansin déan mar seo a leanas:

Déan 80 ml démheitiolformaimíde, a réamhthéadh i ndabhach uisce ag an bhfiuchphointe roimh ré, in aghaidh gach graim den eiseamal a chur leis an eiseamal atá i bhfleascán cónúil ar a bhfuil stopallán gloine feistithe agus a bhfuil toilleadh 200 ml ar a laghad ann, cuir an stopallán ann, croith an fleascán chun an t-eiseamal a fhliuchadh, agus téigh sa dabhach uisce ag an bhfiuchphointe ar feadh uaire an chloig é. Croith de láimh an fleascán agus a bhfuil ann go séimh faoi chúig le linn na tréimhse seo.

Scinceáil an leacht tríd an scagbhreogán meáite agus coimeád na snáithíní sa fhleascán. Cuir 60 ml eile de dhémheitiolformaimíd isteach sa fhleascán agus téigh ar feadh 30 nóiméad eile. Le linn na tréimhse seo croith de láimh an fleascán agus a bhfuil ann go séimh faoi dhó.

Scag a bhfuil sa fhleascán tríd an scagbhreogán trí shúchán.

Aistrigh aon snáithín iarmharach isteach sa bhreogán trí bhíthin an t-eascra a ní i ndémheitiolformaimíd. Taosc an scagbhreogán trí shúchán. Nigh an t-iarmhar i dtuairim is 1 lítear d'uisce te ag 70–80ºC. Líon an breogán arís gach uair.

I ndiaidh gach níocháin, déan súchán ar feadh tamaill bhig ach ná déan sin go dtí go mbeidh an t-uisce silte trí dhomhantarraingt. Má shileann an t-uisce go ró-mhall tríd an mbreogán, b'fhéidir go mbeidh gá le súchán éadrom.

Ar deireadh, triomaigh an breogán agus an t-iarmhar, ansin fuaraigh agus meáigh iad.

5. NA TORTHAÍ A RÍOMH AGUS A SHLOINNEADH

Déan na torthaí a ríomh mar atá tuairiscithe sna treoracha ginearálta. Is é 1,00 luach 'd' ach amháin sna cásanna seo a leanas:

olann 1,01

cadás 1,01

copró 1,01

modal 1,01

poileistear 1,01

leaist-ileistear 1,01

meilimín 1,01

6. BEACHTAS

Má chuirtear an modh seo i bhfeidhm ar mheascán aonchineálach d'ábhair teicstíle, ní bhíonn teorainneacha muiníne na dtorthaí a fhaightear níos airde ná ± 1 i gcás leibhéal muiníne 95%.

***MODH Uimh. 9***

**CLÓRASHNÁITHÍNÍ ÁIRITHE AGUS SNÁITHÍNÍ ÁIRITHE EILE**

**(Modh ina n-úsáidtear meascán de dhéshuilfíd carbóin agus aicéatón, 55,5/44,5)**

1. RÉIMSE FEIDHME

Tá an modh seo infheidhme, tar éis an t-ábhar neamhshnáithíneach a bheith asbhainte, maidir le meascáin dhénártha de:

1. clórashnáithíní áirithe (27), i.e., clórashnáithíní áirithe polaivinile, bíodh siad iarchlóirinithe nó ná bíodh[22].

agus

2. olann (1), fionnadh ainmhíoch (2 agus 3), síoda (4), cadás (5), copró (21), modal (22), vioscós (25), aicrileach (26), polaimíd nó níolón (30), poileistear (35), snáithín gloine (44), leaist-ileistear (46), agus meilimín (48).

I gcás ina sáraíonn an cion síoda sa mheascán 25%, is é Modh Uimh. 2 a úsáidfear.

I gcás ina sáraíonn an cion polaimíde nó níolóin sa mheascán 25%, is é Modh Uimh. 4 a úsáidfear.

2. PRIONSABAL

Déantar an clórashnáithín a thuaslagadh as méid aithnide de mhais thirim an mheascáin le meascán aiseotrópach de dhéshuilfíd carbóin agus aicéatón. Déantar an t-iarmhar a bhailiú, a ní, a thriomú agus a mheá; déantar mais an iarmhair, i bhfoirm cheartaithe más gá, a shloinneadh mar chéatadán de mhais thirim an mheascáin. Is de réir difríochta a ríomhtar an céatadán den snáithín clóiríde polaivinile.

3. FEARAS AGUS IMOIBRITHE (seachas iad sin atá sonraithe sna treoracha ginearálta)

3.1. Fearas

(i) Fleascán cónúil ar a bhfuil stopallán gloine feistithe agus a bhfuil toilleadh 200 ml ar a laghad ann.

(ii) Croiteoir meicniúil.

3.2. Imoibrithe

(i) Meascán aiseotrópach de dhéshuilfíd charbóin agus aicéatón (55,5% déshuilfíde carbóin agus 44,5% aicéatóin de réir toirte). Toisc go bhfuil an t-imoibrí seo tocsaineach moltar cochall a úsáid.

---

[22] Sula ndéantar an anailís, ní mór tuaslagthacht na snáithíní clóiríde polaivinile atá san imoibrí a sheiceáil.

(ii) Eatánól (92% de réir toirte) nó meatánól.

4. AN MODH OIBRE

Lean an modh oibre atá tuairiscithe sna treoracha ginearálta agus ansin déan mar seo a leanas:

Cuir 100 ml den mheascán aiseotrópach in aghaidh gach graim den eiseamal leis an eiseamal atá sa fhleascán cónúil ar a bhfuil stopallán gloine feistithe agus a bhfuil toilleadh 200 ml ar a laghad ann. Cuir an stopallán isteach go daingean sa fhleascán agus croith le croiteoir meicniúil é, nó croith de láimh go láidir é, ar feadh 20 nóiméad ag teocht an tseomra.

Déan an leacht atá ar snámh a scinceáil tríd an scagbhreogán meáite.

Déan an chóireáil arís agus úsáid á baint as 100 ml d'imoibrí úr. Ná scoir de na céimeanna seo ar fad a dhéanamh go dtí nach bhfuil aon sil-leagan polaiméire fágtha ar ghloine uaireadóra nuair a dhéantar braon den leacht eastóisctha a ghalú. Aistrigh an t-iarmhar isteach sa scagbhreogán agus cuir tuilleadh imoibrithe leis, déan súchán chun an leacht a bhaint as, nigh an breogán agus an t-iarmhar in 20 ml alcóil, agus ansin sruthlaigh faoi thrí in uisce. Lig don licéar nite sileadh trí dhomhantarraingt sula dtaosctar trí shúchán é. Triomaigh an breogán agus an t-iarmhar, ansin fuaraigh agus meáigh iad.

*N.B.:*

I gcás meascán áirithe ina bhfuil cion ard clórashnáithín d'fhéadfadh an t-eiseamal crapadh go suntasach le linn an triomaithe, rud a fhágann go dtuaslagann an tuaslagán an clórashnáithín ar luas níos moille.

Mar sin féin, ní chiallaíonn sé seo nach dtuaslagtar an clórashnáithín ina iomláine sa tuaslagán.

5. NA TORTHAÍ A RÍOMH AGUS A SHLOINNEADH

Déan na torthaí a ríomh mar atá tuairiscithe sna treoracha ginearálta. Is é 1,00 luach 'd', ach amháin i gcás meilimín, cás ina bhfuil 'd' = 1,01.

6. BEACHTAS

Má chuirtear an modh seo i bhfeidhm ar mheascán aonchineálach d'ábhair teicstíle, ní bhíonn teorainneacha muiníne na dtorthaí a fhaightear níos airde ná ± 1 i gcás leibhéal muiníne 95%.

*MODH Uimh. 10*

**AICÉATÁIT AGUS CLÓRASHNÁITHÍNÍ ÁIRITHE**

**(Modh ina n-úsáidtear aigéad aicéiteach oighreach)**

1. RÉIMSE FEIDHME

Tá an modh seo infheidhme, tar éis an t-ábhar neamhshnáithíneach a bheith asbhainte, maidir le meascáin dhénártha de:

1. aicéatáit (19)

agus

2. clórashnáithíní áirithe (27), i.e. snáithíní clóiríde polaivinile, bíodh siad iarchlóirinithe nó ná bíodh, leastolaifín (47) agus meilimín (48).

2. PRIONSABAL

Déantar an snáithín aicéatáite a thuaslagadh as méid aithnide de mhais thirim an mheascáin le haigéad aicéiteach oighreach. Déantar an t-iarmhar a bhailiú, a ní, a thriomú agus a mheá; déantar mais an iarmhair, i bhfoirm cheartaithe más gá, a shloinneadh mar chéatadán de mhais thirim an mheascáin. Is de réir difríochta a ríomhtar an céatadán den aicéatáit thirim.

3. FEARAS AGUS IMOIBRITHE (seachas iad sin atá sonraithe sna treoracha ginearálta)

3.1. Fearas

(i) Fleascán cónúil ar a bhfuil stopallán gloine feistithe agus a bhfuil toilleadh 200 ml ar a laghad ann.

(ii) Croiteoir meicniúil.

3.2. Imoibrí

Aigéad aicéiteach oighreach (níos mó ná 99%) Toisc go bhfuil an t-imoibrí ardloiscneach ní mór é a láimhseáil go cúramach.

4. AN MODH OIBRE

Lean an modh oibre atá tuairiscithe sna treoracha ginearálta agus ansin déan mar seo a leanas:

Cuir 100 ml d'aigéad aicéiteach oighreach in aghaidh gach graim den eiseamal leis an eiseamal atá sa fhleascán cónúil ar a bhfuil stopallán gloine feistithe agus a bhfuil toilleadh 200 ml ar a laghad ann. Cuir an stopallán isteach go daingean sa fhleascán agus croith le croiteoir meicniúil é, nó croith de láimh go láidir é, ar feadh 20 nóiméad ag teocht an tseomra. Scinceáil an leacht atá ar snámh tríd an scagbhreogán meáite. Déan an chóireáil seo faoi dhó arís agus úsáid á baint as 100 ml d'imoibrí úr gach babhta; sin trí eastóscadh san iomlán.

Aistrigh an t-iarmhar isteach scagbhreogán, taosc trí shúchán é chun an leacht a bhaint as, ansin sruthlaigh an breogán agus an t-iarmhar in 50 ml d'aigéad aicéiteach oighreach, ansin sruthlaigh faoi thrí in uisce é. I ndiaidh gach sruthlú, lig don leacht sileadh trí

dhomhantarraingt sula ndéantar súchán. Triomaigh an breogán agus an t-iarmhar, ansin fuaraigh agus meáigh iad.

## 5. NA TORTHAÍ A RÍOMH AGUS A SHLOINNEADH

Déan na torthaí a ríomh mar atá tuairiscithe sna treoracha ginearálta. Is é 1,00 luach 'd'.

## 6. BEACHTAS

Má chuirtear an modh seo i bhfeidhm ar mheascán aonchineálach d'ábhair teicstíle, ní bhíonn teorainneacha muiníne na dtorthaí a fhaightear níos airde ná ± 1 i gcás leibhéal muiníne 95%.

*MODH Uimh. 11*

## SÍODA AGUS OLANN NÓ GRUAIG

**(Modh ina n-úsáidtear aigéad sulfarach 75% m/m)**

1. RÉIMSE FEIDHME

Tá an modh seo infheidhme, tar éis an t-ábhar neamhshnáithíneach a bheith asbhainte, maidir le meascáin dhénártha de:

1. síoda (4)

agus

2. olann (1), fionnadh ainmhíoch (2 agus 3), leastolaifín (47), meilimín (48).

2. PRIONSABAL

Déantar na snáithíní síoda a thuaslagadh as méid aithnide de mhais thirim an mheascáin le haigéad sulfarach 75% m/m[23].

Déantar an t-iarmhar a bhailiú, a ní, a thriomú agus a mheá. Déantar mais an iarmhair, i bhfoirm cheartaithe más gá, a shloinneadh mar chéatadán de mhais thirim an mheascáin. Is de réir difríochta a ríomhtar an céatadán den síoda tirim.

3. FEARAS AGUS IMOIBRITHE (seachas iad sin atá sonraithe sna treoracha ginearálta)

3.1. Fearas

Fleascán cónúil ar a bhfuil stopallán gloine feistithe agus a bhfuil toilleadh 200 ml ar a laghad ann.

3.2. Imoibrithe

(i) Aigéad sulfarach, (75 ± 2% m/m)

Ullmhaigh an tuaslagán trí bhíthin 700 ml d'aigéad sulfarach (dlús 1,84 ag 20°C) a chur go cúramach, agus é ag fuarú, le 350 ml d'uisce driogtha.

Tar éis an tuaslagán a fhuarú go dtí teocht an tseomra, caolaigh an tuaslagán go 1 lítear le huisce.

(iii) Aigéad aicéiteach, tuaslagán caol: cuir 100 ml d'aigéad sulfarach (dlús 0,880 ag 20°C) go mall le 1 900 ml d'uisce driogtha

(iii) Amóinia, tuaslagán caol: caolaigh 200 ml d'amóinia tiubhaithe (dlús 1,84 ag 20°C) le huisce go 1 000 ml.

4. AN MODH OIBRE

---

[23] Níl síodaí fiáine, amhail síoda *tussah*, go hiomlán intuaslagtha in aigéad sulfarach 75% m/m.

Lean an modh oibre atá tuairiscithe sna treoracha ginearálta, ansin déan mar seo a leanas:

Cuir 100 ml d'aigéad formach 75% m/m in aghaidh gach graim den eiseamal leis an eiseamal atá sa fhleascán cónúil ar a bhfuil stopallán gloine feistithe agus a bhfuil toilleadh 200 ml ar a laghad ann. Croith go láidir agus fág ar feadh 30 nóiméad é ag teocht an tseomra. Croith arís é agus fág ar feadh 30 nóiméad.

Croith aon uair amháin eile é agus scag a bhfuil sa fhleascán tríd an scagbhreogán meáite. Nigh aon snáithín atá fanta sa fhleascán leis an aigéad sulfarach 75%. Nigh an t-iarmhar atá ar an mbreogán ar dtús in 50 ml den aigéad sulfarach caol, ansin in 50 ml uisce, agus ansin 50 ml den tuaslagán amóiniam chaoil. Gach babhta, lig do na snáithíní a bheith ag baint don leacht ar feadh tuairim is 10 nóiméad sula ndéantar súchán. Ar deireadh, sruthlaigh in uisce agus na snáithíní ag baint don uisce ar feadh tuairim is 30 nóiméad.

Ar deireadh, taosc an breogán trí shúchán, triomaigh an breogán agus an t-iarmhar, agus ansin fuaraigh agus meáigh iad.

## 5. NA TORTHAÍ A RÍOMH AGUS A SHLOINNEADH

Déan na torthaí a ríomh mar atá tuairiscithe sna treoracha ginearálta. Is é 0,985 luach 'd' i gcás olla, 1,00 i gcás leastolaifín, agus 1,01 i gcás meilimín.

## 6. BEACHTAS

Má chuirtear an modh seo i bhfeidhm ar mheascán aonchineálach d'ábhair teicstíle, ní bhíonn teorainneacha muiníne na dtorthaí a fhaightear níos airde ná ± 1 i gcás leibhéal muiníne 95%.

*MODH Uimh. 12*

**SIÚIT AGUS SNÁITHÍNÍ ÁIRITHE AINMHÍOCHA**

**(Modh ina gcinntear an cion nítrigine)**

1. RÉIMSE FEIDHME

Tá an modh seo infheidhme, tar éis an t-ábhar neamhshnáithíneach a bheith asbhainte, maidir le meascáin dhénártha de:

1. siúit (9)

agus

2. snáithíní áirithe ainmhíocha.

Fionnaidh amháin (2 agus 3) nó olann (1) nó aon mheascán den dá rud sin a d'fhéadfadh a bheith san chomhábhar ar shnáithín ainmhíoch é. Níl an modh seo infheidhme maidir le meascáin teicstílí ina bhfuil ábhar neamhshnáithíneach (ruamanna, bailchríocha, etc.) a bhfuil de bhunús nítrigine iontu.

2. PRIONSABAL

Cinntear cion nítrigine an mheascáin, agus leis seo agus le cion nítrigine aithnide nó sílte an dá comhábhair, ríomhtar cion gach comhábhair.

3. FEARAS AGUS IMOIBRITHE (seachas iad sin atá sonraithe sna treoracha ginearálta)

3.1. Fearas

(i) fleascán díleáite Kjeldahl a bhfuil toilleadh 200–300 ml ann.

(ii) fearas díleáite Kjeldahl ag a bhfuil instealladh gaile.

(iii) fearas toirtmheasctha ag a bhfuil beachtas suas go 0,05 ml.

3.2. Imoibrithe

(i) Tolúéin

(ii) Meatánól.

(i) Aigéad sulfarach, dlús coibhneasta 1,84 ag 20°C ([1]).

(iv) shulfáit photaisiam ([1]).

(v) dé-ocsaíd seiléiniam ([1]).

(vi) Tuaslagán hiodrocsaíde sóidiam (400 g/lítear). Tuaslaig 400 g sóidiam hiodrocsaíde in 400–500 ml uisce agus caolaigh le huisce go 1 lítear.

(vii) Táscaire measctha. Tuaslaig 0,1 g de mheitil dhearg in 95 ml eatánóil agus 5 ml uisce agus measc le 0,5 g de bhrómaicréasól glas arna tuaslagadh in 475 ml eatánóil agus 25 ml uisce.

(viii) Tuaslagán aigéid bhóraigh. Tuaslaig 20 ml d'aigéad bórach in 1 lítear uisce.

(ix) Aigéad sulfarach 0,02N (tuaslagadh toirtmhéadrach caighdeánach).

4. AN SAMPLA A RÉAMHCHÓIREÁIL

Déantar an réamhchóireáil seo a leanas in ionad na réamhchóireála atá tuairiscithe sna treoracha ginearálta.

Eastósc an sampla aerthriomaithe i bhfearas Soxhlet le meascán aon chion toirte amháin tolúéine agus trí chion toirte meatánóil ar feadh ceithre uaire an chloig ag uasráta cúig thimthriall in aghaidh na huaire an chloig. Lig don tuaslagán galú as an sampla in aer, ansin asbhain na fuíll atá fanta in oigheann ag 105 ± 3 ºC. Ansin eastósc an sampla in uisce (50 ml in aghaidh gach graim den sampla) trí bhíthin a bheiriú faoi aife ar feadh 30 nóiméad. Scag é, cuir an sampla ar ais sa fhleascán agus déan an t-eastósc arís le toirt chomhionann uisce. Scag é, bain an t-uisce as an sampla trí fháscadh, súchán nó lártheifneoiriú, ansin, lig don sampla triomú san aer.

*N.B.:*

Ní mór éifeachtaí tocsaineacha na tolúéine agus an mheatánóil a chur san áireamh agus ní mór gach réamhchúram a dhéanamh agus iad á n-úsáid.

5. AN MODH OIBRE

5.1. Treoracha ginearálta

Lean an modh oibre atá tuairiscithe sna treoracha ginearálta maidir leis an eiseamal a roghnú, a thriomú agus a mheá.

5.2. Treoracha mionsonraithe

Aistrigh an t-eiseamal isteach i bhfleascán díleáite Kjeldahl. Cuir na substaintí seo a leanas san ord seo a leanas leis an eiseamal a bhfuil 1 g meáchain ar a laghad ann agus atá sa fhleascán díleáite: 2,5 g de shulfáit photaisiam, 0,1-0,2 g de dhé-ocsaíd seiléiniam agus 10 ml d'aigéad sulfarach (dlús coibhneasta 1,84). Téigh an fleascán, go réidh ar dtús, go dtí go mbeidh iomlán an tsnáithín scriosta, agus ansin cuir teas níos láidre leis go dtí go mbeidh an tuaslagán glé agus beagnach gan dath. Lean á théamh ar feadh 15 nóiméad breise. Lig don fhleascán fuarú, caolaigh an leacht atá ann go cúramach le 10-20 ml uisce, fuaraigh é, aistrigh an leacht go cainníochtúil isteach i bhfleascán grádaithe 200 ml agus líon suas le huisce go dtí an marc chun tuaslagán na tástála a chruthú. Cuir tuairim is 20 ml de thuaslagán aigéid bhóraigh i bhfleascán cónúil 100 ml agus cuir an fleascán faoi chomhdhlúthadán fhearas driogtha Kjeldahl ionas go mbeidh an seolfheadán ag tumadh díreach faoi bharr an tuaslagáin d'aigéad bhórach. Aistrigh 10 ml glan de thuaslagán na tástála isteach sa fhleascán driogtha, cuir 5 ml ar a laghad de thuaslagán hiodrocsaíde sóidiam isteach sa tonnadóir, scaoil an stopallán rud beag agus lig don tuaslagán hiodrocsaíde sóidiam doirteadh isteach sa fhleascán go mall. I gcás go bhfanann tuaslagán na tástála agus an tuaslagán hiodrocsaíde sóidiam scartha óna chéile in dhá shraith ar leith, déan iad a chorraí go réidh chun iad a mheascadh. Téigh an fleascán driogtha go réidh agus lig don ghal ón ngineadóir dul tríd an leacht. Bailigh tuairim is 20 ml den driogáit, ísligh an fleascán cónúil ionas go mbeidh barr sheolfheadán an chomhdhlúthadáin tuairim is 20 mm os cionn bharr an leachta agus lig dó driogadh ar feadh 1 nóiméad amháin eile. Sruthlaigh barr an sheolfheadáin in uisce, agus bailigh an leacht nite isteach sa fhleascán cónúil. Bain an fleascán cónúil amach agus cuir fleascán cónúil eile ina áit ina bhfuil tuairim is 10 ml de thuaslagán aigéid bhóraigh agus bailigh tuairim is 10 ml den driogáit.

Toirtmheasc an dá dhriogáit ceann ar cheann le 0,02 N d'aigéad sulfarach agus úsáid an táscaire measctha. Glac taifead den títear iomlán i gcás an dá dhriogáit. Más rud é go bhfuil níos mó ná 0,2 ml i dtítear an dara driogáit, déan an tástáil an athuair agus cuir tús leis an driogadh arís ach úsáid slánchuid úrnua de thuaslagán na tástála.

Déan bánchinneadh maidir le díleá agus driogadh ag baint úsáide as na himoibrithe amháin.

6. NA TORTHAÍ A RÍOMH AGUS A SHLOINNEADH

6.1. Déan an cion nítrigine san eiseamal tirim a ríomh mar chéatadán mar seo a leanas:

$$A\,\% = \frac{28\,(V - b)\,N}{W}$$

áit a bhfuil

A = an cion nítrigine san eiseamal tirim glan,

V = an méid iomlán d'aigéad sulfarach caighdeánach i ml arna úsáid sa chinneadh,

b = an méid iomlán d'aigéad sulfarach caighdeánach i ml arna úsáid sa bhánchinneadh,

N = normáltacht an aigéid shulfaraigh chaighdeánaigh,

W = mais thirim (g) an eiseamail.

6.2. Bain úsáid as an luach 0,22% don chion nitrigíne i siúit agus an luach 16,2% don chion nítrigine i snáithín ainmhíoch, agus bíodh an dá chéatadán sin sloinnte bunaithe ar mhais thirim an tsnáithín, agus déan comhdhéanamh an mheascáin a ríomh mar seo a leanas:

$$PA\,\% = \frac{A - 0{,}22}{16{,}2 - 0{,}22} \times 100$$

áit a bhfuil

PA% = an céatadán de shnáithín ainmhíoch san eiseamal tirim glan.

7. BEACHTAS

Má chuirtear an modh seo i bhfeidhm ar mheascán aonchineálach d'ábhair teicstíle, ní bhíonn teorainneacha muiníne na dtorthaí a fhaightear níos airde ná ± 1 i gcás leibhéal muiníne 95%.

### *MODH Uimh. 13*

## SNÁITHÍNÍ POLAPRÓIPILÉINE AGUS SNÁITHÍNÍ ÁIRITHE EILE

**(Modh ina n-úsáidtear xiléin)**

1. RÉIMSE FEIDHME

Tá an modh seo infheidhme, tar éis an t-ábhar neamhshnáithíneach a bheith asbhainte, maidir le meascáin dhénártha de:

1. snáithíní polapróipiléine (37)

agus

2. olann (1), fionnadh ainmhíoch (2 agus 3), síoda (4), cadás (5), aicéatáit (19), copró (21), modal (22), trí-aicéatáit (24), vioscós (25), aicrileach (26), polaimíd nó níolón (30), poileistear (35), snáithín gloine (44), leaist-ileistear (46) agus meilimín (48).

2. PRIONSABAL

Déantar an snáithín polapróipiléine a thuaslagadh as méid aithnide de mhais thirim an mheascáin le xiléin fhiuchta. Déantar an t-iarmhar a bhailiú, a ní, a thriomú agus a mheá; déantar mais an iarmhair, i bhfoirm cheartaithe más gá, a shloinneadh mar chéatadán de mhais thirim an mheascáin. Is de réir difríochta a ríomhtar an céatadán polapróipiléine.

3. FEARAS AGUS IMOIBRITHE (seachas iad sin atá sonraithe sna treoracha ginearálta)

3.1. Fearas

(i) Fleascán cónúil ar a bhfuil stopallán gloine feistithe agus a bhfuil toilleadh 200 ml ar a laghad ann.

(ii) Comhdhlúthadán aife (inar féidir leachtanna ag a bhfuil fiuchphointe ard a chur), agus a oireann don fhleascán cónúil (i).

3.2. Imoibrí

Xiléin a dhriogann idir 137 agus 142°C.

*N.B.:*

Tá an t-imoibrí seo so-adhainte go mór agus tagann gal tocsaineach uaidh. Is cóir réamhchúraimí oiriúnacha a ghlacadh agus é in úsáid.

4. AN MODH OIBRE

Lean an modh oibre atá tuairiscithe sna treoracha ginearálta agus ansin déan mar seo a leanas:

Cuir 100 ml xiléine (3.2) in aghaidh gach graim den eiseamal leis an eiseamal atá sa fhleascán cónúil (3.1 (i)). Ceangail an comhdhlúthadán (3.1 (ii)) leis an bhfearas, téigh an leacht atá sa fhleascán go dtí go bhfiucha sé agus coimeád ag an bhfiuchphointe é ar feadh trí nóiméad.

Scinceáil an leacht te tríd an scagbhreogán meáite (féach Nóta 1). Déan an tástáil seo arís faoi dhó, agus úsáid 50 ml de thuaslagóir úr gach babhta.

Nigh an t-iarmhar atá fágtha sa fhleascán faoi dhó i 30 ml de xiléin fhiuchta, agus ansin faoi dhó arís i 75 ml de pheitriliam éadrom (I.3.2.1 de na treoracha ginearálta). Nigh i bpeitriliam éadrom tar éis an dara tástáil, déan an leacht atá sa fhleascán a scagadh tríd an mbreogán, aistrigh aon snáithíní iarmharacha isteach sa bhreogán ag úsáid méid beag de pheitriliam éadrom agus lig don tuaslagóir galú. Triomaigh an breogán agus an t-iarmhar, fuaraigh agus meáigh iad.

*Nótaí:*

1. Is cóir an scagbhreogán trína ndéantar an xiléin a scinceáil a théamh roimh ré.

2. Tar éis an t-iarmhar a ní i xiléin fhiuchta, déan cinnte go bhfuaraítear an fleascán ina bhfuil sé a dhóthain sula dtosaítear é a ní i bpeitriliam éadrom.

3. Chun an chontúirt don oibreoir ó dhóiteán agus ó thocsaineacht a laghdú, is féidir fearas eastósctha the a úsáid de réir na modhanna oibre cuí a thugann torthaí comhionanna[24] (1).

5. NA TORTHAÍ A RÍOMH AGUS A SHLOINNEADH

Déan na torthaí a ríomh mar atá tuairiscithe sna treoracha ginearálta. Is é 1,00 luach 'd', ach amháin i gcás meilimín, cás ina bhfuil 'd' = 1,01.

6. BEACHTAS

Má chuirtear an modh seo i bhfeidhm ar mheascán aonchineálach d'ábhair teicstíle, ní bhíonn teorainneacha muiníne na dtorthaí a fhaightear níos airde ná ± 1 i gcás leibhéal muiníne 95%.

---

[24] Féach mar shampla an fearas atá tuairiscithe in *Melliand Textilberichte 56* (1975), lch. 643.

*MODH Uimh. 14*

## CLÓRASHNÁITHÍNÍ (HOMAPOLAIMÉIRÍ DE CHLÓIRÍD VINILE) AGUS SNÁITHÍNÍ ÁIRITHE EILE

### (Modh ina n-úsáidtear aigéad sulfarach tiubhaithe)

1. RÉIMSE FEIDHME

Tá an modh seo infheidhme, tar éis an t-ábhar neamhshnáithíneach a bheith asbhainte, maidir le meascáin dhénártha de:

1. clórashnáithíní (27) bunaithe ar homapolaiméirí de chlóiríd vinile, bíodh siad iarchlóirínithe nó ná bíodh, leastolaifín (47)

agus

2. cadás (5), aicéatáit (19), copró (21), modal (22), trí-aicéatáit (24), vioscós (25), aicriligh áirithe (26), modaicriligh áirithe (29), polaimíd nó níolón (30), poileistear (35), leaist-ileistear (46) agus meilimín (48).

Is iad na modaicriligh atá i gceist na modaicriligh sin a dhéanann tuaslagán glé nuair a thumtar iad in aigéad sulfarach tiubhaithe (dlús coibhneasta 1,84 ag 20 °C).

Is féidir an modh seo a úsáid in ionad mhodhanna Uimh. 8 agus Uimh. 9.

2. PRIONSABAL

Déantar an comhábhar seachas an clórashnáithín nó an leastolaifín (i.e. na snáithíní atá luaite i mír 1.2) a thuaslagadh as méid aithnide de mhais thirim an mheascáin le haigéad sulfarach tiúbhaithe (dlús coibhneasta 1,84 ag 20°C).

Déantar an t-iarmhar ina bhfuil an clórashnáithín nó an leastolaifín a bhailiú, a ní, a thriomú agus a mheá; déantar mais an iarmhair, i bhfoirm cheartaithe más gá, a shloinneadh mar chéatadán de mhais thirim an mheascáin. Is de réir difríochta a ríomhtar an céatadán de na dara comhábhair.

3. FEARAS AGUS IMOIBRITHE (seachas iad sin atá sonraithe sna treoracha ginearálta)

3.1. Fearas

(i) Fleascán cónúil ar a bhfuil stopallán gloine feistithe agus a bhfuil toilleadh 200 ml ar a laghad ann.

(ii) Slat ghloine agus ceann amháin den tslat leacaithe.

3.2. Imoibrithe

(i) Aigéad sulfarach tiubhaithe (dlús coibhneasta 1,84 ag 20°C).

(ii) Aigéad sulfarach, caolaithe tuairim is 50% (m/m) le tuaslagán uiscí.

Ullmhaigh an tuaslagán trí 400 ml d'aigéad sulfarach (dlús coibhneasta 1,84 ag 20°C) a chur go cúramach, agus é ag fuarú, le 500 ml d'uisce driogtha nó dí-ianaithe. Tar éis an tuaslagán a fhuarú go dtí teocht an tseomra, caolaigh an tuaslagán go 1 lítear le huisce.

(iii) Amóinia, tuaslagán caol.

Caolaigh 60 ml de thuaslagán amóinia tiubhaithe (dlús coibhneasta 0,880 ag 20°C) go 1 lítear le huisce driogtha.

4. AN MODH OIBRE

Lean an modh oibre atá tuairiscithe sna treoracha ginearálta agus ansin déan mar seo a leanas:

Cuir 100 ml d'aigéad sulfarach (3.2 (i)) in aghaidh gach graim den eiseamal leis an eiseamal atá sa fhleascán (3.1 (i)).

Lig don leacht atá sa fhleascán fanacht ag teocht an tseomra ar feadh 10 nóiméad agus, le linn an ama sin, corraigh an t-eiseamal tástála anois agus arís ag úsáid slat ghloine. Más rud é gur fabraic fhite nó chniotáilte atá san eiseamal, ding idir bhalla an fhleascáin agus an tslat ghloine í agus brúigh go héadrom chun í a dheighilt ón ábhar a tuaslagadh san aigéad sulfarach.

Scinceáil an leacht tríd an scagbhreogán meáite. Cuir 100 ml d'aigéad sulfarach úr isteach sa fhleascán (3.2 (i)) agus déan an próiseas an athuair. Aistrigh an leacht atá sa fhleascán isteach sa scagbhreogán agus aistrigh an t-iarmhar snáithíneach isteach ann freisin ag úsáid na slaite gloine. Cuir braon beag den aigéad sulfarach tuibhaithe (3.2 (i)) isteach sa fhleascán, más gá, chun aon snáithíní atá greamaithe don bhalla a bhaint. Taosc an scagbhreogán trí shúchán; bain as an scagáit tríd an bhfleascán a fholmhú nó fleascán eile a chur ina áit, ansin nigh an t-iarmhar i dtuaslagán d'aigéad sulfarach 50% (3.2 (ii)), in uisce driogtha nó dí-ianaithe (I.3.2.3 de na treoracha ginearálta, tuaslagán amóinia (3.2 (iii)) agus ina dhiaidh sin nigh go maith in uisce driogtha nó dí-ianaithe, agus taosc an breogán trí shúchán i ndiaidh gach níocháin. (Ná déan súchán ar an mbreogán agus an níochán á dhéanamh, ach amháin tar éis don leacht a bheith silte trí dhomhantarraingt.) Triomaigh an breogán agus an t-iarmhar, fuaraigh agus meáigh iad.

5. NA TORTHAÍ A RÍOMH AGUS A SHLOINNEADH

Déan na torthaí a ríomh mar atá tuairiscithe sna treoracha ginearálta. Is é 1,00 luach 'd', ach amháin i gcás meilimín, cás ina bhfuil 'd' = 1,01.

6. BEACHTAS

Má chuirtear an modh seo i bhfeidhm ar mheascán aonchineálach d'ábhair teicstíle, ní bhíonn teorainneacha muiníne na dtorthaí a fhaightear níos airde ná ± 1 i gcás leibhéal muiníne 95%.

### *MODH Uimh. 15*

## CLÓRASHNÁITHÍNÍ, MODAICRILIGH ÁIRITHE, LEAISTEÁIN ÁIRITHE, AICÉATÁITÍ, TRÍ-AICÉATÁITÍ AGUS SNÁITHÍNÍ ÁIRITHE EILE

**(Modh ina n-úsáidtear cioglaiheacsánón)**

1. RÉIMSE FEIDHME

Tá an modh seo infheidhme, tar éis an t-ábhar neamhshnáithíneach a bheith asbhainte, maidir le meascáin dhénártha de:

1. aicéatáit (19), trí-aicéatáit (24), clórashnáithín (27), modaicriligh áirithe (29), leaisteáin áirithe (43)

agus

2. olann (1), fionnadh ainmhíoch (2 agus 3), síoda (4), cadás (5), copró (21), modal (22), vioscós (25), polaimíd nó níolón (30), aicrileach (26), snáithín gloine (44) agus meilimín (48).

I gcás go bhfuil modaicriligh nó leaisteáin i láthair is gá réamhthástáil a dhéanamh ar dtús lena chinneadh an bhfuil an snáithín iomlán intuaslagtha san imoibrí.

Is féidir meascáin ina bhfuil clórashnáithíní a anailísiú freisin ag úsáid mhodhanna Uimh. 9 nó Uimh. 14.

2. PRIONSABAL

Déantar na snáithíní aicéatáite agus trí-aicéatáite, na clórashnáithíní, modaicriligh áirithe agus leaisteáin áirithe a thuaslagadh as méid aithnide de mhais thirim an mheascáin le cioglaiheacsánón ag teocht gar don fhiuchphointe. Déantar an t-iarmhar a bhailiú, a ní, a thriomú agus a mheá; déantar mais an iarmhair, i bhfoirm cheartaithe más gá, a shloinneadh mar chéatadán de mhais thirim an mheascáin. Is de réir difríochta a ríomhtar céatadán an chlórashnáithín, an mhodaicriligh, an leaisteáin, na haicéatáite agus na trí-aicéatáite.

3. FEARAS AGUS IMOIBRITHE (seachas iad sin atá sonraithe sna treoracha ginearálta)

3.1. Fearas

(i) Fearas eastósctha the ar féidir é a úsáid sa mhodh oibre i roinn 4. (Féach léaráid: is malairt leagain é seo ar an bhfearas atá tuairiscithe in *Melliand Textilberichte 56* (1975) lch. 643).

(ii) Scagbhreogán ina gcuirfear an t-eiseamal.

(iii) Sciath scagach (grád 1 scagachta).

(iv) Comhdhlúthadán aife is féidir a oiriúnú don fhleascán driogtha.

(v) Gléas téite.

3.2. Imoibrithe

(i) Cioglaiheacsánón, fiuchphointe 156°C.

(ii) Alcól eitile, caolaithe 50% de réir toirte.

*NB:*

Tabhair faoi deara go bhfuil cioglaiheacsánón inadhainte agus tocsaineach. Is cóir réamhchúraimí oiriúnacha a ghlacadh agus é in úsáid.

4. AN MODH OIBRE

Lean an modh oibre atá tuairiscithe sna treoracha ginearálta agus ansin déan mar seo a leanas:

Doirt 100 ml cioglaiheacsánóin in aghaidh gach graim den ábhar isteach sa fhleascán driogtha, ionsáigh an coimeádán eastósctha a bhfuil an scagbhreogán, ina bhfuil an t-eiseamal agus an sciath scagach, istigh ann cheana féin. Ionsáigh an comhdhlúthadán aife. Téigh go dtí go bhfiucha sé agus lig don eastóscadh leanúint ar aghaidh ar feadh 60 nóiméad ag íosráta 12 thimthriall in aghaidh na huaire an chloig.

Tar éis eastóscadh agus fuarú bain an coimeádán eastósctha amach, bain an scagbhreogán as agus bain an sciath scagach as an scagbhreogán. Nigh an t-ábhar atá sa scagbhreogán trí nó ceithre huaire in alcól eitile 50% atá téite go timpeall 60°C agus ina dhiaidh sin nigh i lítear uisce ag teocht 60°C.

Ná déan súchán ar an mbreogán le linn an níocháin nó idir na babhtaí níocháin. Lig don leacht sileadh trí dhomhantarraingt agus ansin déan súchán ar an mbreogán.

Ar deireadh, triomaigh an breogán agus an t-iarmhar, fuaraigh agus meáigh iad.

5. NA TORTHAÍ A RÍOMH AGUS A SHLOINNEADH

Déan na torthaí a ríomh mar atá tuairiscithe sna treoracha ginearálta. Is é 1,00 luach 'd' ach amháin sna cásanna seo a leanas:


síoda agus meilimín 1,01

aicrileach 0,98.


6. BEACHTAS

Má chuirtear an modh seo i bhfeidhm ar mheascán aonchineálach d'ábhair teicstíle, ní bhíonn teorainneacha muiníne na dtorthaí a fhaightear níos airde ná ± 1 i gcás leibhéal muiníne 95%.

Léaráid dá dtagraítear i bpointe 3.1 (i) de mhodh 15



Léaráid dá dtagraítear i bpointe 3.1 (i) de mhodh 15



## MODH 16

## MEILIMÍN AGUS SNÁITHÍNÍ ÁIRITHE EILE

### (Modh ina n-úsáidtear aigéad formach te)

1. RÉIMSE FEIDHME

Tá an modh seo infheidhme, tar éis an t-ábhar neamhshnáithíneach a bheith asbhainte, maidir le meascáin dhénártha de:

1. meilimín (47)

agus

2. cadás (5) agus araimíd (31).

2. PRIONSABAL

Déantar an meilimín a thuaslagadh as méid aithnide de mhais thirim an mheascáin le haigéad formach te (90% de réir maise).

Déantar an t-iarmhar a bhailiú, a ní, a thriomú agus a mheá; déantar mais an iarmhair, i bhfoirm cheartaithe más gá, a shloinneadh mar chéatadán de mhais thirim an mheascáin. Is de réir difríochta a ríomhtar an céatadán de na dara comhábhair.

> **N.B.:** Coimeád an raon teochtaí atá molta go beacht ós rud é go mbraitheann intuaslagthacht meilimín go mór ar an teocht.

3. FEARAS AGUS IMOIBRITHE (seachas iad sin atá sonraithe sna treoracha ginearálta)

3.1. Fearas

(i) Fleascán cónúil ar a bhfuil stopallán gloine feistithe agus a bhfuil toilleadh 200 ml ar a laghad ann.

(ii) Dabhach uisce chreatha nó fearas eile chun an fleascán a chroitheadh agus a choimeád ag teocht 90 ± 2°C.

3.2. Imoibrithe

(i) Aigéad formach (90% m/m, dlús coibhneasta ag 20°C: 1,204 g/ml). Caolaigh 890 ml d'aigéad formach 98-100% m/m (dlús coibhneasta ag 20°C: 1,220 g/ml) go 1 lítear le huisce.

Tá aigéad formach te an-chreimneach agus ní mór é a láimhseáil go cúramach.

(ii) Amóinia, tuaslagán caol: caolaigh 80 ml de thuaslagán amóinia tiubhaithe (dlús coibhneasta ag 20°C: 0,880) go 1 lítear le huisce.

4. AN MODH OIBRE

Lean an modh oibre atá tuairiscithe sna treoracha ginearálta agus ansin déan mar seo a leanas:

Cuir 100 ml d'aigéad formach in aghaidh gach graim den eiseamal leis an eiseamal atá sa fhleascán cónúil ar a bhfuil stopallán gloine feistithe agus a bhfuil toilleadh 200 ml ar a laghad ann. Cuir an stopallán sa fhleascán agus croith an fleascán chun an t-eiseamal a fhliuchadh. Coimeád an fleascán i ndabhach uisce chreatha ag teocht 90 ± 2°C ar feadh uaire an chloig, á chroitheadh go láidir. Fuaraigh an fleascán go dtí teocht an tseomra. Scinceáil an leacht tríd an scagbhreogán meáite. Cuir 50 ml d'aigéad formach leis an bhfleascán ina bhfuil an t-iarmhar, croith de láimh agus scag an leacht tríd an scagbhreogán. Aistrigh aon snáithíní iarmharacha isteach sa bhreogán ag úsáid méid beag eile den aigéad formach chun an fleascán a ní. Taosc an breogán trí shúchán agus nigh an t-iarmhar in aigéad formach, uisce te, tuaslagán amóinia caol, agus ansin in uisce fuar, agus taosc an breogán trí shúchán i ndiaidh gach níocháin. Ná déan súchán go dtí go mbeidh gach licéar nite silte trí dhomhantarraingt. Ar deireadh, taosc an breogán trí shúchán, triomaigh an breogán agus an t-iarmhar, agus ansin fuaraigh agus meáigh iad.

5. NA TORTHAÍ A RÍOMH AGUS A SHLOINNEADH

Déan na torthaí a ríomh mar atá tuairiscithe sna treoracha ginearálta. Is é 1,02 luach 'd' i gcás cadáis agus araimíde.

6. BEACHTAS

Má chuirtear an modh seo i bhfeidhm ar mheascán aonchineálach d'ábhair teicstíle, ní bhíonn teorainneacha muiníne na dtorthaí a fhaightear níos airde ná ± 2 i gcás leibhéal muiníne 95%.

# CAIBIDIL 3

## Anailís chainníochtúil ar mheascáin thrínártha snáithíní

RÉAMHRÁ

De ghnáth, is bunaithe ar thuaslagadh roghnaíoch na gcomhábhar aonair a bhíonn na modhanna a úsáidtear chun anailís chainníochtúil cheimiceach a dhéanamh. Tá ceithre leagan dhifriúla den mhodh seo ann:

1. Ag úsáid dhá eiseamal tástála dhifriúla tuaslagtar comhábhar amháin (a) as an gcéad eiseamal tástála, agus comhábhar eile (b) as an dara heiseamal tástála. Déantar na hiarmhair dhothuaslagtha i ngach eiseamal a mheá agus céatadán an dá chomhábhar intuaslagtha a ríomh faoi seach i bhfianaise na gcailliúintí comhfhreagracha maise. Is de réir difríochta a ríomhtar céatadán an tríú comhábhar (c).

2. Bain úsáid as dhá eiseamal tástála dhifriúla chun comhábhar amháin (a) a thuaslagadh as an gcéad eiseamal tástála, agus chun dhá chomhábhar (a agus b) a thuaslagadh as an dara heiseamal tástála. Déantar an t-iarmhar dothuaslagtha sa chéad eiseamal tástála a mheá agus céatadán chomhábhar (a) a ríomh i bhfianaise na maise a cailleadh. Déantar an t-iarmhar dothuaslagtha sa dara heiseamal tástála a mheá; freagraíonn sé seo do chomhábhar (c). Is de réir difríochta a ríomhtar céatadán an tríú comhábhar (b).

3. Bain úsáid as dhá eiseamal tástála dhifriúla chun dhá chomhábhar (a agus b) a thuaslagadh as an gcéad eiseamal tástála, agus chun dhá chomhábhar (b agus c) a thuaslagadh as an dara heiseamal tástála. Freagraíonn na hiarmhair dhothuaslagtha don dá chomhábhar (c) agus (a) faoi seach. Is de réir difríochta a ríomhtar céatadán an tríú comhábhar (b).

4. Gan ach eiseamal tástála amháin á úsáid, agus tar éis comhábhar amháin as measc na gcomhábhar a asbhaint, déantar an t-iarmhar dothuaslagtha a chruthaigh an dá shnáithín eile a mheá agus céatadán an chomhábhair intuaslagtha a ríomh i bhfianaise na maise a cailleadh. Tuaslagtar snáithín amháin as an dá shnáithín atá san iarmhar, déantar an comhábhar dothuaslagtha a mheá agus céatadán an dara comhábhar intuaslagtha a ríomh i bhfianaise na maise a cailleadh.

I gcás go bhfuil rogha ann, moltar leagan as measc na gcéad trí mhalairt leagain a úsáid.

I gcás go n-úsáidtear anailís cheimiceach, tá sé de dhualgas ar an saineolaí atá freagrach as an anailís a bheith ar a aire agus modhanna a roghnú ina n-úsáidtear tuaslagóirí nach dtuaslagann ach an snáithín/na snáithíní cearta, sa chaoi is go bhfágtar an snáithín/na snáithíní eile gan athrú.

Mar shampla, tugtar tábla i gCaibidil 3.VI ina bhfuil líon áirithe meascán trínártha, mar aon le modhanna chun meascáin dhénártha a anailísiú, modhanna is féidir a úsáid, i gcoitinne, chun na meascáin thrínártha seo a anailísiú.

Chun earráidí a sheachaint a mhéad is féidir, moltar, i ngach cás inar féidir amhlaidh, an anailís cheimiceach a dhéanamh trí dhá leagan ar a lagad de na ceithre leagan thuasluaite a úsáid.

Sula ndéantar aon anailís, ní mór na snáithíní go léir sa mheascán a shainaithint. I gcás modhanna ceimiceacha áirithe, féadtar an comhábhar dothuaslagtha i meascán a thuaslagadh

go páirteach san imoibrí arna úsáid chun an comhábhar nó na comhábhair intuaslagtha a thuaslagadh. Nuair ab fhéidir é, roghnaíodh imoibrithe nach bhfuil éifeacht acu nó a bhfuil éifeacht shuarach acu ar shnáithíní dothuaslagtha. Más eol go gcailltear mais le linn na hanailíse, ceartófar an toradh; tugtar fachtóirí ceartúcháin chun na críche sin. Cinneadh na fachtóirí sin i saotharlanna éagsúla trí bhíthin snáithíní, a glanadh sa réamhchóireáil, a chóireáil leis an oibrí iomchuí mar atá sonraithe sa mhodh anailíse. Is le snáithíní neamhdhíghrádaithe amháin a bhaineann na fachtóirí ceartúcháin seo agus d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le fachtóirí ceartúcháin eile más rud é gur díghrádaíodh na snáithíní le linn na próiseála nó ina diaidh. Más rud é go gcaithfear an ceathrú leagan den mhodh a úsáid, modh ina n-oibríonn dhá thuaslagóir dhifriúla faoi seach ar an snáithín teicstíle, ní foláir fachtóirí ceartúcháin a chur i bhfeidhm i gcás aon chaillteanas maise a tharla don snáithín le linn an dá chóireáil. Déanfar dhá anailís ar a laghad, i gcás na deighilte de láimh agus i gcás na deighilte ar bhonn ceimiceach araon.

**I. Eolas ginearálta ar na modhanna chun anailís chainníochtúil cheimiceach a dhéanamh ar mheascáin thrínártha de shnáithíní teicstíle**

Eolas ginearálta is coiteann do na modhanna a thugtar chun anailís chainníochtúil cheimiceach a dhéanamh ar mheascáin thrínártha de shnáithíní teicstíle.

*I.1. Réimse feidhme*

I réimse feidhme gach modha a úsáidtear chun anailís a dhéanamh ar mheascáin dhénártha snáithíní sonraítear na snáithíní a bhfuil an modh infheidhme maidir leo. (Féach Caibidil 2 a bhaineann le modhanna áirithe chun anailís chainníochtúil a dhéanamh ar mheascáin dhénártha de shnáithíní teicstíle).

*I.2. Prionsabal*

Tar éis comhábhair meascáin a shainaithint, asbhaintear an t-ábhar neamhshnáithíneach trí réamhchóireáil oiriúnach, agus ansin cuirtear leagan amháin nó níos mó de na ceithre leaganacha de phróiseas an tuaslagtha roghnaíoch ar a bhfuil cur síos déanta sa réamhrá i bhfeidhm. Ach amháin i gcás ina mbaineann deacrachtaí teicniúla leis seo, is fearr an príomh-chomhábhar snáithíneach a thuaslagadh chun na mion-chomhábhair shnáithíneacha a fháil mar iarmhar deiridh.

*I.3. Ábhair agus trealamh*

*I.3.1. Fearas*

I.3.1.1. Scagbhreogáin agus meábhuidéil atá mór go leor le gur féidir breogáin den chineál sin a chur isteach iontu, nó aon fhearas eile a thabharfadh torthaí comhionanna.

I.3.1.2. Folúsfhleascán.

I.3.1.3. Triomadán ina bhfuil glóthach shilice féintásctha.

I.3.1.4. Oigheann aeráilte chun eiseamail a thriomú ag 105 ± 3ºC.

I.3.1.5. Meá anailíseach, ag a bhfuil 0,0002 g beachtais.

I.3.1.6. Fearas eastósctha Soxhlet agus fearais eile a thugann torthaí comhionanna.

*I.3.2. Imoibrithe*

I.3.2.1. Peitriliam éadrom, athdhriogtha, fiuchraon idir 40ºC agus 60ºC.

I.3.2.2. Tá imoibrithe eile sonraithe faoi na ceannteidil iomchuí i ngach modh.

Ba cheart go mbeadh na himoibrithe go léir a úsáidtear íon go ceimiceach.

I.3.2.3. Uisce driogtha nó dí-ianaithe.

I.3.2.4. Aicéatón.

I.3.2.5. Aigéad ortafosfarach.

I.3.2.6. Úiré.

I.3.2.7. Décharbónáit sóidiam.

*I.4. Atmaisféar don chomhoiriúnú agus don tástáil*

Toisc go gcinntear na maiseanna tirime, ní gá an t-eiseamal a chomhoiriúnú ná anailís a dhéanamh in atmaisféar comhoiriúnaithe.

*I.5. Sampla tástála saotharlainne*

Roghnaigh sampla tástála saotharlainne atá ionadaíoch don bhulcshampla saotharlainne agus atá leordhóthanach le go soláthróidh sé na heiseamail go léir is gá. Beidh ar a laghad 1 g i ngach eiseamal.

*I.6. An sampla tástála saotharlainne a réamhchóireáil*[25]

I gcás ina mbeidh an tsubstaint nach bhfuil le cur san áireamh sna ríomhanna céatadánacha (féach Airteagal 16 den Rialachán seo) i láthair, asbhainfear é i dtús báire trí mhodh oiriúnach nach n-imreoidh aon tionchar ar na comhábhair shnáithíneacha.

Chun na críche sin, asbhain aon ábhar neamhshnáithíneach is féidir a eastósc le peitriliam éadrom agus uisce trí bhíthin an sampla aerthriomaithe a chóireáil i bhfearas eastósctha Soxhlet le peitriliam éadrom ar feadh 60 nóiméad ar a laghad, ag íosráta sé thimthriall in aghaidh na huaire an chloig. Lig don pheitriliam éadrom galú as an sampla, ansin eastósctar é trí chóireáil dhíreach, is é sin le rá an t-eiseamal a chur ar maos in uisce atá ag teocht an tseomra ar feadh 60 nóiméad agus ansin é a chur ar maos in uisce ag 65 ± 5°C go ceann uair an chloig eile agus an licéar á chorraí ó am go chéile. Úsáid cóimheas licéir-eiseamail 100:1. Bain an t-uisce breise as an sampla trí fhascadh, súchán nó lártheifneoiriú; ansin, lig don sampla aerthriomú.

I gcás leastolaifín nó meascáin snáithíní ina bhfuil leastolaifín agus snáithíní eile (olann, fionnadh ainmhíoch, síoda, cadás, líon, fíorchnáib, siúit, cnáib mhainileach, alfa, coighir, giolcach shléibhe, ráimí, siseal, copró, modal, próitéin, vioscós, aicrileach, polaimíd nó níolón, poileistear, leaist-ileistear), athrófar beagán an modh oibre a bhfuil tuairisc air thuas, i.e. cuirfear aiceatón in ionad an pheitriliam éadroim.

25 Féach Caibidil 1.1

Más rud é nach féidir ábhar neamhshnáithíneach a eastósc le peitriliam éadrom agus uisce, asbhainfear é, de rogha ar an modh ina n-úsáidtear uisce a bhfuil tuairisc air thuas, trí mhodh oiriúnach nach ndéanann aon athrú substainteach ar aon cheann de na comhábhair shnáithíneacha. Tabhair faoi deara, áfach, nach n-asbhainfear na substaintí nádúrtha neamhshnáithíneacha go léir tríd an ngnáth-réamhchóireáil le peitriliam agus uisce i gcás roinnt snáithíní glasraí nádúrtha neamhthuartha (e.g. siúit, coighir); mar sin féin, ní dhéantar réamhchóireáil sa bhreis ach amháin sa chás nach bhfuil bailchríocha atá dothuaslagtha i bpeitriliam éadrom agus in uisce araon sa sampla.

Ar áireamh sna tuarascálacha anailíse beidh gach sonra faoi na modhanna réamhchóireála arna n-úsáid.

*I.7. An modh oibre*

*I.7.1. Treoracha ginearálta*

*I.7.1.1. Triomú*

Déan an triomú ar fad le linn tréimhse nach giorra ná ceithre huaire an chloig agus nach faide ná 16 huaire an chloig ag 105 ± 3ºC in oigheann aeráilte agus bíodh doras an oighinn dúnta le linn na tréimhse sin ar fad. Más giorra tréimhse an triomaithe ná 14 huaire an chloig, ní mór an t-eiseamal a mheá lena chinneadh cibé an bhfuil a mhais tairiseach nó nach bhfuil. Is féidir a mheas go bhfuil an mhais tairiseach, más rud é gur lú an t-athrúchán maise, tar éis tréimhse eile triomaithe 60 nóiméad, ná 0,05%.

Ná láimhseáil na breogáin, meábhuidéil, eiseamail ná iarmhair leis na lámha nochta agus próiseas an triomaithe, an fhuaraithe agus an mheáite ar siúl.

Triomaigh na heiseamail i meábhuidéal agus bíodh clúdach an bhuidéil in aice leis san oigheann. Tar éis an triomaithe, cuir stopallán sa mheábhuidéal sula mbaintear amach as an oigheann é, agus aisitrigh isteach sa triomadán go tapa é.

Triomaigh an scagbhreogán i meábhuidéal agus bíodh clúdach an bhuidéil in aice leis san oigheann. Tar éis an triomaithe, dún an meábhuidéal agus aisitrigh isteach sa triomadán go tapa é.

I gcás gur fearas nach scagbhreogán é atá á úsáid, déanfar an triomú san oigheann chun go gcinnfear mais thirim na snáithíní gan aon chailliúint.

*I.7.1.2. Fuarú*

Déan an fuarú ar fad sa triomadán agus bíodh an triomadán in aice leis an meá, go dtí go mbeidh na meábhuidéil fuaraithe go huile agus go hiomlán, nó, in aon chás ar leith, le linn tréimhse nach giorra ná dhá uair an chloig.

*I.7.1.3. Meá*

Tar éis an fhuaraithe, bíodh meá an mheábhuidéil curtha i gcrích laistigh de dhá nóiméad tar éis é a thógáil amach as an triomadán; meáigh go 0,0002 g beachtais.

*I.7.2. An modh oibre*

Glac eiseamal tástála a bhfuil meáchan 1 g ar a laghad ann (de réir maise) as an sampla saotharlainne réamhchóireáilte. Gearr snáth nó éadach ina bpíosaí tuairim is 10 mm ar fad agus bíodh siad diosctha a oiread is féidir. Triomaigh an t-eiseamal/na heiseamail i meábhuidéal/meábhuidéil, fuaraigh sa triomadán é/iad agus meáigh é/iad. Aistrigh an t-eiseamal/na heiseamail isteach sa soitheach/sna soithí gloine atá sonraithe faoin gceannteideal iomchuí den mhodh Comhphobail agus meáigh an meábhuidéal/na meábhuidéil arís láithreach agus ríomh mais thirim/maiseanna tirime an eiseamail/na n-eiseamal de réir difríochta; cuir an tástáil i gcrích mar atá sonraithe faoin gceannteideal iomchuí den mhodh is infheidhme. Scrúdaigh an t-iarmhar le micreascóp chun a fhíorú go bhfuil an chóireáil tar éis an snáithín/na snáithíní intuaslagtha a bhaint.

*I.8. Na torthaí a ríomh agus a shloinneadh*

Sloinn mais gach comhábhair mar chéatadán de mhais iomlán na snáithíní sa mheascán. Ríomh na torthaí i bhfianaise mais thirim ghlan arna coigeartú (a) ag an ngnáthchion ceadaithe agus (b) ag na fachtóirí ceartúcháin is gá chun cailliúint ábhair neamhshnáithíní le linn na réamhchóireála agus na hainilíse a chur san áireamh.

*I.8.1. Céatadán de na maiseanna snáithíní tirime glana a ríomh, gan aon mhais snáithíní a cailleadh a chur san áireamh.*

I.8.1.1. - LEAGAN 1 -

Foirmlí le cur i bhfeidhm áit a bhaintear comhábhar meascáin as eiseamal amháin agus comhábhar eile as an dara heiseamal:

$$P_1\% = \left[\frac{d_2}{d_1} - d_2 \times \frac{r_1}{m_1} + \frac{r_2}{m_2} \times \left(1 - \frac{d_2}{d_1}\right)\right] \times 100$$

$$P_2\% = \left[\frac{d_4}{d_3} - d_4 \times \frac{r_2}{m_2} + \frac{r_1}{m_1} \times \left(1 - \frac{d_4}{d_3}\right)\right] \times 100$$

$$P_3\% = 100 - \left(P_1\% + P_2\%\right)$$

P1%: céatadán den chéad chomhábhar tirim glan (an comhábhar sa chéad eiseamal tuaslagtha sa chéad imoibrí);

$P_2$%: céatadán den dara comhábhar tirim glan (an comhábhar sa dara heiseamal tuaslagtha sa dara himoibrí);

$P_3$%: céatadán den tríú comhábhar tirim glan (an comhábhar sa dá eiseamal nach bhfuil tuaslagtha);

$m_1$: mais thirim an chéad eiseamail tar éis na réamhchóireála;

$m_2$: mais thirim an dara heiseamal tar éis na réamhchóireála;

$r_1$: mais thirim an iarmhair tar éis an chéad chomhábhar a bhaint as an gcéad eiseamal sa chéad imoibrí;

$r_2$: mais thirim an iarmhair tar éis an dara comhábhar a bhaint as an dara heiseamal sa dara himoibrí;

$d_1$: an fachtóir ceartúcháin lena gcuirtear san áireamh mais an dara comhábhar nár tuaslagadh sa chéad eiseamal agus a cailleadh sa chéad imoibrí[26];

$d_2$: an fachtóir ceartúcháin lena gcuirtear san áireamh mais an tríú comhábhar nár tuaslagadh sa chéad eiseamal agus a cailleadh sa chéad imoibrí;

$d_3$: an fachtóir ceartúcháin lena gcuirtear san áireamh mais an chéad chomhábhair nár tuaslagadh sa dara heiseamal agus a cailleadh sa dara himoibrí;

$d_4$: an fachtóir ceartúcháin lena gcuirtear san áireamh mais an tríú comhábhar nár tuaslagadh sa dara heiseamal agus a cailleadh sa dara himoibrí.

I.8.1.2. - LEAGAN 2 -

Foirmlí le cur i bhfeidhm áit a mbaintear comhábhar (a) as an gcéad eiseamal, sa chaoi is go bhfágtar an dá chomhábhar eile (b + c) mar iarmhar, agus áit a mbaintear dhá chomhábhar (a + b) as an dara heiseamal tástála, sa chaoi is go bhfágtar an tríú comhábhar (c) mar iarmhar:

$$P_1\% = 100 - (P_2\% + P_3\%)$$

$$P_2\% = 100 \times \frac{d_1 r_1}{m_1} - \frac{d_1}{d_2} \times P_3\%$$

$$P_3\% = \frac{d_4 r_2}{m_2} \times 100$$

$P_1\%$: céatadán den chéad chomhábhar tirim glan (an comhábhar sa chéad eiseamal tuaslagtha sa chéad imoibrí);

$P_2\%$: céatadán den dara comhábhar tirim glan (comhábhar atá intuaslagtha, ag an am céanna leis an gcéad chomhábhar sa dara heiseamal, sa dara himoibrí);

$P_3\%$: céatadán den tríú comhábhar tirim glan (an comhábhar sa dá eiseamal nach bhfuil tuaslagtha);

$m_1$: mais thirim an chéad eiseamail tar éis na réamhchóireála;

$m_2$: mais thirim an dara heiseamal tar éis na réamhchóireála;

$r_1$: mais thirim an iarmhair tar éis an chéad chomhábhar a bhaint as an gcéad eiseamal sa chéad imoibrí;

$r_2$: mais thirim an iarmhair tar éis an chéad chomhábhar agus an dara comhábhar a bhaint as an dara heiseamal sa dara himoibrí;

---

[26] Tá luachanna 'd' tugtha le fios i gCaibidil 2 den Iarscríbhinn seo maidir leis na modhanna éagsúla chun meascáin dhénártha a anailísiú.

$d_1$: an fachtóir ceartúcháin lena gcuirtear san áireamh mais an dara comhábhar nár tuaslagadh sa chéad eiseamal agus a cailleadh sa chéad imoibrí;

$d_2$: an fachtóir ceartúcháin lena gcuirtear san áireamh mais an tríú comhábhar nár tuaslagadh sa chéad eiseamal agus a cailleadh sa chéad imoibrí;

$d_4$: an fachtóir ceartúcháin lena gcuirtear san áireamh mais an tríú comhábhar nár tuaslagadh sa dara heiseamal agus a cailleadh sa dara himoibrí.

I.8.1.3. - LEAGAN 3 -

Foirmlí le cur i bhfeidhm áit a mbaintear dhá chomhábhar (a + b) as eiseamal, sa chaoi is go bhfágtar an tríú comhábhar (c) mar iarmhar, agus áit a mbaintear dhá chomhábhar (b + c) as eiseamal eile, sa chaoi is go bhfágtar an chéad chomhábhar (a) mar iarmhar:

$$P_1\% = \frac{d_3 r_2}{m_2} \times 100$$

$$P_2\% = 100 - (P_1\% + P_3\%)$$

$$P_3\% = \frac{d_2 r_1}{m_1} \times 100$$

$P_1\%$: céatadán den chéad chomhábhar tirim glan (an comhábhar tuaslagtha san imoibrí);

$P_2\%$: céatadán den dara comhábhar tirim glan (an comhábhar tuaslagtha san imoibrí);

$P_3\%$: céatadán den tríú comhábhar tirim glan (an comhábhar tuaslagtha sa dara heiseamal san imoibrí);

$m_1$: mais thirim an chéad eiseamail tar éis na réamhchóireála;

$m_2$: mais thirim an dara heiseamal tar éis na réamhchóireála;

$r_1$: mais thirim an iarmhair tar éis an chéad chomhábhar agus an dara comhábhar a bhaint as an gcéad eiseamal sa chéad imoibrí;

$r_2$: mais thirim an iarmhair tar éis an dara comhábhar agus an tríú comhábhar a bhaint as an dara heiseamal sa dara himoibrí;

$d_2$: an fachtóir ceartúcháin lena gcuirtear san áireamh mais an tríú comhábhar nár tuaslagadh sa chéad eiseamal agus a cailleadh sa chéad imoibrí;

$d_3$: an fachtóir ceartúcháin lena gcuirtear san áireamh mais an chéad chomhábhair nár tuaslagadh sa dara heiseamal agus a cailleadh sa dara himoibrí.

I.8.1.4. - LEAGAN 4 -

Foirmlí le cur i bhfeidhm áit a mbaintear dhá chomhábhar ceann ar cheann as an meascán ag úsáid an eiseamail chéanna:

$$P_1\% = 100 - (P_2\% + P_3\%)$$

$$P_2\% = \frac{d_1 r_1}{m} \times 100 - \frac{d_1}{d_2} \times P_3\%$$

$$P_3\% = \frac{d_3 r_2}{m} \times 100$$

$P_1\%$: céatadán den chéad chomhábhar tirim glan (an chéad chomhábhar intuaslagtha);

$P_2\%$: céatadán den dara comhábhar tirim glan (an dara comhábhar intuaslagtha);

$P_3\%$: céatadán den tríú comhábhar tirim glan (an comhábhar dothuaslagtha);

m: mais thirim an eiseamail tar éis na réamhchóireála;

$r_1$: mais thirim an iarmhair tar éis an chéad chomhábhar a bhaint sa chéad imoibrí;

$r_2$: mais thirim an iarmhair tar éis an chéad chomhábhar agus an dara comhábhar a bhaint sa chéad imoibrí agus sa dara himoibrí;

$d_1$: an fachtóir ceartúcháin lena gcuirtear san áireamh mais an dara comhábhar a cailleadh sa chéad imoibrí;

$d_2$: an fachtóir ceartúcháin lena gcuirtear san áireamh mais an tríú comhábhar a cailleadh sa chéad imoibrí;

$d_3$: an fachtóir ceartúcháin lena gcuirtear san áireamh mais an tríú comhábhar a cailleadh sa chéad imoibrí agus sa dara himoibrí.

*1.8.2. Céatadán gach comhábhair ar leith a ríomh arna choigeartú ag an ngnáthchion ceadaithe agus, nuair is iomchuí, ag fachtóirí ceartúcháin lena gcuirtear san áireamh an mhais a cailleadh le linn na réamhchóireála:*

Ag glacadh le:

$$A = 1 + \frac{a_1 + b_1}{100} \quad B = 1 + \frac{a_2 + b_2}{100} \quad C = 1 + \frac{a_3 + b_3}{100}$$

tá:

$$P_{1A}\% = \frac{P_1 A}{P_1 A + P_2 B + P_3 C} \times 100$$

$$P_{2A}\% = \frac{P_2 B}{P_1 A + P_2 B + P_3 C} \times 100$$

$$P_{3A}\% = \frac{P_3 C}{P_1 A + P_2 B + P_3 C} \times 100$$

$P_1A\%$: céatadán den chéad chomhábhar tirim glan, an cion taise agus an mhais a cailleadh le linn na réamhchóireála san áireamh;

$P_2A\%$: céatadán den dara comhábhar tirim glan, an cion taise agus an mhais a cailleadh le linn na réamhchóireála san áireamh;

$P_3A\%$: céatadán den tríú comhábhar tirim glan, an cion taise agus an mhais a cailleadh le linn na réamhchóireála san áireamh;

$P_1$: céatadán den chéad chomhábhar tirim glan a fuarthas de réir foirmle amháin as na foirmlí atá tugtha in I.8.1.

$P_2$: céatadán den dara comhábhar tirim glan a fuarthas de réir foirmle amháin as na foirmlí atá tugtha in I.8.1.

$P_3$: céatadán den tríú comhábhar tirim glan a fuarthas de réir foirmle amháin as na foirmlí atá tugtha in I.8.1.

$a_1$: an gnáthchion ceadaithe le haghaidh an chéad chomhábhair;

$a_2$: an gnáthchion ceadaithe le haghaidh an dara comhábhar;

$a_3$: an gnáthchion ceadaithe le haghaidh an tríú comhábhar;

$b_1$: céatadán de mhais an chéad chomhábhair a cailleadh le linn na réamhchóireála;

$b_2$: céatadán de mhais an dara comhábhar a cailleadh le linn na réamhchóireála;

$b_3$: céatadán de mhais an tríú comhábhar a cailleadh le linn na réamhchóireála;

I gcás réamhchóireáil speisialta a bheith úsáidte, cinnfear luachanna $b_1$, $b_2$ agus $b_3$ más féidir, trí bhíthin an réamhchóireáil a úsáidtear san anailís a dhéanamh ar gach ceann de na comhábhair íona shnáithíneacha. Is éard atá i snáithíní íona na snáithíní sin atá saor ó gach ábhar neamhshnáithíneach seachas an t-ábhar sin a bhíonn iontu de ghnáth (ó nádúr nó i ngeall ar an bpróiseas monaróireachta) sa riocht (neamhthuartha, tuartha) ina bhfuil siad san ábhar a bhfuil anailís le déanamh air.

Mura bhfuil aon snáithín glan ar leith le fáil ar comhábhar é agus a úsáideadh i monarú an ábhair a bhfuil anailís le déanamh air, is meánluachanna $b_1$, $b_2$ agus $b_3$ arna bhfáil i dtástálacha arna ndéanamh ar shnáithíní glana atá comhchosúil leis na snáithíní sa mheascán faoi scrúdú a úsáidfear.

Má dhéantar an ghnáth-réamhchóireáil trí eastóscadh le peitriliam éadrom agus uisce, is féidir neamhshuim a dhéanamh d'fhachtóirí ceartúcháin $b_1$, $b_2$ agus $b_3$ de ghnáth, ach amháin i gcás cadáis neamhthuartha, lín neamhthuartha, agus cnáibe neamhthuartha; sná cásanna sin, glactar leis, de réir gnáis, gurb é 4% an chailliúint i ngeall ar an réamhchóireáil, agus 1% i gcás polapróipiléine.

I gcás snáithíní eile, is é an gnás é go gcuirtear cailliúintí i ngeall ar an réamhchóireáil as an áireamh.

*I.8.3. Nóta*

Tugtar samplaí de ríomhanna i gCaibidil 3.V.

**II. Modh chun anailís chainníochtúil a dhéanamh trí mheascáin thrínártha snáithíní a dheighilt de láimh**

*II.1. Réimse feidhme*

Tá an modh seo infheidhme maidir le snáithíní teicstíle den uile chineál ar choinníoll nach dlúthmheascán iad agus gur féidir iad a dheighilt de láimh.

*II.2. Prionsabal*

I ndiaidh comhábhair na teicstíle a shainaithint, asbhaintear an t-ábhar neamhshnáithíneach trí réamhchóireáil oiriúnach, deighiltear na snáithíní de láimh, triomaítear iad agus meáitear iad d'fhonn cion gach snáithín sa mheascán a ríomh.

*II.3. Fearas*

II.3.1. Meábhuidéil nó aon fhearas eile a thugann torthaí comhionanna.

II.3.2. Triomadán ina bhfuil glóthach shilice féintásctha.

II.3.3. Oigheann aeráilte chun eiseamal a thriomú ag 105 ± 3ºC.

II.3.4. Meá anailíseach, ag a bhfuil 0,0002 g beachtais.

II.3.5. Fearas eastósctha Soxhlet, nó fearas eile a thugann torthaí comhionanna.

II.3.6. Snáthaid.

II.3.7. Tástálaí casnóige nó fearas comhchosúil.

*II.4. Imoibrithe*

II.4.1. Peitriliam éadrom, athdhriogtha, fiuchraon idir 40ºC agus 60ºC.

II.4.2. Uisce driogtha nó dí-ianaithe.

*II.5. Atmaisféar don chomhoiriúnú agus don tástáil*

Féach I.4.

*II.6. Sampla tástála saotharlainne*

Féach I.5.

*II.7. An sampla tástála saotharlainne a réamhchóireáil*

Féach I.6.

*II.8. An modh oibre*

*II.8.1. Anailís ar an snáth*

Glac eiseamal tástála a bhfuil mais nach éadroime ná 1 g ann as an sampla saotharlainne réamhchóireáilte. I gcás snátha atá an-mhín is féidir an anailís a dhéanamh ar fhad íosta 30 m, cibé cén mhais atá ann.

Gearr an snáth ina phiosaí a bhfuil fad oiriúnach iontu agus deighil na cineálacha snáithíní le snáthaid agus, más gá, le tástálaí casnóige. Cuirtear na cineálacha snáithíní a fhaightear ar an mbealach seo i meábhuidéil réamh-mheáite, agus triomaítear iad ag 105 ± 3ºC go dtí go mbaintear amach mais thairiseach, mar atá tuairiscithe in I.7.1 agus I.7.2.

*II.8.2. Anailís ar an éadach*

Glac eiseamal a bhfuil mais nach éadroime ná 1 g ann as an sampla tástála saotharlainne réamhchóireáilte, gan an dlúthchiumhais a áireamh, agus ar a bhfuil na ciumhaiseanna bearrtha go cúramach chun sceitheadh a sheachaint agus atá comhthreomhar le snáth an dlúith nó le snáth an innigh, nó i gcás fabraicí cniotáilte, atá comhthreomhar leis na buinní agus na cúrsaí. Deighil na cineálacha éagsúla snáithíní, cruinnigh i meábhuidéil réamh-mheáite iad agus lean ar aghaidh ar an mbealach atá tuairiscithe in II.8.1.

*II.9. Na torthaí a ríomh agus a shloinneadh*

Sloinn mais gach comhábhair shnáithínigh mar chéatadán de mhais iomlán na snáithíní atá sa mheascán. Ríomh na torthaí i bhfianaise mais thirim ghlan arna coigeartú (a) ag an gnáthchion ceadaithe agus (b) ag na fachtóirí ceartúcháin is gá chun an mhais a chailltear le linn na réamhchóireála a chur san áireamh.

*II.9.1. Céatadán de na maiseanna snáithíní tirime glana a ríomh, gan aon mhais snáithíní a cailleadh a chur san áireamh:*

$$P_1\% = \frac{100\,m_1}{m_1 + m_2 + m_3} = \frac{100}{1 + \frac{m_2 + m_3}{m_1}}$$

$$P_2\% = \frac{100\,m_2}{m_1 + m_2 + m_3} = \frac{100}{1 + \frac{m_1 + m_3}{m_2}}$$

$$P_3\% = 100 - \left(P_1\% + P_2\%\right)$$

$P_1\%$: céatadán den chéad chomhábhar tirim glan;

$P_2\%$: céatadán den dara comhábhar tirim glan;

$P_3\%$: céatadán den tríú comhábhar tirim glan;

$m_1$: mais thirim ghlan an chéad chomhábhair;

$m_2$: mais thirim ghlan an dara comhábhar;

$m_3$: mais thirim ghlan an tríú comhábhar;

*II.9.2. Céatadán gach comhábhair ar leith a ríomh arna choigeartú ag an ngnáthchion ceadaithe agus, nuair is iomchuí, ag fachtóirí ceartúcháin lena gcuirtear san áireamh an mhais a cailleadh le linn na réamhchóireála:* féach I.8.2.

**III. Modh chun anailís chainníochtúil a dhéanamh ar mheascáin thrínártha snáithíní trí mheascán de dheighilt de láimh agus deighilt cheimiceach**

Nuair is féidir, déanfar an deighilt de láimh, agus cuirfear san áireamh cionmhaireachtaí na gcomhábhar arna ndeighilt sula dtosófar ar aon chóireáil cheimiceach a dhéanamh ar gach comhábhar ar leith.

**IV.1. Beachtas na modhanna**

Baineann an beachtas a bhfuil tuairisc déanta air i ngach modh chun anailís a dhéanamh ar mheascáin dhénártha le hin-atáirgtheacht (féach Caibidil 2 a bhaineann le modhanna áirithe chun anailís chainníochtúil a dhéanamh ar mheascáin dhénártha de shnáithíní teicstíle).

Is le hiontaofacht a bhaineann an in-atáirgtheacht, i.e. a chomhchosúla is atá na luachanna turgnamhacha arna bhfáil ag oibreoirí i saotharlanna éagsúla nó ag amanna éagsúla agus úsáid á baint as an modh céanna ach ag gnóthú torthaí éagsúla le heiseamail ar meascán aonchineálach comhionann iad.

Sloinntear an in-atáirgtheacht le teorainneacha muiníne na dtorthaí i gcás leibhéal muiníne 95%.

Is éard a chiallaíonn an méid seo nach sárófaí an difríocht idir dhá thoradh i sraith anailísí arna ndéanamh i saotharlanna éagsúla, ar choinníoll go gcuirfí an modh i bhfeidhm ar an ngnáthbhealach mar is cuí ar mheascán aonfhoirmeach comhionann, ach i gcúig chás as céad cás.

Chun beachtas na hanailíse ar mheascán trínártha a chinneadh cuirtear i bhfeidhm ar an ngnáthbhealach na luachanna a bhfuil tuairisc orthu sna modhanna chun anailís a dhéanamh ar mheascáin dhénártha a úsáideadh chun anailís a dhéanamh ar an meascán trínártha.

Ós rud é go gcuimsítear dhá thuaslagadh sna ceithre leagan den anailís chainníochtúil cheimiceach ar mheascáin thrínártha (agus dhá eiseamal ar leith á úsáid sna chéad trí leagan agus eiseamal amháin sa ceathrú leagan) agus, ag glacadh leis go gciallaíonn $E_1$ agus $E_2$ beachtas an dá mhodh chun anailís a dhéanamh ar mheascáin dhénártha, taispeántar beachtas na dtorthaí i gcás gach comhábhair sa tábla seo a leanas:

| Comhábhar snáithíneach | Leaganacha | | |
|---|---|---|---|
| | 1 | 2 agus 3 | 4 |
| a | $E_1$ | $E_1$ | $E_1$ |
| b | $E_2$ | $E_1+E_2$ | $E_1+E_2$ |
| c | $E_1+E_2$ | $E_2$ | $E_1+E_2$ |

I gcás go n-úsáidtear an ceathrú leagan, d'fhéadfadh an leibhéal beachtais a bheith faoi bhun an leibhéil sin a ríomhtar tríd an modh atá tuairiscithe thuas, i ngeall ar imoibriú a d'fhéadfadh

an chéad imoibrí a dhéanamh ar an iarmhar ina bhfuil comhábhair b agus c, rud a bheadh deacair a mheas.

**IV.2. Turascáil ar an tástáil**

IV.1. Tabhair le fios an leagan/na leaganacha a úsáideadh chun an anailís a dhéanamh, na modhanna, na himoibrithe agus na fachtóirí ceartúcháin.

IV.2. Má bhí aon réamhchóireáil ann, luaigh na sonraí ina taobh (féach I.6).

IV.3. Luaigh na torthaí aonair agus an meán uimhríochtúil, gach aon cheann acu ceart go dtí an chéad ionad deachúil.

IV.4. In aon chás inar féidir, luaigh beachtas an mhodha i gcás gach comhábhair, á ríomh de réir an tábla i roinn IV.1.

**V. Samplaí den ríomh ar chéatadáin de na comhábhair i meascáin áirithe thrínártha ag úsáid roinnt de na leaganacha atá tuairiscithe i bpointe I.8.1.**

Ag glacadh le cás inar aimsíodh na comhábhair seo a leanas i meascán snáithíní agus anailís déanta air go cáilíochtúil maidir le comhdhéanamh amhábhar: 1. olann chardáilte; 2. níolón (polaimíd); 3. cadás neamhthuartha.

- LEAGAN 1 -

Is féidir na torthaí seo a leanas a fháil tríd an leagan seo a úsáid, is é sin dhá eiseamal dhifriúla a úsáid agus comhábhar amháin (a = olann) a bhaint as an gcéad eiseamal trí thuaslagadh agus an dara comhábhar (b = polaimíd) as an dara heiseamal:

1. Mais thirim an chéad eiseamail tar éis réamhchóireála ($m_1$) = 1,6000g

2. Mais thirim an iarmhair tar éis é a réamhchóireáil le fochlóirít sóidiam alcaileach (polaimíd+cadás) ($r_1$) = 1,4166 g

3. Mais thirim an dara heiseamal tar éis na réamhchóireála ($m_2$) = 1,8000 g

4. Mais thirim an iarmhair tar éis é a réamhchóireáil le haigéad formach (olann+cadás) ($r_2$) = 0,9000 g

Ní chiallaíonn cóireáil le fochlóirít sóidiam alcaileach go gcailltear aon mhais i bpolaimíd, ach go gcailleann cadás neamhthuartha 3%, dá bhrí sin $d_1$ = 1,0 agus $d_2$ = 1,03.

Ní chiallaíonn cóireáil le haigéad formach go gcailltear aon mhais in olann ná i gcadás neamhthuartha, dá bhrí sin $d_3$ agus $d_4$ = 1,0.

Má úsáidtear na luachanna a fhaightear trí anailís cheimiceach agus na fachtóirí ceartúcháin san fhoirmle faoi I.8.1.1., faightear an toradh seo a leanas:

$P_1$% (olann) = [1,03/1,0 – 1,03×1,4166/1,6000 + 0,9000/1,8000 × (1 – 1,03 / 1,0)] ×100 = 10,30

$P_2$% (polaimíd) = [1,0 / 1,0 – 1,0×0,9000 / 1,8000 + 1,4166 / 1,6000 × (1– 1,0 /1,0)] ×100 = 50,00

$P_3$% (cadás) = 100–(10,30 + 50,00) = 39,70

Is iad seo a leanas na céatadáin de na snáithíní tirime glana éagsúla sa mheascán:

| | |
|---|---|
| olann | 10,30% |
| polaimíd | 50,00% |
| cadás | 39,70% |

Ní mór na céatadáin sin a cheartú de réir na foirmle in I.8.2., chun an gnáthchion ceadaithe agus na fachtóirí ceartúcháin a chur san áireamh i gcás aon mhais a cailleadh tar éis na réamhchóireála.

Mar atá tugtha le fios in Iarscríbhinn IX, is é seo a leanas an gnáthchion ceadaithe do na hábhair seo a leanas: olann chardáilte 17,0%, polaimíd 6,25%, cadás 8,5%, léiríonn cadás neamhthuartha cailliúint 4% maise freisin, tar éis na réamhchóireála le peitriliam éadrom agus uisce.

Dá bhrí sin:

$P_1A$% (olann) = 10,30×[1+(17,0+0,0)/100] / [10,30×(1+ (17,0+0,0)/100) + 50,00× (1+ (6,25+0,0)/100) + 39,70×(1+(8,5+4,0 /100)] × 100 = 10,97

$P_2A$% (polaimíd) = 50,0 × (1+ (6,25+0,0)/100) /109,8385 ×100 = 48,37

$P_3A$% (cadás) = 100 - (10,97 + 48,37) = 40,66

Is mar seo a leanas comhdhéanamh na n-amhábhar sa snáth dá bhrí sin:

| | |
|---|---|
| polaimíd | 48,4% |
| cadás | 40,6% |
| olann | 11,0% |
| | 100,0% |

- LEAGAN 4 -

Ag glacadh le cás inar aimsíodh na comhábhair seo a leanas i meascán snáithíní agus anailís cháilíochtúil déanta orthu: olann chardáilte, vioscós, cadás neamhthuartha.

Má ghlactar leis go bhfaightear na torthaí seo a leanas agus leagan 4 á úsáid, is é sin dhá chomhábhar faoi seach a bhaint as meascán d'eiseamal amháin:

1. Mais thirim an eiseamail tar éis na réamhchóireála ($m_1$) = 1,6000 g

2. Mais thirim an iarmhair tar éis é a réamhchóireáil le fochlóirít sóidiam alcaileach (vioscós+cadás) ($r_1$) = 1,4166 g

3. Mais thirim an iarmhair tar éis an t-iarmhar $r_1$ a chóireáil den dara huair le clóiríd since/aigéad formach (cadás)

$(r_2) = 0,6630$ g

Ní chiallaíonn cóireáil le fochlóirít sóidiam alcaileach go gcailltear aon mhais i vioscós, ach go gcailleann cadás neamhthuartha 3%, dá bhrí sin $d_1 = 1,0$ agus $d_2 = 1,03$.

Mar thoradh ar an gcóireáil le haigéad formach-clóiríd since, tagann méadú 4% ar mhais an chadáis, sa chaoi is go bhfuil $d_3 = 1,03\times0,96 = 0,9888$, slánaithe suas go dtí 0,99, (is ionann $d_3$ agus an fachtóir ceartúcháin i gcás an mhais a cailleadh nó a cruthaíodh sa tríú comhábhar sa chéad imoibrí agus sa dara himoibrí).

Má úsáidtear na luachanna a fhaightear trí anailís cheimiceach agus na fachtóirí ceartúcháin san fhoirmle in I.8.1.4., faightear an toradh seo a leanas:

$P_2\%$ (vioscós) = $1,0\times1,4166 / 1,6000 \times100 – 1,0 / 1,03 \times40,98=48,75\%$

$P_3\%$ (cadás) = $0,99\times0,6630 / 1,6000 \times 100= 41,02\%$

$P_1\%$ (olann) = $100 - (48,75 + 41,02) = 10,23\%$

Mar atá tugtha le fios cheana i gcás Leagan 1, ní mór na céatadáin sin a cheartú de réir na foirmle atá luaite i bpointe I.8.2.

$P_1A\%$ (olann) = $10,23 \times [1 + (17,0+0,0 / 100)]/[10,23\times(1+ (17,00+0,0)/100) +48,75\times(1+(13+0,0 / 100) + 41,02\times(1+(8,5+4,0)/ 100)] \times 100 = 10,57\%$

$P_2A\%$(vioscós) = $48,75\times [1+(13+0,0) / 100] / 113,2041 \times100 = 48,65\%$

$P_3A\%$ (cadás) = $100 - (10,57 + 48,65) = 40,78\%$

Is mar seo a leanas comhdhéanamh na n-amhábhar sa mheascán dá bhrí sin:

| | |
|---|---|
| vioscós | 48,6% |
| cadás | 40,8% |
| olann | 10,6% |
| | ______ |
| | 100,0% |

**VI. Tábla ina léirítear meascáin shamplacha thrínártha a bhféadfaí anailís a dhéanamh orthu le modhanna comhphobail chun anailís a dhéanamh ar mheascáin dhénártha (chun críoch léirithe)**

| Uimh. Meascáin | Comhábhair shnáithíneacha | | | Leagan | Uimhir an mhodha arna úsáid agus imoibrí do na meascáin dhénártha |
|---|---|---|---|---|---|
| | Comhábhar 1 | Comhábhar 2 | Comhábhar 3 | | |
| 1. | olann nó fionnadh | vioscós, copró nó cineálacha áirithe modal | cadás | 1 agus/ nó 4 | 2. (fochlóirít sóidiam alcaileach) agus 3 (clóiríd since/aigéad formach) |
| 2. | olann nó fionnadh | polaimíd 6 nó 6-6 | cadás, vioscós, copró nó modal | 1 agus/ nó 4 | 2. (fochlóirít sóidiam alcaileach) agus 4. (aigéad formach, 80% m/m) |
| 3. | olann, fionnadh nó síoda | clórashnáithíní áirithe | vioscós, copró, modal nó cadás | 1 agus/ nó 4 | 2. (fochlóirít sóidiam alcaileach) agus 9 (déshuilfíd charbóin/aicéatón 55,5/44,5 v/v) |
| 4. | olann nó fionnadh | polaimíd 6 nó 6-6 | poileistear, polapróipiléin, aicrileach nó snáithín gloine | 1 agus/ nó 4 | 2. (fochlóirít sóidiam alcaileach) agus 4. (aigéad formach, 80% m/m) |
| 5. | olann, fionnadh nó síoda | clórashnáithíní áirithe | poileistear, aicrileach, polaimíd nó snáithín gloine | 1 agus/ nó 4 | 2. (fochlóirít sóidiam alcaileach) agus 9 (déshuilfíd charbóin/aicéatón 55,5/44,5 v/v) |
| 6. | síoda | olann nó fionnadh | poileistear | 2 | 11. (aigéad sulfarach 75% m/m) agus 2. (fochlóirít sóidiam alcaileach) |
| 7. | polaimíd 6 nó | aicrileach | cadás, vioscós, copró | 1 agus/ | 4. (aigéad formach 80% m/m) agus 8. (démheitiolformaimíd) |

| Uimh. Meascáin | Comhábhair shnáithíneacha | | | Leagan | Uimhir an mhodha arna úsáid agus imoibrí do na meascáin dhénártha |
|---|---|---|---|---|---|
| | Comhábhar 1 | Comhábhar 2 | Comhábhar 3 | | |
| | 6-6 | | nó modal | nó 4 | |
| 8. | clórashnáithíní áirithe | polaimíd 6 nó 6-6 | cadás, vioscós, copró nó modal | 1 agus/ nó 4 | 8. (démheitiolformaimíd) agus 4. (aigéad formach, 80% m/m)<br><br>nó 9. (déshuilfíd charbóin/aicéatón, 55,5/44,5% v/v) agus 4. (aigéad formach, 80% m/m) |
| 9. | aicrileach | polaimíd 6 nó 6-6 | poileistear | 1 agus/ nó 4 | 8. (démheitiolformaimíd) agus 4. (aigéad formach, 80% m/m) |
| 10. | aicéatáit | polaimíd 6 nó 6-6 | vioscós, cadás, copró nó modal | 4 | 1. (aicéatón) agus 4. (aigéad formach, 80% m/m) |
| 11. | clórashnáithíní áirithe | aicrileach | polaimíd | 2 agus/ nó 4 | 9. (déshuilfíd charbóin/aicéatón, 55,5/44,5% v/v) agus 8. (démheitiolformaimíd) |
| 12. | clórashnáithíní áirithe | polaimíd 6 nó 6-6 | aicrileach | 1 agus/ nó 4 | 9. (déshuilfíd charbóin/aicéatón, 55,5/44,5% v/v) agus 4. (aigéad formach, 80% m/m) |
| 13. | polaimíd 6 nó 6-6 | vioscós, copró, modal nó cadás | poileistear | 4 | 4. (aigéad formach, 80% m/m) agus 7. (aigéad sulfarach, 75% m/m) |
| 14. | aicéatáit | vioscós, copró, modal nó cadás | poileistear | 4 | 1. (aicéatón) agus 7 (aigéad sulfarach, 75% m/m) |
| 15. | aicrileach | vioscós, copró, | poileistear | 4 | 8. (démheitiolformaimíd) agus 7 (aigéad sulfarach, 75% m/m) |

| Uimh. Meascáin | Comhábhair shnáithíneacha | | | Leagan | Uimhir an mhodha arna úsáid agus imoibrí do na meascáin dhénártha |
|---|---|---|---|---|---|
| | Comhábhar 1 | Comhábhar 2 | Comhábhar 3 | | |
| | | modal nó cadás | | | |
| 16. | aicéatáit | olann, fionnadh nó síoda | cadás, vioscós, copró, modal, polaimíd, poileistear, aicrileach | 4 | 1. (aicéatón) agus 2. (fochlóirít sóidiam alcaileach) |
| 17. | trí-aicéatáit | olann, fionnadh nó síoda | cadás, vioscós, copró, modal, polaimíd, poileistear, aicrileach | 4 | 6. (déchlóraimeatán) agus 2. (fochlóirít sóidiam alcaileach) |
| 18. | aicrileach | olann, fionnadh nó síoda | poileistear | 1 agus/ nó 4 | 8. (démheitiolformaimíd) agus 2. (fochlóirít sóidiam alcaileach) |
| 19. | aicrileach | síoda | olann nó fionnadh | 4 | 8. (démheitiolformaimíd) agus 11. (aigéad sulfarach, 75% m/m) |
| 20. | aicrileach | olann, fionnadh nó síoda | cadás, vioscós, copró nó modal | 1 agus/ nó 4 | 8. (démheitiolformaimíd) agus 2 (fochlóirít sóidiam alcaileach) |
| 21. | olann, fionnadh nó síoda | cadás, vioscós, modal nó copró | poileistear | 4 | 2. (fochlóirít sóidiam alcaileach) agus 7. (aigéad sulfarach 75%) |
| 22. | vioscós, copró nó cineálacha | cadás | poileistear | 2 agus/ nó 4 | 3. (clóiríd since/aigéad formach) agus 7 (aigéad sulfarach, 75% m/m) |

| Uimh. Meascáin | Comhábhair shnáithíneacha | | | Leagan | Uimhir an mhodha arna úsáid agus imoibrí do na meascáin dhénártha |
|---|---|---|---|---|---|
| | Comhábhar 1 | Comhábhar 2 | Comhábhar 3 | | |
| | áirithe modal | | | | |
| 23. | aicrileach | vioscós, copró nó cineálacha áirithe modal | cadás | 4 | 8. (démheitiolformaimíd) agus 3 (clóiríd since/aigéad formach) |
| 24. | clórashnáithíní áirithe | vioscós, copró nó cineálacha áirithe modal | cadás | 1 agus/ nó 4 | 9. (déshuilfíd charbóin/aicéatón, 55,5/44,5% v/v) agus 3. (clóiríd since/aigéad formach) nó 8 (démheitiolformaimíd) agus 3. (clóiríd since/aigéad formach) |
| 25. | aicéatáit | vioscós, copró nó cineálacha áirithe modal | cadás | 4 | 1. (aicéatón) agus 3 (clóiríd since/aigéad formach) |
| 26. | trí-aicéatáit | vioscós, copró nó cineálacha áirithe modal | cadás | 4 | 6. (déchlóraimeatán) agus 3 (clóiríd since/aigéad formach) |
| 27. | aicéatáit | síoda | olann nó fionnadh | 4 | 1. (aicéatón) agus 11. (aigéad sulfarach, 75% m/m) |
| 28. | trí-aicéatáit | síoda | olann nó fionnadh | 4 | 6. (déchlóraimeatán) agus 11. (aigéad sulfarach, 75% m/m) |
| 29. | aicéatáit | aicrileach | cadás, vioscós, copró nó modal | 4 | 1. (aicéatón) agus 8. (démheitiolformaimíd) |
| 30. | trí-aicéatáit | aicrileach | cadás, vioscós, copró nó modal | 4 | 6. (déchlóraimeatán) agus 8. (démheitiolformaimíd) |

| Uimh. Meascáin | Comhábhair shnáithíneacha | | | Leagan | Uimhir an mhodha arna úsáid agus imoibrí do na meascáin dhénártha |
|---|---|---|---|---|---|
| | Comhábhar 1 | Comhábhar 2 | Comhábhar 3 | | |
| 31. | trí-aicéatáit | polaimíd 6 nó 6-6 | cadás, vioscós, copró nó modal | 4 | 6. (déchlóraimeatán) agus 4. (aigéad formach, 80% m/m) |
| 32. | trí-aicéatáit | cadás, vioscós, copró nó modal | poileistear | 4 | 6. (déchlóraimeatán) agus 7 (aigéad sulfarach, 75% m/m) |
| 33. | aicéatáit | polaimíd 6 nó 6-6 | poileistear nó aicrileach | 4 | 1. (aicéatón) agus 4. (aigéad formach, 80% m/m) |
| 34. | aicéatáit | aicrileach | poileistear | 4 | 1. (aicéatón) agus 8. (démheitiolformaimíd) |
| 35. | clórashnáithíní áirithe | cadás, vioscós, copró nó modal | poileistear | 4 | 8. (démheitiolformaimíd) agus 7. (aigéad sulfarach, 75% m/m)<br>nó 9 (déshuilfíd charbóin/aicéatón, 55,5/44,5% v/v) agus 7. (aigéad sulfarach, 75% m/m) |
| 36 | cadás | poileistear | leastolaifín | 2 agus/ nó 4 | 7 (aigéad sulfarach, 75% m/m) agus 14 (aigéad sulfarach tiubhaithe) |
| [37 | modaicriligh áirithe | poileistear | meilimín | 2 agus/ nó 4 | 8 (démheitiolformaimíd) agus 14 (aigéad sulfarach tiubhaithe)] |

## IARSCRÍBHINN IX

## AN CION CEADAITHE ARNA ÚSÁID CHUN MAIS SNÁITHÍNÍ ATÁ I dTÁIRGE TEICSTÍLE A RÍOMH

(Airteagal 17(2))

| Uimh. Snáithín | Snáithíní | Céatadáin |
|---|---|---|
| 1—2 | Olann agus fionnadh ainmhíoch: | |
| | snáithíní spíonta | 18,25 |
| | snáithíní cardáilte | 17,00([1]) |
| 3 | Fionnadh ainmhíoch: | |
| | snáithíní spíonta | 18,25 |
| | snáithíní cardáilte | 17,00([1]) |
| | Rón: | |
| | snáithíní spíonta | 16,00 |
| | snáithíní cardáilte | 15,00 |
| 4 | Síoda | 11,00 |
| 5 | Cadás: | |
| | gnáthshnáithíní | 8,50 |
| | snáithíní meirsirithe | 10,50 |
| 6 | Capoc | 10,90 |
| 7 | Líon | 12,00 |
| 8 | Fíorchnáib | 12,00 |
| 9 | Siúit | 17,00 |
| 10 | Cnáib mhainileach | 14,00 |
| 11 | Alfa | 14,00 |
| 12 | Coighir | 13,00 |
| 13 | Giolcach shléibhe | 14,00 |
| 14 | Ráimí (snáithín tuartha) | 8,50 |

| | | |
|---|---|---|
| 15 | Siseal | 14,00 |
| 16 | Sann | 12,00 |
| 17 | Heinicéin | 14,00 |
| 18 | Magua | 14,00 |
| 19 | Aicéatáit | 9,00 |
| 20 | Ailgionáit | 20,00 |
| 21 | Copró | 13,00 |
| 22 | Modal | 13,00 |
| 23 | Próitéin | 17,00 |
| 24 | Trí-aicéatáit | 7,00 |
| 25 | Vioscós | 13,00 |
| 26 | Aicrileach | 2,00 |
| 27 | Clórashnáithín | 2,00 |
| 28 | Fluarashnáithín | 0,00 |
| 29 | Modaicrileach | 2,00 |
| 30 | Polaimíd nó níolón: | |
| | snáithín neamhleanúnach | 6,25 |
| | filiméad | 5,75 |
| 31 | Araimíd | 8,00 |
| 32 | Poilimíd | 3,50 |
| 33 | Lióiceall | 13,00 |
| 34 | Polalachtaíd | 1,50 |
| 35 | Poileistear: | |
| | snáithín neamhleanúnach | 1,50 |
| | filiméad | 1,50 |
| 36 | Poileitiléin | 1,50 |
| 37 | Polapróipiléin | 2,00 |

| | | |
|---|---|---|
| 38 | Polacarbaimíd | 2,00 |
| 39 | Polúireatán | |
| | snáithín neamhleanúnach | 3,50 |
| | filiméad | 3,00 |
| 40 | Viniolal | 5,00 |
| 41 | Trívinil | 3,00 |
| 42 | Leaistidhé-éin | 1,00 |
| 43 | Leaisteán | 1,50 |
| 44 | Snáithín gloine: | |
| | ag a bhfuil trastomhas meánach os cionn 5 µm | 2,00 |
| | ag a bhfuil trastomhas meánach 5 µm ar a mhéad | 3,00 |
| 45 | Snáithín miotail | 2,00 |
| | Snáithín miotalaithe | 2,00 |
| | Aispeist | 2,00 |
| | Snáth páipéir | 13,75 |
| 46 | Leaist-ileistear | 1,50 |
| 47 | Leastolaifín | 1,50 |
| 48 | Meilimín | 7,00 |

(1) Cuirfear an cion ceadaithe 17,00% i bhfeidhm freisin i gcás nach féidir a fháil amach cé acu an spíonta nó cardáilte atá an táirge teicstíle ina bhfuil olann agus/nó fionnadh ainmhíoch.

(1)

## IARSCRÍBHINN X

## TÁBLAÍ COMHGHAOIL

| Treoir 96/74/CE | An Rialachán seo |
|---|---|
| Airteagal 1 | Airteagal 4(1) |
| Airteagal 2(1) | Airteagal 3(1)(a) |
| Airteagal 2(2) an abairt thosaigh | Airteagal 3(1) an abairt thosaigh |
| Airteagal 2(2) an chéad fhleasc | Airteagal 3(1)(b)(i) |
| Airteagal 2(2) an dara fleasc | Airteagal 3(1)(b)(ii) |
| Airteagal 2(3) an abairt thosaigh | Airteagal 2(1) an abairt thosaigh |
| Airteagal 2(3) an chéad fhleasc | Airteagal 2(1)(a) |
| Airteagal 2(3) an dara fleasc | Airteagal 2(1)(b) agus (c) |
| Airteagal 2(3) an tríú fleasc | Airteagal 2(1)(d) |
| Airteagal 3 | Airteagal 5 |
| Airteagal 4 | Airteagal 7 |
| Airteagal 5(1) | Airteagal 8(1) agus Iarscríbhinn III |
| Airteagal 5(2) | Airteagal 8(2) |
| Airteagal 5(3) | Airteagal 8(3) |
| Airteagal 6(1) | Airteagal 9(1) |
| Airteagal 6(2) | Airteagal 9(2) |
| Airteagal 6(3) | Airteagal 9(3) |
| Airteagal 6(4) | Airteagal 18 |
| Airteagal 6(5) | Airteagal 9(4) |
| Airteagal 7 | Airteagal 10 |
| Airteagal 8(1) | Airteagal 11(1) |
| Airteagal 8(2)(a) | Airteagal 12(1) |
| Airteagal 8(2)(b) | Airteagal 12(2) agus (3) |
| Airteagal 8(2)(c) | Airteagal 12(4) |

| | |
|---|---|
| Airteagal 8(2)(d) | - |
| Airteagal 9(1) | Airteagal 13(1) |
| Airteagal 9(2) | Airteagal 13(2) |
| Airteagal 9(3) | Airteagal 14 agus Iarscríbhinn IV |
| Airteagal 10(1)(a) | Airteagal 15(2) |
| Airteagal 10(1)(b) | Airteagal 15(3) |
| Airteagal 10(1)(c) | Airteagal 15(4) |
| Airteagal 10(2) | Airteagal 15(1) an dara fomhír |
| Airteagal 11 | Airteagal 11(2) an tríú fomhír |
| Airteagal 12 | Airteagal 16 agus Iarscríbhinn VII |
| Airteagal 13 | Airteagal 17(2) |
| Airteagal 14(1) | - |
| Airteagal 14(2) | Airteagal 4(2) |
| Airteagal 15 | Airteagal 2(2) |
| Airteagal 16 | Airteagail 19 agus 20 |
| Airteagal 17 | - |
| Airteagal 18 | - |
| Airteagal 19 | - |
| Iarscríbhinn I Uimh. 1 go hUimh. 46 | Iarscríbhinn I Uimh. 1 go hUimh. 47 |
| Iarscríbhinn II Uimh. 1 go hUimh. 46 | Iarscríbhinn IX Uimh. 1 go hUimh. 47 |
| Iarscríbhinn III | Iarscríbhinn V |
| Iarscríbhinn III pointe 36 | Airteagal 3(1)(h) |
| Iarscríbhinn IV | Iarscríbhinn VI |
| Iarscríbhinn V | - |
| Iarscríbhinn VI | - |

---

| Treoir 96/73/CE | An Rialachán seo |
|---|---|

| | |
|---|---|
| Airteagal 1 | Airteagal 1 |
| Airteagal 2 | Iarscríbhinn VIII caibidil 1 roinn I (2) |
| Airteagal 3 | Airteagal 17(2) an chéad fhomhír |
| Airteagal 4 | Airteagal 17(3) |
| Airteagal 5(1) | Airteagal 20(1) |
| Airteagal 5(2) | Airteagal 19 |
| Airteagal 6 | Airteagal 20(2) |
| Airteagal 7 | - |
| Airteagal 8 | - |
| Airteagal 9 | - |
| Iarscríbhinn I | Iarscríbhinn VIII caibidil 1 roinn I |
| Iarscríbhinn II (1) an réamhrá | Iarscríbhinn VIII caibidil 1 roinn II |
| Iarscríbhinn II (1) ranna I, II agus III | Iarscríbhinn VIII caibidil 2 ranna I, II agus III |
| Iarscríbhinn II (2) | Iarscríbhinn VIII caibidil 2 roinn IV |

---

| Treoir 73/44/CEE | An Rialachán seo |
|---|---|
| Airteagal 1 | Airteagal 1 |
| Airteagal 2 | Iarscríbhinn VIII caibidil 1 roinn I |
| Airteagal 3 | Airteagal 17(2) an chéad fhomhír |
| Airteagal 4 | Airteagal 17(3) |
| Airteagal 5 | Airteagail 19 agus 20 |
| Airteagal 6 | - |
| Airteagal 7 | - |
| Iarscríbhinn I | Iarscríbhinn VIII caibidil 3 an réamhrá agus ranna I go IV |
| Iarscríbhinn II | Iarscríbhinn VIII caibidil 3 roinn V |
| Iarscríbhinn III | Iarscríbhinn VIII caibidil 3 roinn VI |